



An Plean Comhtháite Forfheidhmithe 2019-2024

*An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2,
D02 WT20.*

Nollaig 2019.

1 Réamhrá	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Riachtanas maidir le Plean Comhtháite Forfheidhmithe	2
1.3 Ábhar an Phlean Forfheidhmithe	2
1.4 Próiseas an Phlean	3
2 Cúlra an Phlean Forfheidhmithe	4
2.1 Brú Tráchta	4
2.2 An Comhshaoil	4
2.3 Pleanáil Spásúil	7
3 Raon an Phlean Forfheidhmithe	9
3.1 Cur Chuige	9
4 Clár Foriomlán Infheistíochta Bonneagair	11
4.1 Réamhrá	11
4.2 An Cistiú atá ar Fáil	11
4.3 Réimsí Tosaíochta maidir le hInfheistíocht	12
4.4 Cur Chuige Foriomlán an Chláir	15
4.5 Ceisteanna Inrochtaineachta	16
4.6 Cúrsaí Comhshaoil	16
5 Infheistíocht i mBusanna	22
5.1 Cúlra	22
5.2 Cuspóirí agus Gnéithe	22
5.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta	23
5.4 Conairí Bus Lárnacha – BusConnects Bhaile Átha Cliath	24
5.5 Flít na mBusanna	27
5.6 Stadanna agus Scáthláin Bus	29
6 Infheistíocht san Iarnród Éadrom	31
6.1 Cúlra	31
6.2 Cuspóirí	31
6.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta	32
6.4 MetroLink	32
6.5 Feabhsúcháin Flít agus Ghréasáin	34
6.6 Forbairt Ghréasáin	34
7 Infheistíocht san Iarnród Trom	36

7.1	Cúlra	36
7.2	Cuspóirí	36
7.3	Réimsí Infheistíochta atá Molta	37
7.4	Réimsí Infheistíochta	38
8	Bearta Comhtháthaithe agus Infheistíocht san Iompar Inbhuanaithe	43
8.1	Cúlra	43
8.2	Cuspóirí	43
8.3	Réimsí Infheistíochta atá Molta	44
8.4	Rotháíocht / Siúl	45
8.5	Bainistíocht Tráchta	47
8.6	Sábháilteacht	49
8.7	Bearta Comhtháthaithe	50
8.8	Bearta Inrochtaineachta	50
9	Plean Seirbhíse Comhtháite	51
9.1	Réamhrá	51
9.2	BusConnects – Athbhreithnithe ar an nGréasán Uirbeach	52
9.3	Seirbhísí Iarnróid	57
9.4	Córais do Chustaiméirí Iarnróid	59
9.5	Tacsaithe agus Hacnaithe	60
10	Comhtháthú agus Inrochtaineacht	62
10.1	An Cárta Leap	62
10.2	Ticéadú den Chéad Ghlúin eile	62
10.3	Pleanáil Turais	64
10.4	BusConnects – Athbhreithniú ar Tháillí	65
10.5	Branda Iompair Phoiblí	65
10.6	Inrochtaineacht	67
10.7	Sábháilteacht agus Slándáil Phearsanta	70
11	Rioscaí agus Srianata	71
11.1	Achoimre	71
11.2	Srianata	71
11.3	Rioscaí	72

1 Réamhrá

1.1 Réamhrá

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) a bhunaigh an tAire Iompair ar an 1 Nollaig 2009.

Bunaíodh an tÚdarás faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Leagtar amach a ról agus freagrachtaí san Acht sin, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009, san Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, san Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015 agus san Acht um Iompar Poiblí, 2016.

Ag leibhéal náisiúnta, tá an tÚdarás freagrach as seirbhísí iompair phoiblí de thalamh a fháil agus a sholáthar do phaisinéirí. Áirítear leis seo seirbhísí fóirdheonaithe bus agus iarnróid a sholáthar trí chonarthaí le Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Go Ahead Ireland agus Iarnród Éireann, chomh maith le hoibreoirí príobháideacha bus; agus seirbhísí iarnróid éadroim a sholáthar iad féin go díreach nó tríd an tasc a thabhairt do Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ).

Tá an tÚdarás freagrach as clár iompair tuaithe an Stáit a bhainistiú agus ceadúnaíonn sé chomh maith seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí arna soláthar ag oibreoirí príobháideacha. Tá rialáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) faoi shainchúram an Údaráis freisin, chomh maith le rialáil gníomhaíochtaí clampála feithiclí. I measc na bhfreagrachtaí eile náisiúnta atá ag an Údarás, bainistíonn sé córais chomhtháite faisnéise do chustaiméirí iompair phoiblí agus an Scéim um Thicéadú Comhtháite d'Éirinn (an córas Cárta Leap). I dtaca leis na feidhmeanna náisiúnta seo, is é an tÚdarás an comhlacht forfheidhmithe do chearta paisinéirí maidir le hiarnród, busanna agus cóistí, agus báid farantóireachta.

Ag an leibhéal náisiúnta chomh maith, tá an fheidhm ag an Údarás bonneagar iompair phoiblí agus bonneagar rothaíochta a sholáthar ar fud an Stáit, lena n-áirítear stadanna bus, scáthláin bhus, stáisiúin bhus agus flíteanna bus, chomh maith le háiseanna agus scéimeanna rothaíochta d'fhonn an rothaíocht a chur chun cinn¹.

¹ Taobh amuigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, is féidir leanúint ar aghaidh le tionscadail a cuireadh san áireamh i bPleananna iompair/úsáide talún de leibhéal íochtair a glacadh cheana féin agus a ndearnadh leibhéil chuí ábhartha MST agus MC ina leith.

Ní leanfar ar aghaidh le tionscadail nár cuireadh san áireamh i bPleananna iompair/úsáide talún de leibhéal íochtair a glacadh cheana féin, agus nach ndearnadh leibhéil chuí ábhartha MST agus MC ina leith, go dtí go gcuirfear san áireamh iad i bPleananna de leibhéal íochtair a glacadh agus go ndéanfar na leibhéil chuí ábhartha MST agus MC ina leith.

Cuireann an Plean seo comhthéacs ar fáil maidir le pleanáil de leibhéal íochtair, lena n-áirítear bearta/spriocanna maidir le maolú a shonrú (féach Cuid 4 agus na Tuarascálacha MST agus MC atá leo).

Tá freagrachtaí breise ag an Údarás laistigh de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (MCBÁC), lena n-áirítear:

- pleanáil straitéiseach iompair;
- gréasán iompair phoiblí comhtháite inrochtana a fhorbairt;
- siúl agus rothaíocht a chur chun cinn;
- bonneagar iompair phoiblí a sholáthar go ginearálta, iarnród éadrom, an meitreo agus iarnród trom san áireamh; agus
- bainistiú éifeachtach an éilimh tráchta agus iompair.

Clúdaíonn MCBÁC údarais áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath, Fhine Gall, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin.

Thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, bainistíonn an tÚdarás na cláir seo a leanas chomh maith:

- Clár Iompair Phoiblí na gCathracha Réigiúnacha;
- An Clár Inrochtana;
- Clár na gCampas Taistil Níos Cliste agus Clár na nIonad Oibre Taistil Níos Cliste;
- An clár taistil Scoileanna Glasa; agus
- An Clár um Iompar Tuaithe.

1.2 Riachtanas maidir le Plean Comhtháite Forfheidhmithe

Ceanglaíonn Alt 13(1) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 ar an Údarás, tar éis don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt straitéis iompair a fhorbairt don réigiún, plean comhtháite forfheidhmithe a ullmhú a chlúdódh tréimhse sé bliana. Formheasadh an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 i mí Feabhra 2016. Bhí ullmhúchán an Phlean Chomhtháite Forfheidhmithe seo ag teacht le hathbhreithniú an Rialtais ar chaiteachas caipitil, a tosaíodh sa bhliain 2016 agus a cuireadh i gcrích nuair a foilsíodh an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 i mí Feabhra 2018.

1.3 Ábhar an Phlean Forfheidhmithe

Leagtar amach in Alt 13 den Acht Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (an “tAcht”) an t-ábhar is gá a bheith i bplean comhtháite forfheidhmithe (“Plean”). Ní mór na nithe seo a leanas a bheith sa Phlean:

- clár infheistíochta bonneagair ina sainaithnítear na príomhchuspóirí agus na príomhthorthaí a ndíreoidh an tÚdarás orthu le linn thréimhse an Phlean;
- na bearta a dhéanfaidh an tÚdarás chun a chinntiú go gcomhtháthófar bonneagar iompair phoiblí go héifeachtach le linn thréimhse an Phlean;
- plean seirbhíse comhtháite ina sainaithnítear na príomhchuspóirí agus na príomhthorthaí a ndíreoidh an tÚdarás orthu maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar le linn thréimhse an Phlean;
- na bearta a dhéanfaidh an tÚdarás maidir le beagfheithiclí seirbhíse poiblí;
- na bearta a dhéanfaidh an tÚdarás chun a chinntiú go gcomhtháthófar seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí go héifeachtach le linn thréimhse an Phlean; agus
- cibé nithe eile a mheasfaidh an tÚdarás a bheith cuí nó a fhorordóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (an “tAire”).

1.4 Próiseas an Phlean

Tá an próiseas seo a leanas leagtha amach san Acht maidir le Plean a ullmhú:

- Agus teoracha á nglacadh ón Aire, ba cheart go dtabharfaí aird sa Phlean ar aon mholtaí a gheofar ó údaráis agus oibreoirí iompair phoiblí agus ar an ngá go mbainfí an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Státchiste;
- Ceanglaítear ar an Údarás aird a thabhairt do threoir i scríbhinn ón Aire maidir le cistiú ilbhliantúil;
- Le linn dó an plean comhtháite forfheidhmithe a chur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cuimhneamh ar a dtuairimí, chomh maith le haighneachtaí ón bpobal a lorg; agus
- Ceanglaítear ar an Údarás Dréachtphlean a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú. D'fhéadfadh an tAire an dréachtphlean a cheadú, é a cheadú le modhnuithe, a ordú go gcuirfí faoina bhráid arís é i bhfoirm mhodhnaithe, nó d'fhéadfadh sé diúltú é a cheadú.

2 Cúlra an Phlean Forfheidhmithe

2.1 Brú Tráchtá

Tá Éire fós ag teacht as an gcúlú eacnamaíochta géar a bhí ann le blianta beaga anuas agus as ardleibhéil dífhostaíochta a bhí ann le linn na tréimhse sin. Tá an geilleagar ag dul ó neart go neart; tá i bhfad níos mó daoine ag obair; agus tá níos mó cuairteoirí chun na tíre ná mar a bhí riamh. Ach tá dúshlán áirithe a bhaineann leis an téarnamh ag dul i méid, agus tá trácht agus iompar i measc na bpríomhfhadhbanna atá os comhair réigiún Bhaile Átha Cliath.

I rith an chúlaithe eacnamaíochta, tháinig laghdú suntasach ar an éileamh ar iompar mar gheall ar fhachtóirí amhail laghdú ar ghníomhaíocht ghnó, méid níos lú airgid a bheith á chaitheamh ag daoine, eisimirce agus dífhostaíocht. Léirigh Comhaireamh Tródaím na Canála Bhaile Átha Cliath gur laghdaigh taisteal isteach go Lár na Cathrach agus amach uaidh idir 7 a.m agus 10 a.m. ó 207,379 duine in 2006 go 181,042 in 2010, arb ionann é sin agus laghdú 13%. Tháinig laghdú 16% ar an líon iomlán daoine a bhí ag úsáid an bhus agus laghdaigh paisinéirí iarnróid faoi 30%. Chomh maith le laghdú ar úsáid iompair phoiblí, tháinig laghdú ar líon na gcarranna agus na bhfeithiclí gnó ar ár mbóithre. Tháinig laghdú ar an mbrú tráchtá le linn na tréimhse sin agus d'éirigh amanna taistil níos giorra mar go raibh níos lú feithiclí ar na bóithre.

Faoi 2018, bhí athrú suntasach tagtha ar chúrsaí. Tá na leibhéil tráchtá méadaithe go seasta ó thosaigh an téarnamh eacnamaíochta, agus taifeadadh gur thaisteal 211,000 duine isteach go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ag buaicphointe tráchtá na maidine sa bhliain 2017. Tháinig méadú 3% ar thrácht ar fud an ghréasáin náisiúnta bóithre sa bhliain 2017, agus bhí an ráta fáis is airde (3.9%) i réigiúin an Iarthair Láir agus na Teorann. Ar an M50, ba ionann an sruth tráchtá laethúil is airde a taifeadadh agus 170,711 idir an N2 agus an N3. Mhéadaigh an Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) don chuid seo den bhóthar ó 125,653 sa bhliain 2014 go dtí 144,624 sa bhliain 2017, arb ionann é agus méadú 15%.

Tá brú tráchtá ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an Stát anois. Agus pleananna á ndéanamh againn i leith fás suntasach daonra, chomh maith leis an ngníomhaíocht fóillíochta, chultúir, eacnamaíochta agus shóisialta a bhaineann leis, ní mór dúinn córas iompair a sholáthar a thabharfaidh aghaidh ar an dúshlán sin agus a thacóidh le forbairt bhreise is a chothóidh í.

2.2 An Comhshaol

Aithnítear go forleathan a thábhachtaí is atá sé tabhairt faoi bhearta chun úsáid breosla iontaise agus giniúint gás ceaptha teasa a laghdú. Beidh ról mór ag an iompar, mar mhórtháirgeoir gás ceaptha teasa, maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ní mór don Údarás cloí leis an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú, a d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil in 2018, leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2019) agus le Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide don earnáil iompair de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (2019). Anuas air sin, ghlac údaráis áitiúla, de réir

fhorálacha an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú, straitéisí áitiúla oiriúnaithe dá gceantair riaracháin féin, ina bhfuil bearta éagsúla iompair.

Bunaithe ar na bearta agus ar pleananna sin, agus raon teoranta an Phlean Chomhtháite Forfheidhmithe mar a leagtar amach sa reachtaíocht á chur san áireamh, déanfaidh an tÚdarás iarracht a chinntiú go dtabharfar tús áite do roghanna iompair a chuirfidh laghdú aonaid ar astaíochtaí ar fáil. Is é an bealach is éifeachtaí chun é sin a dhéanamh ná úsáid iompair phoiblí, siúl agus rothaíocht a chur chun cinn, agus trí iarracht ghníomhach a dhéanamh úsáid carranna a laghdú nuair a bhíonn roghanna eile ar fáil. Anuas air sin, tá sé thar a bheith tábhachtach é go n-úsáidfí feithiclí le hastaíochtaí níos ísle le haghaidh iompair d'fhonn na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar a laghdú.

Go dtí seo, bhí an tÚdarás ag díriú ar leibhéil shuntasacha infheistíochta a dhéanamh sna modhanna inbhuanaithe sin, lena n-áirítear Tollán Pháirc an Fhionnuisce a athoscailt agus Luas Traschathrach a sholáthar. Leanfaidh an méid sin ar aghaidh faoin bPlean seo.

Éileofar go gcuirfear an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht thógtha san áireamh ina n-iomláine maidir le dearadh, pleanáil, tógáil agus oibriú gach scéim iompair a shainaithnítear sa phlean seo. De ghnáth, déantar é sin trí Theoracha AE amhail an Treoir MTT (2011/92/AE, arna leasú) agus an Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) a chomhlíonadh, chomh maith le teoracha eile a bhaineann le Priacal Tuile. I roinnt mhaith cásanna, cuireann sé sin le castacht na dtionscadal agus i roinnt cásanna, d'fhéadfadh go gcuirfí siar nó go gcealófaí tionscadail mar gheall air. Baineann sé seo le scéimeanna beaga rothaíochta agus coisithe fiú. Rachaidh an tÚdarás, de réir mar a rinne sé go dtí seo, i dteagmháil leis na húdaráis chomhshaoil go léir chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go ndéanfaí cinntí soiléire go tráthúil maidir le féidearthacht na scéimeanna agus a riachtanas dearaidh, agus go gcosnófaí infheistíocht an státchiste.

I gcomhréir le Treoir Eorpach 2001/42/CE – maidir le héifeachtaí pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a mheas – agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) á déanamh mar chuid d'ullmhúchán an Phlean. Is measúnacht chórasach fhoirmiúil ar an bPlean í seo a ullmhaítear i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2004 (I.R. Uimh. 435 de 2004), arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú), 2011 (I.R. Uimh. 200 de 2011). Is é aidhm na Treorach MST 'foráil a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus cur le comhtháthú na gcúrsaí comhshaoil in ullmhúchán agus glacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn...' (Airteagal 1 den Treoir MST). Ní mór MST a dhéanamh maidir leis an bPlean, mar leagann sé amach an creat le haghaidh toiliú don fhorbairt sa todhchaí maidir leis na tionscadail atá liostaithe in larscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE, arna leasú ag 2014/52/CE.

Áirítear leis na torthaí foriomlána den MST, mar a leagtar amach sa Tuarascáil Chomhshaoil MST a ghabhann leis an bPlean, na torthaí seo a leanas:

- chomhtháthaigh an tÚdarás na moltaí go léir a d'eascair as an bpróiseas MST sa Phlean;

- éascaíonn an Plean aistriú modha ó charranna príobháideacha go hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht, chomh maith leis na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann leo, lena n-áirítear iad seo a leanas:
 - cuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus na spriocanna ábhartha atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a bhaint amach;
 - cuidiú le hastaíochtaí go haer a laghdú agus na spriocanna ábhartha maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach, agus mar sin cuidiú le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint;
 - cuidiú le hídiú foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite a laghdú agus na spriocanna fuinnimh inathnuaite atá ceangailteach ó thaobh an dlí de a bhaint amach;
 - slándáil fuinnimh;
 - an réimse poiblí a fheabhsú;
- is dócha go mbeidh iarmhairtí suntasacha dearfacha ar bhainistíocht agus cosaint chomhshaoil mar thoradh ar fhorálacha áirithe sa Phlean; agus
- d'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol mar gheall ar fhorálacha áirithe sa Phlean. Cinntíodh go maolófaí an tionchar seo trí bhearta mionsonraithe maolaithe a chur san áireamh sa Phlean.

Sainithnítear sa MST go gcuirfear le hiarrachtaí chun roinnt de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe² de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, mar gheall ar chur i bhfeidhm an Phlean seo. Ghlac ceannairí domhanda na Spriocanna sa bhliain 2015 ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe agus tháinig siad i bhfeidhm sa bhliain 2016.

² Áirítear leis seo:

- *Sprioc 3. Saol sláintiúil a chinntiú agus folláine a chur chun cinn do gach duine idir óg agus aosta*
- *Sprioc 8. Fás geilleagrach marthanach, ionchuimsitheach agus inmharthana chomh maith le fostaíocht thorthúil agus obair mhaith do gach duine a chur chun cinn*
- *Sprioc 9. Bonneagar láidir a thógáil, tionsclú inmharthana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn agus nuálaíocht a chothú*
- *Sprioc 11. Áiteanna ionchuimsitheacha, sábháilte, acmhainneacha agus inmharthana a dhéanamh de chathracha agus lonnaithe daonna*
- *Sprioc 12. Patrúin inmharthana táirgthe agus ídithe a chinntiú*
- *Sprioc 13. Beart práinneach a ghlacadh le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus a iarmhairtí*
- *Sprioc 14. Na haigéin, farraigí agus acmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid go hinmharthana le haghaidh forbairt inmharthana*
- *Sprioc 15. Éiceachóras talún a chosaint, a thabhairt ar ais agus a n-úsáid inmharthana a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar bhealach inmharthana, aghaidh a thabhairt ar ghaineamhlú, chomh maith le díghrádú talún a stopadh agus a chur ina cheart arís agus cailleadh na bithéagsúlachta a stopadh*

Is riachtanas den Treoir Eorpach um Ghnáthóga 92/43/CEE – maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú – arna trasú i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, arna leasú, é an Mheasúnacht Chuí (MC). Is é cuspóir na Measúnachta Cuí measúnacht tionchair atá mionsonraithe agus dírithe maidir le himpleachtaí an Phlean a chur ar fáil, as féin agus in éineacht le bearta agus tionscadail straitéiseacha eile, maidir le sláine na Láithreán Eorpach i ndáil lena spriocanna caomhantais. Is í conclúid na Measúnachta Cuí nach mbeidh tionchar suntasach díobhálach ag an bPlean ar shláine an líonra láithreán Natura 2000³.

Leagtar amach na sonraí maidir leis an gcur chuige i leith na Measúnachta Cuí, chomh maith leis na torthaí, sa Tuarascáil Tionchair Natura MC a ghabhann leis an bPlean. Mar an gcéanna leis an Tuarascáil Chomhshaoil MST, ba cheart an doiciméad ar leithligh seo a léamh agus a mheas in éineacht leis an bPlean.

2.3 Pleanáil Spásúil

Ba dhúshlán mór é do chúrsaí iompair an chaoi ar fhás gníomhaíocht eacnamaíoch ó thaobh spáis de le scór éigin bliain anuas. Scaipeadh ionaid oibre chuig ceantair imeallacha seachas a bheith i gceantair agus áiteanna lárnaacha a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu, agus, dá bharr sin, táthar ag brath an iomarca ar charranna príobháideacha le taisteal chun na hoibre.

Cé go bhfuil láithreáin imeallacha úrnua ag teastáil i gcomhair gníomhaíochtaí áirithe eacnamaíocha, mar gheall ar a saintréithe fisiciúla, is é an áit is iomchuí chun oifigí, ionaid mhiondíola agus raidhse tionscal seirbhíse a lonnú ná i lárionaid atá ann cheana féin, áit ar féidir leo leas a bhaint as an réimse roghanna iompair atá ar fáil.

Le déanaí, bhog na gníomhaíochtaí seo go ceantair fho-uirbeacha chomh maith, go dtí páirceanna oifigí agus áiteanna neamhlárnacha. Is suntasach an costas eacnamaíoch ar ghnólachtaí, agus ar an stát, a bhaineann le brú tráchta, rochtain ar an lucht saothair agus na riachtanais i leith bonneagar nua, a eascraíonn as patrúin den chineál sin.

Is é an M50 an sampla is suntasaí den phatrún seo. In ainneoin an uasghrádaithe mhóir a cuireadh i gcrích sa bhliain 2010, tá an acmhainn bhreise a bhí cruthaithe ag an nuashonrú beagnach ídithe ag leibhéal úsáide an mhótarbhealaigh le linn buaicuaireanta, leibhéal atá nasctha go mór le patrúin stairiúla forbartha.

D'fhoill ordlathas comhtháite pleanála spásúla a fhorbairt, agus mar mhodh chun dul i ngleic leis an neamhchothroime atá ann idir treochothaí pleanála spásúla agus an soláthar seirbhíse as ar

³ Seachas de réir mar a fhoráiltear in Alt 6(4) den Treoir um Ghnáthóga. Is é sin go gcaithfear:

a) nach bhfuil réiteach eile ar fáil;

b) go bhfuil cúiseanna dianriachtanacha a bhaineann le leas poiblí sáraitheach ann go leanfadh an plean/clár/straitéis/tionscadal srl. ar aghaidh; agus

c) go bhfuil bearta leordhóthanacha cúitimh i bhfeidhm.

eascair na fadhbanna thuasluaite, d'fhoilsigh an Rialtas an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) mar chuid de Thionscadal Éire 2040 i mí Feabhra 2018. Leagtar béim láidir sa chreat ar ról na 5 chathair maidir le freastal ar fhás an daonra agus ar mhéadú ar na gníomhaíochtaí bainteacha go léir laistigh dá gceantair fhoirgnithe reatha agus taobh leo, d'fhoillíompar inbhuanaithe a éascú. I ngach cathair, breathnaítear ar bhonneagar agus seirbhísí iompair mar chumasóirí tábhachtacha maidir le fás amach anseo, agus leagtar béim ar leith ar bhusanna a fheabhsú, MetroLink, an DART agus an Gréasán Rothaíochta i mBaile Átha Cliath a leathnú, chomh maith le gréasáin iompair phoiblí ar fud na cathrach sna cathracha eile a fheabhsú go mór. Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) iomlán agus Measúnacht Chuí (MC) Céim 2 i leith an CNP. Cuirtear tuilleadh eolais maidir leis an CNP ar fáil i gcuid 4.3.2.

Léirítear an CNP ar bhonn réigiúnach i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre tríd an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) agus Plean Straitéiseach na Limistéar Cathrach (PSLC) lena mbaineann. Tá an dá straitéis forbartha ag Tionóil Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre i gcomhar leis an NTA, i gcomhréir leis an reachtaíocht. Laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, leanfaidh gach údarás áitiúil de chinntiú go bhfuil a bPleananna Forbartha Cathrach agus Contae, agus a bpleananna áitiúla féin, ag teacht le Straitéis Iompair an NTA i gcomhréir leis an reachtaíocht. Rinneadh MST agus MC i leith na Straitéise Iompair agus baineann nósanna imeachta den chineál sin le Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil.

Táthar ag súil leis go leathnófar feidhmeanna pleanála iompair an NTA, chomh maith lena rannpháirtíocht i bpleanáil úsáid talún, chuig Limistéir eile Chathrach le linn shaolré an phlean seo, ar aon dul leis an CNP. Mar sin, rollfar amach agus leathnófar go náisiúnta na meicníochtaí le haghaidh comhtháthú níos láidre maidir le pleanáil úsáid talún, agus pleanáil agus infheistiú iompair. Dá bharr sin, beidh nasc níos comhsheasmhaí idir na seirbhísí iompair agus suíomh na dtithe, na fostaíochta, agus na forbartha tráchtála is miondíola. Beidh gá MST agus MC a dhéanamh i leith aon Straitéis Iompair do na Limistéir Chathrach seo amach anseo.

Anuas ar thacú le pleanáil iompair a ailíniú agus a chomhtháthú le pleanáil talamhúsáide, tacaíonn an tÚdarás lena hailíniú agus a comhtháthú le pleanáil um ghníomhú ar son na haeráide. Mar a shonraítear i gCuid 4.6.6 “An tAthrú Aeráide, Astaíochtaí agus Fuinneamh” den Phlean seo:

- Cuimseoidh cur i bhfeidhm an Phlean spriocanna agus gníomhartha ábhartha ón bPlean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide don earnáil iompair, a glacadh in 2019; agus
- Agus an Plean á chur i bhfeidhm aige, tacóidh an tÚdarás leis na forálacha cuí atá sa Phlean Náisiúnta Maolaithe (2017), sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú (2018), sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2019), i dtuarascáil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó 2017 “Pleanáil Oiriúnaithe – Seasmhacht i gcoinne an Athraithe Aeráide in Earnáil Iompair na hÉireann”, sna straitéisí oiriúnaithe arna n-ullmhú ag na húdaráis áitiúla faoi fhorálacha an Chreata Náisiúnta um Oiriúnú agus aon Plean Réigiúnach Dícharbónaithe arna n-ullmhú de bhun gealltanais sna SRSEanna.

3 Raon an Phlean Forfheidhmithe

3.1 Cur Chuige

Leagtar amach sna chéad chodanna den doiciméad seo cúlra agus comhthéacs an Phlean seo, chomh maith leis na dúshlán atá ag teacht chun cinn. Leagtar amach sna codanna atá fágtha príomhghnéithe an Phlean seo a bhaineann le bonneagar, seirbhísí agus comhtháthú/inrochtaineacht.

Ós rud é go mbaineann roinnt d'fheidhmeanna an Údaráis le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus go mbaineann cuid eile acu leis an Stát ar fad, ullmhaíodh an Plean chun an raon tíreolaíoch seo a léiriú. Dá réir sin, cé go mbaineann formhór an Phlean le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amháin, pléitear réimsí áirithe amhail seirbhísí iompair phoiblí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar bhonn náisiúnta.

3.1.1 Clár Infheistíochta Bonneagair

Leagtar amach i gcaibidil 4 an Clár Iárnach Infheistíochta Bonneagair. Cuirtear ar fáil anseo an soláthar foriomlán cistithe thar thréimhse sé bliana an Phlean. Sainaithnítear agus déantar cur síos anseo ar na príomhréimsí infheistíochta. Is iad sin:

1. Infheistíocht i mBusanna;
2. Infheistíocht san Iarnród Éadrom;
3. Infheistíocht san Iarnród Trom; agus
4. Bearta Comhtháthaithe agus Infheistíocht san Iompar Inbhuanaithe.

Déantar cur síos sna caibidlí ina dhiaidh seo, caibidlí 5 go 8, ar na tograí infheistíochta faoi na réimsí sin faoi seach, lena n-áirítear príomhchuspóirí agus torthaí a aithint, chomh maith le bearta ar leith chun an bonneagar iompair phoiblí a chomhtháthú go héifeachtach.

3.1.2 Plean Seirbhíse Comhtháite

Déantar cur síos i gcaibidil 9 ar fhorálacha an Phlean Seirbhíse Comhtháite, lena n-áirítear na príomhchuspóirí agus torthaí a ndíreoidh an tÚdarás orthu maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar le linn thréimhse an Phlean. Pléitear seirbhísí busanna agus iarnróid, chomh maith le beagfheithiclí seirbhíse poiblí. Déanann an chaibidil seo cur síos chomh maith ar na seirbhísí comhtháite do na seirbhísí neamhuirbeacha agus tuaithe a oibríonn laistigh de limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baineann príomhghné an Phlean Seirbhíse Comhtháite le hathbhreithnithe ar ghreásáin na mbusanna Cathrach sna cathracha a dhéanfar faoin gclár BusConnects.

3.1.3 Comhtháthú agus Inrochtaineacht

Sainaithnítear i gcaibidil 10 roinnt beart atá molta maidir le comhtháthú na seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí agus cé chomh héasca agus saoráideach is atá sé na seirbhísí sin a úsáid. Pléitear ticéadú comhtháite, eolas fíor-ama do phaisinéirí, pleanáil turais, táillí, brandáil agus barr feabhais a chur ar idirmhalartú. Anuas air sin, leagtar amach tograí maidir le hinrochtaineacht agus cearta paisinéirí.

3.1.4 Rioscaí agus Srianta

Déantar cur síos i gcaibidil 11 ar roinnt príomhrioscaí agus srianta ábhartha a bhaineann le seachadadh foriomlán an Phlean, lena n-áirítear cistiú, acmhainní, pleanáil agus an riosca go ndéanfar agóid dhlíthiúil.

4 Clár Foriomlán Infheistíochta Bonneagair

4.1 Réamhrá

Is iad beartais éagsúla náisiúnta agus réigiúnacha atá ina dtreoir don chlár foriomlán bonneagair, ach braitheann sé go bunúsach ar an leibhéal cistithe caipitil atá ar fáil don chlár.

Mar chuid de Bhuiséad 2019, cuireadh an leithdháileadh cistithe caipitil ar fáil don Údarás do na blianta 2019 go 2022, agus 2022 san áireamh. Ar aon dul le forálacha d'Alt 13(4) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt treoir ar fáil maidir leis na méideanna cistithe is dócha a bheidh ar fáil don Údarás ar feadh na tréimhse a bheidh fágtha den Phlean seo.

4.2 An Cistiú atá ar Fáil

Ar an iomlán, táthar ag súil leis go mbeidh leibhéal cistithe caipitil thart ar €4.5 billiún ar fáil don Údarás thar an tréimhse sé bliana ó 2019 go 2024, agus úsáidfear é chun infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí/inbhuanaithe i MCBÁC. Tá an cistiú a bheidh ar fáil leagtha amach i dTábla 1 thíos.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuirtear cláir a bhainistíonn an tÚdarás ar bhonn riaracháin thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear an Clár Inrochtaineachta, san áireamh sa phróifíl chistithe thíos. Anuas air sin, is é an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a dhéanann bainistiú díreach ar chistiú na bainistíochta bonneagair agus ar chothabháil an ghréasáin náisiúnta iarnróid. Dá réir sin, clúdaítear an cistiú sin faoi bhuiséad ar leith agus ní chlúdaítear é sna leithdháiltí atá leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1 – Cistiú Caipitil le haghaidh Iompar Poiblí / Inbhuanaithe 2019-2024

	2019	2020	2021	2022	2023	2024	Total
Cistiú Caipitil le haghaidh Iompar Poiblí / Inbhuanaithe (€m)	245.1	458.5	781.5	751.7	1,143.6*	1,143.6**	4,524.0

* Faoi réir deimhniú deiridh ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

** Beidh figiúr 2024 faoi réir treoir bhreise mar chuid de Bhuiséad 2020 i gcomhréir leis na próifílí cistithe caipitil ilbhliantúla cúig bliana.

De réir mar a leagadh amach thuas, tiocfaidh méadú suntasach ar an leibhéal cistithe a bheidh ar fáil thar an gcéad trí bliana de thréimhse an Phlean, agus ceaptar go mbeidh cistiú os cionn €1 billiún ar fáil i ngach ceann den dá bhliain deiridh den Phlean. Is léiriú é seo ar mhéadú suntasach ar na mórthionscadail iompair poiblí sna luathbhlianta.

Maidir leis an gcistiú reatha, dúirt an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt *go socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an cistiú reatha ar bhonn bliantúil mar chuid den phróiseas bliantúil Meastachán*, agus nach féidir na méideanna leithdháilte reatha a lua,

méideanna a bhaineann le híocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí le hoibreoirí iompair a chistiú go háirithe, ar feadh thréimhse an Phlean.

4.3 Réimsí Tosaíochta maidir le hInfheistíocht

4.3.1 Straitéis Iompair

Cé go mbíonn an plean infheistíochta bonneagair á shocrú ag an gcistiú atá ar fáil faoin bplean náisiúnta caipitil, bíonn sé treoraithe freisin ag roinnt beartas eile. Beartas rithabhachtach a théann i bhfeidhm ar an bPlean is ea an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, straitéis a bhunaigh creat foriomlán maidir le hinfheistíocht iompair don fiche bliain atá amach romhainn. Tá na tosaíochtaí sa phlean infheistíochta seo ag teacht leis na cuspóirí agus tosaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis iompair sin, agus díreann ar iompar poiblí inbhuanaithe a fheabhsú ar fud an réigiúin.

Aithnítear sa straitéis iompair go háirithe gur cloch choirnéil an chórais iompair poiblí i gceantar Bhaile Átha Cliath é an córas bus. Sainnítear sa straitéis an gá atá ann le Gréasán Lárnach Bus a fhorbairt chun gluaiseacht busanna i bhfad níos fearr a sheachadadh ar na conairí laistigh de MCBÁC, agus moltar go seachadfaí an gréasán sin go luath i dtréimhse na straitéise iompair.

Ar an mbealach céanna, sainnítear sa straitéis iompair an gá atá ann chun infheistíocht a dhéanamh in iarnród éadrom, go háirithe tríd an tionscadal MetroLink a fhorbairt, agus in iarnród trom (lena n-áirítear leictriúchán níos leithne ar línte iarnróid fo-uirbigh), chomh maith le réimsí eile amhail áiseanna rothaíochta, gluaiseacht coisithe, áiseanna idirmhalartaithe, soláthar eolais agus forbairtí páirceála & taistil. Measadh na cuspóirí agus tosaíochtaí seo go léir go cúramach agus an Plean seo á fhorbairt.

4.3.2 An Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

D'fhoilsigh an Rialtas Tionscadal Éire 2040 i mí Feabhra 2018, tionscadal a chlúdaigh an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027. Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta tosaíochtaí an Rialtais thar gach réimse infheistíochta caipitil suas le 2027.

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála deich dToradh Náisiúnta Straitéiseacha (TNSanna) a chuirtear in ord tosaíochta le haghaidh infheistíochta sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Is iad na deich TNS:

- TNS 1: Fás Dlúth;
- TNS 2: Inrochtaineacht Fheabhsaithe Réigiúnach;
- TNS 3: Pobail agus Geilleagair Neartaithe Tuaithe;
- TNS 4: Soghluaisteacht Inbhuanaithe;
- TNS 5: Geilleagar Láidir lena dtacaíonn Fiontar, Nuálaíocht agus Scileanna;

- TNS 6: Nascacht Ardcháilíochta Idirnáisiúnta;
- TNS 7: Taitneamhacht agus Oidhreacht Fheabhsaithe;
- TNS 8: An tAistriú go Sochaí Ísealcharbóin Aeráid-Sheasmhach;
- TNS 9: Bainistíocht Inmharthana Uisce agus Acmhainní Comhshaoil eile; agus
- TNS 10: Rochtain ar Chúram Leanaí, Oideachas agus Seirbhísí Sláinte d'Ardcháilíocht.

Díríonn cuid de na TNSanna, amhail TNS 2, TNS 3, TNS 4, TNS 6 agus TNS 8, ar an iompar go príomha, nó is cuid shuntasach díobh é an t-iompar. Tá gnéithe a bhaineann le hiompar ag TNSanna eile.

Cuirtear na leithdháiltí seo a leanas ar fáil i leith na TNSanna seo suas go dtí 2027 sa Phlean Forbartha Náisiúnta:

TNS 2: Inrochtaineacht Fheabhsaithe Réigiúnach	€7.3 billiún
TNS 3: Pobail agus Geilleagair Neartaithe Tuaithe	€4.5 billiún (Bóithre réigiúnacha/áitiúla)
TNS 4: Soghluaisteacht Inbhuanaithe	€8.6 billiún
TNS 6: Nascacht Ardcháilíochta Idirnáisiúnta	€4.8 billiún (Cistiú nach ón Státchiste é)
TNS 8: An tAistriú go Sochaí Ísealcharbóin Aeráid-Sheasmhach	€0.2 billiún (Le haghaidh feithiclí leictreacha)

4.3.3 Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar ar Tír

Is doiciméad tábhachtach beartais eile é “*Infheistiú inár dToghcháil Iompair: Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar ar Tír*” (Strategic Framework for Investment in Land Transport, nó “SFILT”) a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i Lúnasa 2015. Leagtar amach i SFILT liosta tosaíochtaí a thabharfaidh treoir maidir le hinfheistiú an Stáit a leithdháileadh, d'fhonn gréasán iompair ar tír na hÉireann a fhorbairt agus a bhainistiú ar an mbealach is fearr sna blianta atá amach romhainn.

Sainithnítear i gcaibidil 6 de SFILT sraith tosaíochtaí maidir le hinfheistiú in iompar ar tír in Éirinn amach anseo, chomh maith le sraith prionsabal a bheidh mar bhonn taca faoi, agus a rachaidh i bhfeidhm ar, infheistiú in iompar ar tír in Éirinn amach anseo.

Is mar seo a leanas na trí thosaíocht a luaitear i SFILT:

- Tosaíocht 1: Leibhéal leanúnach cothabhála a bhaint amach (ciallaíonn sé seo go ndéantar an córas iompair atá ann a chothabháil agus a athnuachan ag leibhéal atá leordhóthanach chun an córas a choinneáil i mbail shásúil);
- Tosaíocht 2: Aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta uirbeach; agus
- Tosaíocht 3: Luach an ghréasáin bóithre a uasmhéadú.

Agus an cuspóir maidir le leibhéal leanúnach cothabhála atá leagtha amach i SFILT á sheachadadh, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa Phlean:

- Clár beartaithe athsholáthair don fhlít busanna a oibrítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (“OSP”);
- Athchóiriú tramanna agus athnuachan sócmhainní i gcás iarnród éadrom; agus
- Tacaíocht a thabhairt maidir le hoibriú an ghréasáin reatha iarnróid laistigh de MCBÁC, sa mhéid go bhfuil sin faoi shainchúram an Údaráis.

Féachtar leis freisin úsáid na sócmhainní atá ann a mhéadú: tabharfar tramanna níos faide breise isteach ar Líne Ghlas an Luas, osclófar stáisiúin bhreise ar an ngréasán iarnróid agus cuirfear raon beart i bhfeidhm maidir le ticéadú, táillí, eolas, agus áiseanna cois bóthair chun tarraingteacht agus áisiúlacht an iompair poiblí a fheabhsú.

I dtaca leis an dara tosaíocht SFILT – aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta uirbeach – áirítear leis an bPlean bearta chun feabhas mór a chur ar iompar poiblí agus chun cur le háiseanna rothaíochta agus siúil. Aithnítear go háirithe go bhfuil sé fíorthábhachtach feabhas a chur ar an gcóras bus go ginearálta chun na dúshláin a bhaineann le brú tráchta a réiteach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Léiríonn sé sin nádúr ísealdlúis mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, rud a chiallaíonn go mbeadh airgead á chailleadh ag réitigh iarnróid ar go leor conairí.

Is sraith tionscadal nasctha é clár BusConnects Bhaile Átha Cliath, a bhfuil sé mar aidhm aige an córas busanna i mBaile Átha Cliath a athrú ó bhonn ionas go mbeidh turais bhus tapa, iontaofa, poncúil, áisiúil agus inacmhainne.

Ní hé an córas busanna amháin, áfach, a athrófar ó bhonn faoi BusConnects Bhaile Átha Cliath. Is iad na conairí céanna atá tábhachtach do bhusanna atá ina bpríomhbhealaí rothaíochta sa chathair. Le BusConnects Bhaile Átha Cliath, cuirfear áiseanna rothaíochta sábháilte ar fáil ar gach conair, agus iad scartha chomh fada agus is féidir go praiticiúil, ó thrácht eile. Beidh an bonneagar rothaíochta a chuirfear ar fáil faoin gclár seo mar chroílár ghréasán rothaíochta an réigiúin agus bainfidh sé mórathrú radacach amach ar áiseanna rothaíochta i mBaile Átha Cliath.

Cé gur príomhfhócas an Phlean seo é feabhas a chur ar an gcóras foriomlán busanna, tá sé riachtanach go bhforbrófaí an gréasán iarnróid éadroim agus an gréasán iarnróid throm a thuilleadh le réitigh níos fadtéarmaí a sholáthar a thabharfaidh deis do MCBÁC fás agus forbairt.

Déantar socruithe sa Phlean maidir leis an tionscadal MetroLink a fhorbairt, tionscadal a gcuirfear tús leis sa bhliain 2021, agus maidir le gnéithe Chlár Méadaithe an DART, clár ina ndíreofar ar an ngréasán DART a leathnú agus leibhéal na seirbhísí DART a mhéadú.

Leagtar amach sonraí maidir leis na tograí thuasluaite sna caibidlí deireanacha den Phlean seo.

4.4 Cur Chuige Foriomlán an Chláir

Is cuid lárnach agus thábhachtach den Phlean é an Clár Infheistíochta Bonneagair. Le linn thréimhse sé bliana an Phlean, infheisteofar breis is €4.5 billiún tríd an Údarás sa bhonneagar iompair phoiblí agus sa bhonneagar rothaíochta/siúil a bhaineann leis sin, agus beidh sé sin ailínithe leis an straitéis iompar do MCBÁC agus leis na beartais ábhartha náisiúnta.

Tá an Clár foriomlán Infheistíochta Bonneagair roinnte ina cheithre fho-chlár. Is iad sin ná:

1. Bus;
2. Iarnród Éadrom;
3. Iarnród Trom; agus
4. Bearta Comhtháthaithe agus Iompar Inbhuanaithe.

Cuireann an tábla thíos an Clár foriomlán Infheistíochta Bonneagair in iúl agus é fo-roinnte ina fho-chláir chomhpháirte.

Tábla 2 – Cistiú don Phlean Comhtháite Forfheidhmithe de réir Fo-Chláir

Fó-Chlár	2019 (€m)	2020 (€m)	2021 (€m)	2022 (€m)	2023 (€m)	2024 (€m)
Bus	108.9	157.7	242.5	215.0	255.0	260.0
Iarnród Éadrom	16.2	62.2	262.0	275.7	567.8	543.6
Iarnród Trom	67.7	149.6	167.0	166.0	225.8	255.0
Bearta Comhtháthaithe & Iompar Inbhuanaithe	52.3	89.0	110.0	95.0	95.0	85.0
Iomlán Bliantúil	245.1	458.5	781.5	751.7	1,143.6	1,143.6

Pléitear gach ceann de na fo-chláir seo, ar a uain, sna caibidlí seo a leanas, agus cuirtear sonraí ar fáil maidir le cuspóirí na bhfo-chlár agus tionscadal ar leith a bhfuil sé beartaithe go seachadfar iad faoin bhfo-chlár sin.

D'fhéadfadh go n-athrófaí na méideanna i leith gach fo-chláir sa tábla thuas le linn thréimhse an Phlean ar aon dul le tosaíocht an tionscadail, dul chun cinn na dtionscadal agus srianta cistiúcháin Státchiste.

Anuas air sin, níl sna hailínithe agus sna sonraí maidir leis na tionscadail iompair bheartaithe atá leagtha amach sa chaibidil seo a leanas ach ailínithe agus sonraí táscacha, agus d'fhéadfadh go bhforbrófaí iad a thuilleadh de réir mar a théann na próisis dearaidh agus phleanála le haghaidh tionscadail aonair ar aghaidh. Dá réir sin, beidh cuid de na sonraí sna tograí aonair faoi réir leasaithe de réir mar a chuirfear an obair forbartha dearaidh seo i bhfeidhm. Déanfar tionscadail aonair a dhearadh agus a phleanáil de réir na reachtaíochta reatha a bhaineann le measúnú comhshaoil agus comhairliúchán poiblí.

4.5 Ceisteanna Inrochtaineachta

Cé go mbainistíonn an tÚdarás an Clár Inrochtaineachta thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, pléifear saincheist na hinrochtaineachta agus an dearaidh uilíoch, agus tugtar aghaidh orthu, i ngach gné iompair atá le seachadadh faoin bPlean. Le linn na bliana 2018, dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UN CRPD). Áirítear leis seo oibleagáidí ar chomhlachtaí Stáit bearta cuí a ghlacadh le *“cur ar chumas daoine atá faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol”*.

Agus an Plean seo á sheachadadh ag an Údarás, déanfaidh sé cinnte go gcomhlíonfar gach oibleagáid atá leagtha amach in Airteagal 9 den UN CRPD, agus go mbreithneofar i gcónaí riachtanais gach úsáideora go cúramach, beag beann ar a aois, méid, cumas nó míchumas, mar chuid lárnach de phleanáil agus soláthar iompair.

4.6 Cúrsaí Comhshaoil

Pléadh cúrsaí comhshaoil le linn fhorbairt an Phlean seo tríd an bpróiseas Measúnachta Straitéisí Timpeallachta agus trí phróiseas Measúnachta na Treorach um Ghnáthóga go háirithe. Chuaigh na próisis seo i bhfeidhm ar dhearadh an Phlean, go háirithe maidir leis na háiteanna sin a bhfuil sé sainaitheanta ina leith go mbeidh tionchar orthu mar gheall ar fhorbairt bheartaithe an bhonneagair iompair. Cuirtear sonraí maidir leis an anailís chomhshaoil agus na bearta maolaithe a shainaitheann i láthair sa Tuarascáil Chomhshaoil agus sa Tuarascáil Tionchair Natura a ghabhann leis.

Sainaitheann roinnt scéimeanna sna measúnuithe sin a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith acu ar an gcomhshaoil. Baineann siad go príomha leis na gréasáin bhus agus rothaíochta agus le leictirí an ghréasáin iarnróid ó Thuaidh. Áiríodh leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann tógáil talún, caillteanas gnáthóige agus cur isteach ar ghnáthóga. Is ceist thábhachtach é an príacal tuile a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an mbonneagar nua, agus cuirfear staidéir leanúnacha maidir leis sin san áireamh de réir mar a chuirfear an Plean i bhfeidhm. Déanfar scrúdú ar bhearta maolaithe amhail, *inter alia*, an t-ailíniú a bhfuil an tionchar is lú aige a roghnú, tógáil talún a íoslaghdú, modhanna agus uainiú deachleachtais tógála a úsáid agus gnáthóga caillte a athsholáthar, de réir mar a théann tionscadail ar aghaidh. Pléitear an gréasán iarnróid ó Thuaidh i gCaibidil 7, agus sa Tuarascáil Tionchair Natura.

D'ainneoin an mhéid thuas, ní mór cuimhneamh air chomh maith gur dócha go mbeidh iarmhairtí suntasacha dearfacha ag an bPlean ar an gcomhshaoil mar gheall ar an aistriú modhanna a bhfuiltear ag súil leis ó charranna príobháideacha go hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht. Áirítear leis na hiarmhairtí dearfacha a sainaithníodh, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, cáilíocht an aeir agus sláinte a fheabhsú, agus an réimse poiblí a fheabhsú. Mar sin, ní mór na hiarmhairtí dearfacha agus diúltacha araon a bhaineann leis na scéimeanna agus na bearta atá molta a chur san áireamh ar bhealach cothrom.

Go ginearálta, leanfar den phróiseas measúnachta comhshaoil le linn na céime forbartha tionscadail i gcás scéimeanna aonair ar cuid den Phlean iad. Agus an Plean á sheachadadh aige, déanfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar bhonn gníomhach, más féidir, ar fhorbairt agus cosaint an chomhshaoil nádúrtha agus na timpeallachta tógtha agus stairiúla a bhaineann leis na scéimeanna seo. Tacófar le tionscadail a théann ar aghaidh go dtí an chéim toilithe don fhorbairt trí mheasúnú comhshaoil, Measúnacht na Treorach um Ghnáthóga agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta de réir mar is cuí. Tógfar gach tionscadal iompair i gcomhréir leis na caighdeáin infheidhme dearaidh agus rialacháin chomhshaoil, agus déanfar bearta maolaithe atá ar aon dul le dea-chleachtas a chur san áireamh i ndearadh agus tógáil na scéimeanna sin.

4.6.1 Creat Rialála maidir le Cosaint agus Bainistíocht Comhshaoil

Tríd an bPlean seo a chur i bhfeidhm, cuirfidh an tÚdarás – in éineacht le húsáideoirí agus comhlachtaí eile – go carnach le baint amach spriocanna an chreata rialála maidir le cosaint agus bainistíocht comhshaoil, i gcomhréir le Treoracha AE - lena n-áirítear an Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE, arna leasú), an Treoir um Éin (2009/147/CE), an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (2011/92/AE, arna leasú ag 2014/52/CE) agus an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) – agus na Rialacháin ábhartha a thrasúinn iad.

4.6.2 Cinnteoireacht ag Leibhéil Níos Ísle

Ba cheart go gcuirfí na ceisteanna íogaire a shainaithnítear i gCuid 4 den Tuarascáil Chomhshaoil MST san áireamh nuair a dhéantar cinntí agus measúnú comhshaoil ag leibhéil níos ísle, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LfCSanna) agus Limistéir is larrthóirí ar LCSanna agus LfCSanna;
- Gnéithe den tírdhreach a chuireann naisc/nascacht le láithreacha ainmnithe ar fáil (m. sh. cúrsaí uisce, limistéir gnáthóige breacnádúrtha cosúil le coillearnacha líneacha srl);
- Uisce salmainide;
- Uisce sliogéisc;
- Abhantracha diúilicíní péarla fionnuisce;
- Limistéar Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá molta;

- Limistéir inar dócha go bhfuil gnáthóg atá liostaithe in larscríbhinn 1 den Treoir um Ghnáthóga;
- Láithreacha nach bhfuil ainmnithe ach atá tábhachtach do speicis éan geimhrithe nó pórúcháin ar údar imní caomhantais iad;
- Iontrálacha ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna agus Criosanna Acmhainneacht Seandálaíochta;
- Iontrálacha ar Thaifead na Struchtúr Cosanta;
- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta; agus
- Ainmniúcháin ábhartha tírdhreacha.

4.6.3 Próiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí i leith Bonneagar Ábhartha Nua

Tabharfar faoin bPróiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí seo a leanas i leith bonneagar ábhartha nua:

Céim 1 – Sainithint, Meastóireacht agus Roghnú Conaire Bealaigh

- Tacóidh sriantachtaí (iad siúd a sainithníodh i gCuid 4 den Tuarascáil Chomhshaoil MST san áireamh) agus deiseanna comhshaoil (amhail bonneagar líneach atá ann cheana) le roghanna féideartha ar conairí bealaigh a shainithint;
- Sainithneofar conairí a d'fhéadfadh a bheith indéanta ó thaobh spás don bhonneagar de, agus déanfar measúnú ar na conairí seo. Seachnóidh an chonair bhealaigh a roghnófar sriantachtaí agus sásóidh sí deiseanna a oiread agus is féidir, de réir chomhairle na saineolaithe ábhartha; agus
- Anuas ar na sriantachtaí a sainithníodh thuas, d'fhéadfadh go mbeadh sonraí allamuigh atá sainiúil don láthair ag teastáil chun na conairí is iomchuí a shainithint.

Céim 2 – Sainithint, Meastóireacht agus Roghnú Bealaigh

- Déanfar bealaí féideartha laistigh den rogha conaire a shainithint agus a mheasúnú. Seachnóidh an chonair bhealaigh a roghnófar sriantachtaí agus sásóidh sí deiseanna a oiread agus is féidir, de réir chomhairle na saineolaithe ábhartha, agus cuirfear san áireamh faisnéis ag leibhéal an tionscadail agus bearta féideartha maolaithe is féidir a bhaint amach go héasca;
- Anuas ar na sriantachtaí a sainithníodh thuas, d'fhéadfadh go mbeadh sonraí allamuigh atá sainiúil don láthair ag teastáil chun na bealaí is iomchuí a shainithint; agus
- Anuas ar na saincheisteanna comhshaoil, is dócha go ndéanfaidh saincheisteanna eile eolas do shainithint na gconairí bealaigh, chomh maith le beachtú na línte bealaigh.

4.6.4 Measúnacht Chuí

Déanfar scrúdú ar na tionscadail agus pleananna go léir a eascraíonn as an bPlean seo maidir leis an ngá le Measúnacht Chuí a dhéanamh faoi Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga. Ní cheadófar plean ná tionscadal ach tar éis don údarás inniúil a fháil amach, bunaithe ar fhianaise eolaíochta, ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí, agus ar an Mheasúnacht Chuí ina dhiaidh sin, más gá:

1. Nach mbeidh aon iarmhairtí diúltacha suntasacha díreacha, indíreacha nó tánaisteacha ag an bplean nó ag an tionscadal ar shláine aon láithreach Eorpaí (go haonarach nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile); nó
2. Go mbeidh iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an bplean nó tionscadal ar shláine aon láithreach Eorpaí (nach n-óstálann cineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta agus/nó speiceas tosaíochta) ach nach bhfuil aon réiteach eile ar fáil agus nach mór an plean nó an tionscadal a dhéanamh ar mhaithe le cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna sóisialta nó eacnamaíochta. Sa chás sin, beidh sé riachtanach na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus na bearta cúitimh go léir a chomhaontú agus a dhéanamh, bearta is gá iad le cinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint; nó
3. Beidh tionchar diúltach suntasach ag an bplean nó tionscadal ar shláine aon láthair Eorpach (is ósta do chineál gnáthóige nádúrtha tosaíochta agus/nó do speiceas tosaíochta) ach níl aon réiteach eile ar fáil agus ní mór an plean nó tionscadal a dhéanamh ar mhaithe le cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, teoranta do chúiseanna a bhaineann le sláinte an duine nó sábháilteacht phoiblí, d'iarmhairtí tairbhiúla a bhfuil tábhacht phríomhúil leo don chomhshaol nó, tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún, do chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh eile. Sa chás sin, beidh sé riachtanach na nósanna imeachta atá leagtha amach sa reachtaíocht a leanúint agus na bearta cúitimh go léir a chomhaontú agus a dhéanamh, bearta is gá iad le cinntiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 a chosaint.

4.6.5 Láithreacha Eorpacha a Chosaint

Ní cheadófar aon phlean ná tionscadal a bhfuil iarmhairtí suntasacha carnacha, díreacha, indíreacha nó tánaisteacha aige ar láithreacha Eorpacha mar gheall ar a mhéid nó a scála, a thógáil talún, a chongaracht, a riachtanais acmhainní, a astaíochtaí (diúscairt do thalamh, uisce nó aer), a riachtanais iompair, a mharthanacht tógála, a oibriú, a dhíchoimisiúnú nó ó aon iarmhairt eile ar bhonn an Phlean seo (go haonarach nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile⁴).

⁴ Seachas de réir mar a fhoráiltear in Alt 6(4) den Treoir um Ghnáthóga. Is é sin go gcaithfear:

a) nach bhfuil réiteach eile ar fáil,

b) go bhfuil cúiseanna dianriachtanacha a bhaineann le leas poiblí sáraitheach ann go leanfadh an plean/clár/straitéis/tionscadal srl. ar aghaidh; agus

c) go bhfuil bearta leordhóthanacha cúitimh i bhfeidhm.

4.6.6 An tAthrú Aeráide, Astaíochtaí agus Fuinneamh

Mar a sainaithníodh sa Tuarascáil Chomhshaoil MST a ghabhann leis an bPlean seo, éascaíonn an Plean gluaiseacht inbhuanaithe agus na tionchair dhearfacha a bhaineann léi, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó srian a chur lena méadú, agus na spriocanna gás ceaptha teasa bainteacha atá ceangailteach ó thaobh an dlí a bhaint amach;
- Astaíochtaí go haer a laghdú, nó srian a chur lena méadú, agus na spriocanna bainteacha maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach, agus mar sin cuidiú le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint;
- Ídiú foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite a laghdú, nó srian a chur lena méadú, agus spriocanna fuinnimh inathnuaite atá ceangailteach ó thaobh an dlí a bhaint amach agus
- Slándáil fuinnimh.

Agus an Plean á chur i bhfeidhm aige, tacóidh an tÚdarás leis na forálacha cuí atá sa Phlean Náisiúnta Maolaithe (2017), sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú (2018), sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2019), i dtuarascáil na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ó 2017 “Pleanáil Oiriúnaithe – Seasmhacht i gcoinne an Athraithe Aeráide in Earnáil Iompair na hÉireann”, i straitéisí oiriúnaithe na n-údarás áitiúil agus in aon Plean Réigiúnach Dícharbónaithe arna n-ullmhú de bhun gealltanais sna SRSEanna.

Cuimseoidh cur i bhfeidhm an Phlean spriocanna agus gníomhartha ábhartha ón bPlean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide don earnáil iompair, a ghlac an Rialtas in 2019, freisin.

Tuigeann an tÚdarás an gá atá ann le hastaíochtaí a laghdú, agus mar sin féachfaidh sé lena chinntiú go dtabharfar tús áite do roghanna iompair a chuirfidh laghduithe aonaid ar astaíochtaí ar fáil. Is é an bealach is éifeachtaí chun é sin a dhéanamh ná úsáid iompair phoiblí, siúl agus rothaíocht a chur chun cinn, agus trí iarracht ghníomhach a dhéanamh úsáid carranna a laghdú nuair a bhíonn roghanna eile ar fáil.

Le linn beartais agus pleananna a bhaineann le hathrú aeráide, astaíochtaí carbóin agus úsáid fuinnimh a ullmhú agus/nó a athbhreithniú, féachfaidh an tÚdarás le cuspóirí an Phlean a chomhtháthú, de réir mar is cuí.

4.6.7 Tograí Eile ón MST

Agus an Plean á chur i bhfeidhm, féachfaidh an tÚdarás lena chinntiú go gcomhlíonfar na bearta maolaithe i dTábla 9.2 den Tuarascáil Chomhshaoil MST. Déantar achoimre ar na bearta sin sa tábla seo a leanas.

Achoimre ar Mholtaí na MST/MC

Uimh. Chaibidle den Phlean	Uimh. agus Teideal na Coda	Achoimre ar Mholadh na MST/MC
2. Cúlra an Phlean Forfheidhmithe	2.3 Pleanáil Spásúil	Ráiteas go mbeidh gá MST agus MC a dhéanamh i leith aon Straitéis Iompair do na Limistéir Chathrach seo amach anseo
4. Clár Foriomlán Infheistíochta Bonneagair	4.6.1 Creat rialála maidir le cosaint agus bainistíocht comhshaoil	Rannchuidiú leis an gcreat rialála maidir le cosaint agus bainistíocht comhshaoil
4.6 Cúrsaí comhshaoil	4.6.2 Cinnteoireacht ag Leibhéil Níos Ísle	An riachtanas gur cheart go gcuirfí na ceisteanna íogaire a shainithnítear i gCuid 4 den Tuarascáil Chomhshaoil MST san áireamh nuair a dhéantar cinntí agus measúnú comhshaoil ag leibhéil níos ísle
	4.6.3 Próiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí i leith bonneagar ábhartha nua	Leagtar amach ann Próiseas Roghnúcháin Conairí agus Bealaí a thabharfar faoi i leith bonneagar ábhartha nua:
	4.6.4 Measúnacht Chuí	Leagtar amach ann riachtanais maidir le Measúnacht Chuí
	4.6.5 Láithreacha Eorpacha a Chosaint	Beart lena bhforáiltear do Láithreacha Eorpacha a Chosaint
	4.6.6 An tAthru Aeráide, Astaíochtaí agus Fuinneamh	Tá gealltanas ann maidir leis na rudaí seo a leanas: tacaíocht a thabhairt d'fhorálacha pleananna clár srl. maidir leis an athru aeráide, astaíochtaí agus fuinneamh; spriocanna agus gníomhartha a bhaineann le hoiriúnú aeráide a chuimsiú; agus féachaint lena chinntiú go dtabharfar tús áite do roghanna iompair a chuirfidh laghduithe aonaid ar astaíochtaí ar fáil
	4.6.7 Moltaí Eile ón MST	Riachtanas go gcomhlíonfaí bearta maolaithe eile. Tugtar na bearta sin ina n-iomláine i dTábla 9.2 sa Tuarascáil Chomhshaoil MST faoi na teidil seo a leanas: • Pleananna Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil • Plean Cothabhála • Aer agus Fuinneamh • Sláinte an Duine • An Bhithéagsúlacht a Chosaint lena n-áirítear an Líonra Natura 2000 • Pleananna na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Pleananna Comhtháite Bainistíochta • Bainistiú an Chreasa Chósta • Líonraí Bithéagsúlachta agus Éiceolaíochta • Críosanna Bruachánacha agus Dobharlaigh agus Sruthchúrsaí a Chosaint • An bhitheagsúlacht, an bhitheagsúlacht neamhainmnithe san áireamh • Speicis Fhótamhothálacha • Neamhdhúchasach • Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh • Dramhaíl Tógála • Cruthú Dramhaíola • Diúscairt Dramhaíola • Sócmhainní agus Bonneagar Poiblí • An Chreat-treoir Uisce agus an reachtaíocht ghaolmhar • Plean Bainistíochta Abhantraí • Uisce Snámha • Teoracha Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte • Draenáil Uisce Dromchla agus Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDs) • Ainmniúcháin Tírdhreacha • Taitneamhacht • Limistéir Chósta agus Muirdhreacha • Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha • Oidhreacht Seandálaíochta • Láithreacha Seandálaíochta a Chosaint • Comhairliúcháin • Láithreacha Seandálaíochta • Faoi Uisce • Oidhreacht Ailtireachta • Cosaint agus Éilliú Ithreach • Limistéir is díol spéise ó thaobh na geolaíochta de • Tógáil Talún

5 Infheistíocht i mBusanna

5.1 Cúlra

Iompraíodh thart ar 136 milliún paisinéir ar sheirbhísí bus de chuid Bhus Átha Cliath, a oibríonn faoi chonradh leis an Údarás, sa bhliain 2017. Nuair a chuirtear le chéile an figiúr sin leis an bhfigiúr do sheirbhísí comaitéara Bhus Éireann i réigiún Bhaile Átha Cliath, iompraíodh 143 milliún paisinéir ar sheirbhísí bus á n-oibriú ag an Stát i gceantar Bhaile Átha Cliath, i gcomparáid le 38 milliún ar an Luas agus 33 milliún paisinéir ar an DART agus ar sheirbhísí comaitéara iarnróid.

Ó thaobh céatadán de, is ionann an córas bus agus os cionn 67% de thurais phaisinéara ar iompar poiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ciallaíonn sé sin go n-iompraíonn an bus dhá thrían de na paisinéirí iompair phoiblí go léir, agus iompraíonn an Luas 18% agus clúdaíonn seirbhísí DART agus iarnróid chomaitéara an 15% eile.

I bhfianaise an phatrúin forbartha scaipthe ar dhlús íseal atá tarlaithe leis na scórtha bliain anuas, fad a d'fhás bailte agus cathracha na hÉireann, is léir go mbeidh ról lárnach agus príomhúil ag an mbus sa mhargadh leathnaithe iompair ar feadh tréimhse fhada amach anseo. Mar sin, ní don ghearrthéarma amháin a dhéantar infheistíocht i bhforbairt iompair phoiblí atá bunaithe ar bhusanna, ach don mheántéarma agus don fhadtéarma chomh maith.

Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an mbrú tráchta ar bhóithre le blianta beaga anuas, tarraingíodh aird ar an ngá le leibhéal méadaithe iompair phoiblí a chur ar fáil chun rogha eile a sholáthar in ionad comaitéireacht i gcarranna. Sa ghearrthéarma, ní mór soláthar feabhsaithe den chineál sin a chur ar fáil trí bhusanna, i bhfírinne, mar feileann córas iompair atá bunaithe ar bhusanna an timpeallacht forbartha ísealdúlúis, agus is féidir chomh maith iompar poiblí atá bunaithe ar bhusanna a chur i bhfeidhm níos tapúla ná córas iompair phoiblí bunaithe ar iarnród.

Tá roinnt beart agus infheistíochtaí de dhíth chun feabhas a chur ar tharraingteacht an chórais busanna. Beidh gá le cur chuige ar fud an líonra chun aghaidh a thabhairt ar fheabhsúchán an líonra agus an fhlít, tús áite a thabhairt do bhusanna níos minice, agus béim a leagan ar áiseanna custaiméirí cosúil le soláthar eolais (eolas fíor-ama do phaisinéirí san áireamh), áiseanna ardchaighdeán stadanna bus agus foscadán bus, ródúchán seirbhísí atá barrfheabhsaithe, agus áiseanna áisiúla idirmhalartaithe idir seirbhísí agus modhanna eile. Athrófar na modhanna íocaíochta ó bhonn thar shaolré an phlean seo. Úsáidfear trealamh nua ticéadaithe ar sheirbhísí bus sa chathair agus tacófar le teicneolaíochtaí nua, cártaí bainc gan tadhall agus barrachóid san áireamh.

I rith 2017 agus 2018, tharraing an tÚdarás gach gné d'infheistíocht i mbusanna le chéile i gclár amháin dar teideal BusConnects. Tá an branda seo á úsáid le haghaidh mórphacáistí infheistíochta i mbusanna i ngach cathair, agus is é BusConnects Bhaile Átha Cliath an clár do réigiún Bhaile Átha Cliath.

5.2 Cuspóirí agus Gnéithe

Is í aidhm BusConnects Bhaile Átha Cliath ná an córas bus reatha i réigiún Bhaile Átha Cliath a leasú ó bhonn trí:

- gréasán de chonairí bus nua a thógáil ar na bealaí bus is gnóthaí chun turais bhus a dhéanamh níos tapa, intuartha agus iontaofa;
- an gréasán bealaí bus a athdhearadh go hiomlán chun gréasán níos éifeachtaí a sholáthar, níos mó áiteanna a nascadh agus níos mó paisinéirí a iompar;
- córas ticeádaithe den chéad scoth a fhorbairt a thacódh le húsáid cártaí creidmheasa agus dochair, fóin phóca agus barrachóid chun nascadh le cuntais íocaíochta agus, mar sin, íocaíocht a dhéanamh i bhfad níos áisiúla;
- córas íocaíochta gan airgead tirim a chur i bhfeidhm chun amanna bordála do phaisinéirí a dhéanamh i bhfad níos tapúla;
- an córas táillí a leasú ó bhonn chun struchtúr táillí níos simplí a chur ar fáil, a cheadóidh gluaiseacht éasca idir seirbhísí bus difriúla gan pionóis airgid;
- libhré nua bus a chur i bhfeidhm a chuirfidh cuma nua-aimseartha ar an gcóras bus nua;
- na stadanna bus nua a chur i bhfeidhm le comharthaí níos fearr agus soláthar scáthlán bus breise a mhéadú;
- áiseanna páirceála agus taistil a fhorbairt in áiteanna tábhachtacha; agus
- aistriú chuig flít busanna nua le teicneolaíochtaí feithicle astaíochtaí ísle.

Is é atá i BusConnects Bhaile Átha Cliath ná clár de ghníomhartha comhtháite, a bhainfidh amach, le chéile, córas bus a chuirfidh ar chumas níos mó daoine taisteal ar an mbus ná mar a thaisteal riamh, agus a dhéanfaidh rogha inmharthana tarraingteach de chomaitéireacht ar an mbus d'fhostaithe, do dhaltaí, do shiopadóirí agus do chuairoteoirí. Tá go leor de na tionscnaimh sin ar siúl cheana, lena n-áirítear an tionscadal conaire lárnaí, an tionscadal Ticeádaithe den Chéad Ghluin eile agus an t-athbhreithniú ar ghréasán bus cheantar Bhaile Átha Cliath.

Clúdaíonn gnéithe an chláir BusConnects Bhaile Átha Cliath roinnt réimsí den Phlean seo. Díríonn an chuid seo den Phlean ar na gnéithe bonneagair, ach ní chuirtear an córas ticeádaithe san áireamh, gné a chlúdaítear i gcaibidil 10.

5.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta

Mar chuid den fho-chlár seo, tá na tograí i ndáil le hinfheistíocht i mbusanna cuimsithe i dtrí réimse infheistíochta:

- Conairí Bus Lárnacha agus Áiseanna Feabhsaithe Cómhálartaithe;
- Infheistíocht i bhFlít na mBusanna; agus
- Soláthar Scáthlán agus Stadanna Bus.

Mar gheall ar shainchúram reachtúil an Údaráis, ní bhaineann na tograí faoin bPlean seo i dtaca leis an gcéad mhír – Conairí Bus Lárnacha agus Áiseanna Feabhsaithe Cómhálartaithe – ach le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ach baineann na tograí i dtaca leis an dá réimse infheistíochta eile leis an Stát ar fad.

Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis na tograí faoi na réimsí seo sna codanna seo a leanas. Pléann na caibidlí ina dhiaidh sin na réimsí eile den chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath.

Táthar ag súil leis go n-infheisteofar €1,239.1 milliún san iomlán faoin fho-chlár busanna. Luaitear na méideanna infheistíochta bliantúla a bheidh ag teastáil thar sé bliana an Phlean sa tábla thíos. Tá na méideanna luaite seo faoi réir coigeartuithe i rith thréimhse an Phlean i gcomhréir leis na tosaíochtaí tionscadal, le dul chun cinn na dtionscadal agus le srianta maoinithe an Stáitchiste.

Tábla 3 – Próifíl Mhaoiniúcháin maidir le hInfheistíocht i mBusanna

	2019 (€m)	2020 (€m)	2021 (€m)	2022 (€m)	2023 (€m)	2024 (€m)	Total (€m)
Infheistíocht i mBusanna	108.9	157.7	242.5	215.0	255.0	260.0	1,239.1

Tugtar tuilleadh sonraí faoi na réimsí beartaithe infheistíochta sna codanna seo a leanas.

5.4 Conairí Bus Lárnacha – BusConnects Bhaile Átha Cliath

5.4.1 Stádas Reatha

Faoi láthair, ar na bealaí bus is gnóthaí i réigiún Bhaile Átha Cliath, níl lánáil bus i bhfeidhm ach le haghaidh níos lú ná trian den chonair. Ciallaíonn sé sin, maidir leis an gcuid is mó den turas, go mbíonn busanna san iomaíocht leis an trácht ginearálta le haghaidh spáis agus go mbíonn tionchar ag an méadú ar bhrú tráchta orthu freisin. Tá tionchar aige sin ar fheidhmíocht an chórais busanna, laghdaíonn sé luas na mbusanna agus tá tionchar diúltach aige ar amanna turais iontaofa agus poncúla, ar cuid ríthábhachtach de chóras iompair phoiblí iad.

Go dtí le déanaí, rinne busanna a lán idirstadanna agus pháirceáil siad go minic i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, agus úsáideadh an spás gann ar cholbha an chosáin dá bharr sin. Tar éis obair a bheith déanta le blianta beaga anuas maidir le seirbhísí bus a athdhearadh, laghdaíodh scála na faidhbe seo go suntasach. Is féidir níos mó oibre a dhéanamh, áfach, le hidirstad agus páirceáil busanna a athlonnú a thuilleadh ó áiteanna lárnacha.

As féin, tugtar tús áite do bhusanna ag roinnt acomhal soilsithe i MCBÁC faoi láthair. Trí theicneolaíocht a chuireann feithiclí in ord tosaíochta a úsáid ag acomhail soilsithe eile, d'fhéadfadh go bhfeabhsófaí feidhmíocht busanna a thuilleadh fad a choimeádtar feidhmíocht ghinearálta an ghréasáin do thrácht eile.

5.4.2 Conairí Bus Lárnacha

Mar chuid den obair chun an Straitéis Iompair a fhorbairt, tugadh faoi roinnt staidéar inar sainithníodh Conairí Bus Lárnacha a bhfuil gá le leibhéil shuntasacha infheistíochta a dhéanamh ina leith, mar gheall ar an éileamh ar thaisteal, d'fhoill moilleanna ar sheirbhísí bus a íoslaghdú.

Is iad na bealaí bus is tábhachtaí sa réigiún atá sa ghréasán Lárnach Bus seo; is iad sin na bealaí ag a mbíonn ardmhinicíocht seirbhísí bus agus líon mór paisinéirí, agus bíonn áiteanna a mheallann cuairteoirí lonnaithe le taobh gach bealaigh. Tá sé cinn déag de chonairí lárnacha gathacha bus sa

ghréasán lárnach a sainithníodh, chomh maith le trí chuarchonair bus agus sé chonair réigiúnacha bus. Cé gur bealaí lárnacha ard-mhinicíochta bus atá sa ghréasán seo, cuireann seirbhísí eile bus leis a oibríonn ar bhealaí a bhfuil minicíocht níos ísle ag baint leo, chomh maith le busanna áitiúla a oibríonn ar bhealaí eile.

Freastalóidh an gréasán seo de Chonairí Bus Lárnacha ar bhunáiteanna agus cinn scríbe móra ar fud Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath agus MCBÁC, go háirithe na háiteanna sin nach bhfreastalaíonn iarnród éadrom ná iarnród trom orthu. Cuirfidh an gréasán deiseanna níos fearr ar fáil chomh maith ar idirmhalartú áisiúil agus iontaofa leis na seirbhísí sin.

5.4.3 Tograí

Tús Áite do Bhusanna a Fheabhsú

Mar a leagadh amach thuas, baineadh go leor amach cheana féin le freastal ar ghluaiseacht busanna i MCBÁC, agus is cuspóir an Phlean é forbairt a dhéanamh ar an obair sin. D'fhonn córas busanna éifeachtach iontaofa éifeachtúil a chinntiú, tá sé beartaithe, mar chuid den Phlean, dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na gConairí Bus Lárnacha chun tosaíocht leanúnach a bhaint amach do ghluaiseacht busanna, a oiread agus is féidir.

Ciallaíonn sé sin go mbeidh tosaíocht níos mó ag busanna ar na conairí sin de thoradh ar sholáthar feabhsaithe lánaí bus agus bearta bainistíochta tráchta, dá rud a chuirfidh deireadh leis na moilleanna a bhíonn ann sa ghréasán bus sna háiteanna ábhartha. Cuirfidh sé seo ar chumas busanna rogha eile iompair níos tapúla agus níos iontaofa a chur ar fáil ar na conairí sin, in ionad carranna a úsáid, agus dá bharr sin beidh iompar bus ina rogha níos tarraingtí d'úsáideoirí bóithre. Beidh an córas foriomlán busanna níos éifeachtúla dá bharr chomh maith, mar beifear in ann líon i bhfad níos mó daoine a iompar leis an leibhéal céanna acmhainní ó thaobh feithicilí agus tiománaithe de nuair a bheidh na turais bus níos tapúla agus níos iontaofa.

Foilsíodh faisnéis tosaigh maidir leis na Conairí Bus Lárnacha, a leagtar amach thíos, i Meitheamh 2018:

- Cluain Ghrífin – Lár na Cathrach;
- Sord – Lár na Cathrach;
- Baile Munna – Lár na Cathrach;
- Fionnghlas – Baile Phib;
- Baile Bhlainséir – Lár na Cathrach;
- Leamhcán – Lár na Cathrach;
- Gleann na Life – Lár na Cathrach;
- Cluain Dolcáin – Droimeanach;
- Na Glaschnoic – Lár na Cathrach;
- Camaigh – Lár na Cathrach;
- Tamhlacht – Tír an Iúir;
- Ráth Fearnáin – Lár na Cathrach;
- Bré – Lár na Cathrach;
- UCD Droichead na Dothra – Lár na Cathrach
- An Charraig Dhubh – Muirfin; agus
- An Rinn – Lár na Cathrach.

Beidh roinnt cuarbhealaí ina gcuid thábhachtach den chóras busanna chomh maith, agus cinnteoidh siad go mbeifear ábalta líon i bhfad níos mó turas a dhéanamh ar iompar poiblí ar bhealach áisiúil éifeachtúil laistigh den Limistéar Cathrach. Moltar go bhforbrófaí sé chuarbhealach mar chuid den ghréasán Conairí Bus Lárnacha. Is iad sin:

- Dún Laoghaire – Dún Droma;
- Dún Droma / UCD – Tamhlacht;
- Dún Droma – Fionnghlas;
- Raghmallach – Droim Conrach;
- Tamhlacht – Baile Bhlainséir; agus
- Baile Bhlainséir – Cill Bharróg.

D'fhéadfadh go n-athrófaí na cuarchonairí seo agus d'fhéadfadh go gcuirfí cuarchonairí eile leo mar gheall ar na moltaí maidir le cuarsheirbhísí bus atá ag teacht chun cinn ón athbhreithniú ar leith ar sheirbhísí bus ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe go dtabharfar faoi oibreacha spriocdhírithé maidir le tús áite do bhusanna ar na cuarchonairí seo ar dtús, d'fhoill aghaidh a thabhairt ar áiteanna ar leith atá ina gcúis leis na príomh-mhoilleanna ar an ngréasán cuarchonairí. Tabharfar tograí chun tosaíocht níos cuimsithí a sholáthar do bhusanna ar na cuarbhealaí seo chun tosaigh lena gcur i bhfeidhm sna céimeanna deiridh den Phlean.

Ar an iomlán, tá sé beartaithe go gcuirfear thart ar 230 ciliméadar de lánaí bus aonbhealaigh ar fáil ar na cuarchonairí sa Ghréasán Lárnach Bus faoin bhliain 2027. Laistigh de thréimhse an Phlean seo, tá sé beartaithe go bhforbrófar leath den mhéid foriomlán seo – 115 ciliméadar de lánaí bus. Bainfidh sé sin na moilleanna atá ar siúl ar na bealaí seo faoi láthair, moilleanna a éireoidh níos measa de réir mar a mhéadóidh an brú tráchtá, agus ligfidh sé do na busanna na mílte paisinéir dá gcuid a iompar agus níos mó cinnteachta acu faoin am a bhainfidh siad a gcinn scríbe amach.

Áiseanna Feabhsaithe Cómhalartaithe

Mar gheall ar fhorbairt na gConairí Bus Lárnacha thuasluaite, in éineacht leis an athbhreithniú cuimsitheach ar an nGréasán Bus Cathrach, beidh deiseanna suntasacha ar fáil chun réimse níos leithne turas a dhéanamh trí idirmhalartú a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh idirmhalartú idir cuarsheirbhísí nua bus agus seirbhísí feabhsaithe lárnacha i gceist, chomh maith le hidirmhalartú idir an bus agus an t-iaradród. Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an leibhéal cuí infheistíochta chun áiseanna idirmhalartaithe a fheabhsú.

Déanfar an infheistíocht seo de réir na bprionsabal seo a leanas:

- Aistriú fíoréasca agus éifeachtúil idir na modhanna iompair go léir atá beartaithe;
- Comhtháthú níos fearr leis an gcomhthéacs uirbeach áitiúil, lena n-áirítear an réimse poiblí agus úsáidí talún atá ann agus a bheidh ann amach anseo;
- Eolas ardchaighdeán do phaisinéirí maidir leis na modhanna iompair phoiblí go léir a fhreastalaíonn ar an acomhal agus timpeallacht an acomhail;
- Idirmhalartú slán sábháilte do phaisinéirí ó thaobh scáthlám bus, soilsiú, suíocháin, páirceáil do rothair agus inrochtaineacht do choisithe / rothaithe de; agus
- Córais bhainistíochta, cothabháil, ailtireacht, maoin srl. a chomhtháthú i measc oibreoirí.

Is ann do roinnt catagóirí idirmhalartaithe a bhfuil infheistíocht de dhíth ina leith. Leagfar béim ar infheistíocht a dhéanamh i bpríomhacmhail fho-uirbeacha a bheidh ina moil don ghréasán atá ag teacht chun cinn, iad siúd a bhfreastalaíonn iarnród orthu san áireamh. Áirítear leo Baile Bhlainséir, Gleann na Life, Cluain Ghrífin, Fionnghlas, Tamhlacht agus Dún Droma. Beidh sé tábhachtach an chaoi a n-idirmhalartaíonn daoine idir seirbhísí i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh chomh maith, agus beidh gá le scrúdú a dhéanamh ar áiseanna ag gach áit ina dtagann DART, Luas agus busanna le chéile, go háirithe de réir mar a théann líon na bpaisinéirí i méid.

5.5 Flít na mBusanna

5.5.1 Stádas Reatha

I dtéarmaí an fhlít busanna, rinneadh infheistíocht shuntasach i bhflít na mbusanna go luath sna deich mbliana seo caite. Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, áfach, ní dhearnadh mórán infheistíochta in athnuachan an fhlít busanna ó thart ar 2007 go dtí go luath sna 2010idí. De thoradh air sin, chuaigh meánaois fhlít Bhus Átha Cliath i méid. Ní chuireann busanna níos sine an leibhéal céanna compord ar fáil do phaisinéirí is a chuireann busanna nua-aimseartha. Anuas air sin, tá costais níos airde oibriúcháin agus chothabhála ag baint leo, rud a chuireann tuilleadh brú ar na méideanna teoranta fóirdheontas seirbhíse poiblí.

Is é an cur chuige cuí i leith bhainistíocht fhlít na mbusanna ná clár chun flít na mbusanna a athsholáthar ar bhonn leanúnach. Trí leibhéal leanúnach athsholáthair a dhéanamh gach bliain, seachnaítear na hathruithe a bhí ina gcomhartha sóirt ag cuir chuige roimhe seo.

Is ionann an uasaois inmhianaithe do ghnáthbhusanna dhá stór a oibríonn ag úsáid optamach, gan mórán briseadh seirbhíse, agus 14 bliana, agus téann costais chothabhála agus reatha i méid go suntasach ina dhiaidh sin. Go ginearálta, is fearr an sprioc 12 bhliain a leagan síos toisc go mbíonn déantúsóirí sásta barántais a thairiscint ar fhráma an bhus agus ar ghnéithe áirithe eile suas go dtí teorainn 12 bhliain.

Is saincheisteanna fíorthábhachtacha iad cuma, infhaighteacht agus iontaofacht feithiclí a bhfuil tionchar acu ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do phaisinéirí. Is cuid thábhachtach den straitéis um cháilíocht é meánaois an fhlít a choimeád íseal, mar cuireann sé le tarraingteacht iompar poiblí an lae inniu, agus treisíonn sé an beartas atá luaite ag an Rialtas maidir leis an aistriú modhanna ó charranna príobháideacha.

Is ann do roinnt gnéithe feabhsaithe sna feithiclí nua a bhfuil sé mar aidhm acu timpeallacht an bhus a fheabhsú don Chustaiméir. Áirítear leis na feabhsuithe sin, taobh istigh níos fairsinge atá níos airde agus níos leithne thuas agus thíos staighre, córais fheabhsaithe teasa agus aerála, suíocháin fheabhsaithe, eolas faoin gcéad stad eile, cumas Wi-Fi, oiriúnacht níos fearr do chathaoirí rothaí, spás ar leith do bhugaithe agus doirse lárnacha. Méadaíonn na gnéithe sin go léir compord na dturas ar bhusanna, agus mar sin méadaíonn siad tarraingteacht na mbusanna, ó thaobh comaitéireacht a dhéanamh de, i gcomparáid le roghanna eile.

Chomh maith leis sin, déantar astaíochtaí sceite a laghdú de thoradh ar fheithiclí níos nua-aimseartha a chur in ionad busanna níos sine. Comhlíonann gach feithicil a ceannaíodh ó 2015 ar aghaidh na caighdeán Euro VI is déanaí maidir le hastaíochtaí. Ós rud é go ndearnadh an chuid is mó de na busanna ar cuireadh busanna nua ina n-áit sa bhliain 2000/2001, is laghdú an-suntasach ar astaíochtaí atá i gceist, go háirithe maidir le hocsáid nítriúil agus cáithníní.

Ba ionann meánaois fhlít busanna Bhus Átha Cliath agus 7.2 bliain ag deireadh na bliana 2017. Bunaithe ar aois uasta 12 bhliain do bhusanna dhá stór, tá sé beartaithe go mbainfí leibhéal leanúnach cothabhála amach ina mbeidh meánaois fhlít na mbusanna dhá stór idir 6 bliana agus 7 mbliana.

Tá roinnt oibreoirí i gceist sa ghréasán fóirdheonaithe i gcoitinne, Bus Éireann go príomha, agus is ann do mheascáin dhifriúla flíteanna sa ghréasán sin, líon mór cóistí san áireamh, rud a léiríonn na bealaí níos faide atá á n-oibriú. Baineann prionsabal den chineál céanna leis na cineálacha feithiclí sin, is é sin, go n-oibreofar clár athsholáthair leanúnach pleanáilte, a chinnteoidh aois optamach flít i dtaca le gach cineál feithicle.

5.5.2 Togra

Mar a leagadh amach i gcuid 5.5.1 thuas, i bhfianaise thábhacht chaighdeán an fhlít busanna ó thaobh seirbhís iompair phoiblí tharraingteach a sholáthar, tá sé beartaithe infheistiú a dhéanamh i gclár athnuachana flít ina bhféachfar lena chinntiú go gcoimeádfar meánaois an fhlít busanna le haghaidh seirbhísí a mhaoinítear go poiblí idir 6 bliana agus 7 mbliana. Beidh leibhéal infheistíochta leanúnach ag teastáil don chlár athnuachana sin, a mbeidh leibhéal comhsheasmhach athsholáthair busanna ann gach bliain mar thoradh air.

I gcás seirbhísí cathrach Bhaile Átha Cliath, atá á n-oibriú anois ag Bus Átha Cliath agus Go-Ahead Ireland Limited, is ionann na leibhéil leanúnacha athsholáthair agus thart ar 90 feithicil in aghaidh na bliana. I gcás na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibríonn Bus Éireann, tá na leibhéil leanúnacha athsholáthair beagáinín níos ísle - thart ar 55 go 60 feithicil in aghaidh na bliana.

Tá sé beartaithe go bhféachfar leis an leibhéal leanúnach athsholáthair a choimeád i dtaca le busanna/cóistí le linn thréimhse an Phlean. Anuas air sin, de réir mar a théann éileamh ó phaisinéirí i méid, ceannófar tuilleadh feithiclí chun an acmhainn a chur ar fáil le héileamh a chomhlíonadh, de réir mar is gá.

Le hinfeistíocht a rinneadh i bhflít na mbusanna le déanaí, soláthraíodh caighdeán feabhsaithe agus nua-aimseartha feithiclí. Maidir le busanna dhá stór, i measc na bhfeabhsúcháin sin bhí na cinn seo a leanas:

- An dara doras a sholáthar ar bhusanna ionas go mbeidh daoine in ann dul isteach agus amach as an mbus níos tapúla. Is cuid shuntasach den aga foriomlán turais iad agaí stoptha ag stadanna;
- Suíochánra níos fearr i bhfoirm suíochánra aonair seachas suíochánra caighdeánach den chineál binse;
- Aitheantas feabhsaithe na spásanna do chathaoireacha rothaí;
- Feabhsuithe i leith spásáil do na cosa;
- Staighre rochtana díri chuig an urlár uachtarach;
- Spás ar leith do bhugaithe;
- Fógraí fuaime agus taispeántí amhairc a éascóidh aithint an chéad stad eile; agus
- Soláthar Wi-Fi agus pointí luchtaithe USB.

Tá sé beartaithe go mbainfidh sonraíochtaí den chineál céanna le feithiclí a gheofar amach anseo faoin bPlean seo, agus déanfar machnamh gear ar ghnéithe inrochtaineachta agus áisiúlachta do phaisinéirí maidir le gach flít nua.

Maidir leis an bhflít réigiúnach, tá an tÚdarás ag tabhairt cineál nua feithicle isteach. Is feithicil urláir ísil atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí é seo, a bheidh ábalta oibriú ar bhealaí réigiúnacha ar an luas céanna le cóistí. Feabhsóidh an feithicil seo oiriúnacht an fhlít réigiúnaigh do chathaoireacha rothaí. Ceadóidh sí bordáil shimplí “rolladh isteach” trí rampa ag doras iontrála na feithicle, in ionad na socruithe níos casta le haghaidh ardaitheoirí do chathaoireacha rothaí atá ar chóistí eile. Tabharfar faoi fheabhsúcháin bhreise maidir le feidhmíocht an fhlít ó thaobh inrochtaineachta de le linn thréimhse an Phlean.

Leagtar amach sa chéad chuid eile an cur chuige a ghlacfar maidir le feidhmíocht an fhlít nua ó thaobh fuinnimh agus comhshaoil de.

5.5.3 Feithiclí Astaíochtaí Ísle

Is é ceann de na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 ná *“aistriú chuig busanna astaíochtaí ísle, busanna leictreacha san áireamh, don fhlít busanna uirbeacha poiblí, agus busanna saor ó dhíosal a cheannach ó mhí Iúil 2019 ar aghaidh”*.

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na hEorpa le treoir nuashonraithe (Treoir 2019/1161) i Meitheamh 2019 a bhfuil sé mar aidhm aici ceannach feithiclí astaíochtaí ísle agus saor ó astaíochtaí mar chuid de fhlíteanna poiblí a chur chun cinn. Tugann an Treoir nua, nach mór a thrasú sa dlí náisiúnta faoi Lúnasa 2021, sainmhíniú ar “feithiclí glana” agus leagtar amach inti spriocanna náisiúnta maidir lena soláthar poiblí.

Tabharfaidh an tÚdarás a mheastóireacht ar theicneolaíochtaí éagsúla feithicle lena n-úsáid san fhlít nua busanna i gceantair uirbeacha chun críche, agus an “Treoir um Fheithiclí Glana” á cur san áireamh leis, agus cuirfidh sé socrú nua i bhfeidhm maidir leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí ísle ó Iúil 2019 ar aghaidh. Déanfaidh sé monatóireacht ach go háirithe ar an acmhainneacht atá ann chun leas a bhaint as feithiclí lánleictreacha i gceantair uirbeacha, de réir mar a théann an teicneolaíocht in aibíocht. Is iad na tairbhí a bhainfeadh leo siúd ná leibhéil ísle torainn agus go mbeidís saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa.

5.6 Stadanna agus Scáthlár Bus

5.6.1 Stádas Reatha

Rachfar i ngleic le gné amháin d'eispéireas an chustaiméara nuair a chinnteofar go mbeidh na feithiclí bus ar ardchaighdeán. Gné thábhachtach eile is ea an méid soláthair ardchaighdeán cois bóthair a bheidh ann maidir le scáthlár agus stadanna bus. Tá sé seo i bhfad níos lú ná mar a d'fhéadfadh sé a bheith faoi láthair, agus is mar gheall i bpáirt ar infheistíocht teoranta é sin.

Áirítear leis na heasnamh atá ann faoi láthair na heasnamh seo a leanas:

- Drochchaighdeán roinnt stadanna bus níos sine – pollaí creimthe, faisnéis teoranta nó gan aon fhaisnéis;

- I gceantair tuaithe, is minic nach mbíonn aon chineál ardán buan pollaí na stadanna bus leagtha sa chiumhais féir;
- Drochdhromchla bóthair ag stadanna;
- Drochdhearadh agus drochthógáil bána bus;
- Drochchaighdeán faisnéise bealaigh agus táille ag go leor stadanna;
- Droch-shoilsíú;
- Easpa nasc cosáin iomchuí chuig go leor stadanna bus, go háirithe faoin tuath;
- Easpa scáthlán bus i suíomhanna inar chóir iad a bheith ar fáil;
- Drochchaighdeán roinnt mhaith de na scáthlái bhus níos sine;
- Cúrsaí fógraíochta ag teacht salach ar leagan amach agus ar sholáthar scáthlán bus;
- Drochchaighdeán suíochánra i scáthlái bhus go ginearálta;
- Easpa bána bus nó bearnaíl chun éascaíocht a dhéanamh ar fheithiclí eile a théann thar bhusanna ina stad;
- Gan dóthain stadanna á gcomhroinnt idir oibreoirí;
- Easpa comhréireachta i gcineálacha bonneagair na stadanna bus;
- Gan aon saoráidí páirceála rothar nó gan dóthain acu ag go leor stadanna atá ábhartha dá soláthar;
- Gan dóthain boscaí bruscair ag cuid mhaith stadanna bus agus scáthlán bus; agus
- Graifítí i go leor suíomh.

5.6.2 Togra

Is é cuspóir an Phlean seo clár a chur i bhfeidhm chun caighdeán na saoráidí cois bóthair le haghaidh seirbhísí bus a fheabhsú, clár a chuimseoidh cur chuige comhchoiteann i leith dearaidh, stíl aonfhoirmeach agus formáidí caighdeánaithe faisnéise, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Stíl chaighdeánaithe polla, brait (pláta ar bharr an pholla) agus painéal faisnéise, faoin mbranda Transport for Ireland, a úsáidfear ag gach stad bus;
- Pollaí ag stadanna bus a chuíchóiriú agus stadanna bus in aice láimhe a chomhroinnt idir oibreoirí;
- Feisteofar scáthlái bhus ag stadanna bus tábhachtacha, ar stadanna bus gnóthacha agus áiteanna aomhail tábhachtacha iad, más leor an spás atá ann dóibh, agus cuimseoidh na scáthlái painéil chuimsitheacha faisnéise agus suíochánra cuí; agus
- Ullmhóidh agus eiseoidh an tÚdarás treoirlínte dearaidh maidir le limistéir stoptha bus, lena chinntiú go bhfuil caighdeán seasmhach agus cur chuige ardchaighdeán maidir le háiseanna stoptha bus a sholáthar.

Thosaigh an tÚdarás cineál caighdeánaithe polla bus, brait agus painéal faisnéise a rolladh amach, agus leanfaidh sé de gach stad a athrú chuig an leagan amach nua. Laistigh de na príomhcheantair uirbeacha, soláthrófar na stadanna nua bus seo mar chuid den chlár foriomlán BusConnects. Leanfaidh an tÚdarás de sholáthar áiseanna stad bus a chomhordú le haghaidh seirbhísí bus a fhaigheann fóirdheontas poiblí agus leagfaidh sé síos freisin caighdeán na saoráidí stad bus, leaganacha amach agus an soláthar faisnéise do sheirbhísí a oibrítear go príobháideach.

Tá sé beartaithe go gcuirfear rolladh amach iomlán na bpollaí stad bus, brat agus painéal faisnéise i gcrích ar fud an Stáit laistigh de thréimhse an Phlean.

6 Infheistíocht san Iarnród Éadrom

6.1 Cúlra

Thosaigh na chéad línte iarnróid éadroim ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath in 2004 – Faiche Stiabhna go hÁth an Ghainimh agus Tamhlacht go Stáisiún Uí Chonghaile. Sna blianta ina dhiaidh sin, síneadh an Líne Dhearg go Ceantar na nDugaí, a osclaíodh i mí na Nollag 2009, agus osclaíodh craobhlíne go hIarthar na Cathrach/Teach Sagard i mí Iúil 2011. Ar an gcaoi chéanna, síneadh an Líne Ghlas go Coill na Silíní/Gleann Bhríde, agus cuireadh na seirbhísí ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Ba é an Luas Traschathrach an síneadh is déanaí a cuireadh leis an gcóras iarnróid éadroim, agus anois tá an Líne Ghlas ag dul ó thuaidh go Droichead Broome. Osclaíodh an nasc 5.6 ciliméadar Luas Traschathrach le haghaidh seirbhísí do phaisinéirí i Nollaig 2017, nasc a chuir trí stad tram nua dhéag leis an gcóras iarnróid éadroim agus a d'éascaigh idirmhalartú leis an Líne Dhearg Luas.

Déanfar forbairt bhreise ar an ngréasán iarnróid éadroim mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 de chuid an Rialtais. Déantar foráil sa phlean do Metrolink a chur i bhfeidhm, ar seirbhís iarnróid uirbhígh thuaidh-theas í a rithfear idir Sord agus deisceart na cathrach, agus a cheanglóidh príomhchinn sprice lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an Lár ar fud an bhealaigh. Tá foráil sa Phlean chomh maith d'fheabhsuithe acmhainne ar an Líne Ghlas sula n-aistríonn sí chuig seirbhís meitreo, agus d'obair phleanála agus forbartha maidir le síntí breise ar an gcóras iarnróid éadroim.

6.2 Cuspóirí

Is é príomhchuspóir an chláir infheistíochta i mbonneagar iarnróid éadroim (Luas) agus meitreo ná seirbhísí iompair phoiblí bhreise, ar ardacmhainne, a sholáthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit ina bhfuil an téileamh ar bhealaí ionchasacha níos airde ná mar is féidir le córas iompair ar bhus a sholáthar go réasúnta ach atá níos lú ná an acmhainn atá ag iarnród trom. Anuas air sin, tá cuspóir eile chun aistriú modha iompair i bhfad níos mó a bhaint amach ó úsáid an chairr phríobháidigh go dtí iompar poiblí. I dtaca leis sin, fágann iontaofacht, luas agus minicíocht an iarnróid éadroim/meitreo (a eascraíonn, i bpáirt, as leibhéal ard rite leithscartha) gur modh iompair tarraingteach an modh sin.

Is iad cuspóirí an fhochláir seo:

- Acmhainn bhreise a chur ar fáil ar an Líne Ghlas Luas trí fhlít breise, tramanna níos faide agus oibreacha eile lena mbaineann, sula ndéanfar í a uasghrádú chuig caighdeán meitreo;
- Pleanáil agus dearadh don scéim MetroLink a chur i gcrích agus tús a chur lena tógáil sa bhliain 2021;
- Feidhmíocht an ghréasáin iarnróid éadroim reatha a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i dtoilleadh flít (feabhsuithe bonneagair san áireamh), i gcórais ticéadaithe, i bhfeabhas ar fhaisnéis custaiméirí agus i rochtain agus saoráidí feabhsaithe ag stadanna Luas;

- Socruithe idirmhalartaithe a fheabhsú le modhanna iompair eile; agus
- Tabhairt faoi obair phleanála agus dearaidh maidir le roinnt síntí atá molta don ghréasán foriomlán iarnróid éadroim.

6.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta

Mar chuid den fho-chlár seo, tá na tograí i ndáil le hinfheistíocht in iarnród éadrom cuimsithe i dtrí réimse infheistíochta:

- MetroLink;
- Feabhsúcháin Flít agus Ghréasáin; agus
- Forbairt Ghréasáin.

Mar gheall ar shainchúram reachtúil an Údaráis, ní bhaineann na tograí faoin bPlean seo i leith na réimsí infheistíochta thuasluaite ach le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Táthar ag súil leis go n-infheistíofar €1,727.5 milliún san iomlán faoin fho-chlár iarnróid éadroim. Luaitear na méideanna infheistíochta bliantúla a bheidh ag teastáil thar sé bliana an Phlean sa tábla thíos. Tá na méideanna luaite sin faoi réir coigeartuithe i rith thréimhse an Phlean i gcomhréir leis na tosaíochtaí tionscadal, le dul chun cinn na dtionscadal agus le srianta maoinithe an Stáitchiste.

Tábla 4 – Próifíl Mhaoiniúcháin maidir le hInfheistíocht san Iarnród Éadrom

	2019 (€m)	2020 (€m)	2021 (€m)	2022 (€m)	2023 (€m)	2024 (€m)	Total (€m)
Infheistíocht san Iarnród Éadrom	16.25	62.2	262.0	275.7	567.8	543.6	1,727.5

Tugtar tuilleadh sonraí faoi na réimsí beartaithe infheistíochta sna codanna seo a leanas.

6.4 MetroLink

6.4.1 Cúlra

Tá tionscadal meitreo a cheanglódh Sord agus Lár Bhaile Átha Cliath á mholadh agus á phlé leis na blianta. Rinneadh togra mionsonraithe a fhorbairt do scéim ag dul ó Fhaiche Stiabhna go Sord agus cheadaigh an Bord Pleanála an scéim sin in 2010. De bharr an chúlaithe eacnamaíochta suntasaigh a tharla in Éirinn ina dhiaidh sin, áfach, bheartaigh an Rialtas an tionscadal a chur siar in 2011.

In 2015, d'fhoilsigh an tÚdarás Tuarascáil Staidéir Iompair Fhine Ghall/Baile Átha Cliath Thuaidh, a rinneadh measúnú ar bhuanna meitreo mar réiteach i gcomparáid le réitigh mhalartacha eile a bhí aitheanta. Thángthas ar an tuairim gurbh é meitreo an réiteach is oiriúnaí chun na riachtanais

iompair phoiblí don chonair Sord – Aerfort – Lár a chomhlíonadh. Chuir an moladh sin bonn eolais faoi Straitéis Iompair Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 ansin. Tá an scéim meitreo a fhreastalóidh ar an gconair sin á forbairt anois mar MetroLink agus tá MetroLink san áireamh ag an Rialtas mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027. Tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe in 2027.

6.4.2 An Scéim Bheartaithe

Soláthróidh an tionscadal MetroLink seirbhís iarnróid uirbigh thuaidh-theas a rithfidh idir Sord agus deisceart na cathrach, agus a cheanglóidh cinn sprice lárnacha lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Lár na Cathrach ar fud an bhealaigh;.

Beidh cuid mhaith den bhealach faoi thalamh, lena n-áirítear san áit a rachaidh sé faoi cheantar tábhachtach an láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath. Críochnóidh an chuid faoi thalamh i ndeisceart na cathrach, áit a mbeidh an meitreo ailínithe le haghaidh ceangal amach anseo le Líne Ghlas an Luas atá ann cheana. Sula ndéanfar an córas meitreo a cheangal le Líne Ghlas an Luas amach anseo, déanfar an Líne Ghlas reatha a uasghrádú ar bhonn céimnithe chun tuilleadh acmhainneachta a chur ar fáil do phaisinéirí.

Ag an gcéim reatha dearaidh, táthar ag súil go mbeidh 15 stáisiún nua agus 3,000 spás breise Páirceála agus Taistil ag MetroLink agus go dtógfaidh an turas idir Sord agus lár na cathrach thart ar 25 nóiméad.

Chomh maith le riachtanais Aerfort Bhaile Átha Cliath a shásamh, freastalóidh an tionscadal MetroLink ar fhás an daonra atá ann agus a bhfuiltear á thuar taobh leis an gconair ó Shord/Aerfort Bhaile Átha Cliath go Lár na Cathrach. De réir Dhaonáireamh 2016, ba é Fine Gall an réigiún is mó fáis in Éirinn; tháinig méadú 8.1% ar an daonra, i ndiaidh méadú 13.9% sa tréimhse idir an dá dhaonáireamh roimhe sin. Mura gcuirtear pleananna cuí i bhfeidhm anois chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhadtéarmacha iompair an cheantair seo, beidh tuilleadh brú tráchta ar na bacáin a chuirfidh ár bhforbairt eacnamaíochta amach anseo i mbaol.

Freastalóidh MetroLink ar líon mór ceann scríbe suntasach feadh a bhealaigh, lena n-áirítear Baile Munna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal an Mater. Idirmhalartóidh MetroLink freisin le seirbhísí eile iarnróid agus bus cóngarach do Ghlas Naíon, Sráid Uí Chonaill, Sráid na Teamhrach agus Faiche Stiabhna.

Chuir an tÚdarás tús le hobair phleanála agus dhearaidh maidir le MetroLink sa bhliain 2016, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús le tógáil sa bhliain 2021 agus go gcuirfear i gcrích í sa bhliain 2027.

Is ionann an leithdháileadh tosaigh don tionscadal MetroLink faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus €3 billiún. Ní féidir an meastachán deiridh costais don scéim a shocrú go hiomlán ach tar éis do dhearadh an tionscadail a bheith forbartha a thuilleadh agus don phróiseas pleanála a bheith curtha i gcrích.

6.5 Feabhsúcháin Flít agus Ghréasáin

Cosúil le haon ghréasán eile a bhfuil líon na bpaisinéirí air ag méadú, teastóidh tuilleadh infheistíochta lena chinntiú go gcoinneoidh an córas Luas an acmhainn iompair atá aige chun líon na bpaisinéirí a bheidh ag iarraidh leas a bhaint as an tseirbhís a chur ar fáil. Teastóidh infheistíocht i bhfeithiclí níos faide agus i rothstoc breise chuige sin. Tá baic ó thaobh acmhainne de le feiceáil cheana féin i limistéir lár na cathrach den Líne Dhearg agus den Líne Ghlas ag buaic-thréimhsí faoi leith, agus teastóidh tuilleadh infheistíochta chun acmhainn iompair na línte sin a mhéadú thar thréimhse an Phlean.

Tháinig méadú suntasach ar fhás paisinéirí ar an Líne Ghlas Luas ó Ghleann Bhríde go Droichead Broome le blianta beaga anuas, agus tháinig méadú suntasach tar éis don Luas Traschathrach a bheith curtha i gcrích. Táthar ag súil leis go leanfar leis an bhfás fad a leathnófar áiteanna amhail Áth an Ghainimh agus Coill na Silíní. D'fhonn freastal ar an bhfás a leanfaidh ar aghaidh sula n-aistreofar amach anseo go córas meitreo, ní mór acmhainn na Líne Glaise a mhéadú.

Mar chuid den Luas Traschathrach, tugadh seacht dtam 54.6 méadar isteach ar an Líne Ghlas, a leathnaíodh le déanaí. Le freastal ar an éileamh ar an líne sin a bheidh ag dul i méid go leanúnach sna blianta atá amach romhainn, déanfar acmhainn na Líne Glaise a uasghrádú a thuilleadh. Mar chuid den obair sin, leathnófar flít na Líne Glaise atá ann ó 40m ar fad go 54.6m ar fad, ceannófar tuilleadh feithiclí chun aghaidh a thabhairt ar éileamh ó phaisinéirí amach anseo agus déanfar modhnuithe ar iosta Áth an Ghainimh chun an flít feithiclí níos faide agus níos mó a ghlacadh, chomh maith le bearta eile chun méadú a chur ar acmhainneacht tramanna ar an Líne Ghlas sula ndéanfar an líne a uasghrádú amach anseo chuig caighdeán meitreo. D'fhéadfadh áiseanna cúlaitheacha breise a fhorbairt idir Raghnaillach agus lár na cathrach agus/nó ardáin bhreise a chur ar fáil ag stadanna amhail Faiche Stiabhna agus Charlemont, agus bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna ag suíomhanna feithiclí/trasriain coisithe, a eith ar na bearta sin.

Chomh maith le hacmhainn fhoriomlán iompair a chur leis an gcóras iarnróid éadroim, tá sé beartaithe go leanfar ar aghaidh le hinfeistíocht a dhéanamh i mbearta chun rochtain ar stadanna Luas a fheabhsú agus áiseanna ag na stadanna sin a fheabhsú a thuilleadh. Áireofar leis na hoibreacha sin nithe cosúil le saoráidí páirceála rothar, naisc chosáin níos fearr chuig stadanna áirithe, chomh maith le háiseanna páirceála agus fágála breise ag áiteanna áirithe.

Déanfar infheistíocht chomh maith chun áiseanna idirmhalartaithe le modhanna eile iompair a fheabhsú. Áireofar leis sin comhtháthú níos fearr idir seirbhísí busanna agus Luas, agus áiseanna saoráideacha idirmhalartaithe idir na modhanna sin, chomh maith le bearta amhail tuilleadh saoráidí páirceála rothar ag stadanna Luas. Beidh soláthar faisnéise breise maidir le hidirmhalartú iompair le feiceáil freisin ag stadanna an Luas.

6.6 Forbairt Ghréasáin

Cé gurb é MetroLink an príomhshíneadh a chuirfear leis an gcóras iarnróid éadroim a rachaidh ar aghaidh go dtí céim na tógála le linn thréimhse an Phlean, tá sé beartaithe chomh maith go

dtabharfar faoi phleanáil agus dearadh i leith síntí eile leis an ngréasán iarnróid éadroim. Déanfar na síntí breise sin a thógáil i ndiaidh thréimhse an Phlean.

Sainithníodh ceithre shíneadh leis an ngréasán iarnróid éadroim sa Straitéis Iompair do MCBÁC. Ba iad seo:

- An Luas go Fionnghlas;
- An Luas go Leamhcán;
- An Luas go Bré; agus
- An Luas go dtí an Poll Beag.

Déantar foráil sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 do thabhairt faoi bhreithmheas, pleanáil agus dearadh i leith na gceithre shíneadh seo.

Anuas ar an obair phleanála maidir leis na síntí seo, beidh gá le hinfheistíocht a dhéanamh chomh maith chun an gréasán iarnróid éadroim a choinneáil ag leibhéal leanúnach cothabhála agus lena chinntiú go leanfar de sheirbhísí a chur ar fáil go héifeachtúil. Áireofar leis seo caiteachas chun an bonneagar agus rothstoc atá ann faoi láthair a choimeád, a athnuachan agus a bhainistiú. Anuas air sin, tabharfar faoi idirghabhálacha beaga eile le linn thréimhse an Phlean, lena n-áirítear athchóiriú féideartha an stad Luas ag Stáisiún Uí Chonghaile ionas go n-úsáidfear an stad le haghaidh úsáidí iompair eile, an láthair Páirceála & Taistil ag an mBó Dhearg a leathnú, chomh maith le feabhsuithe eile ar áiseanna páirceála agus taistil a bhaineann leis an ngréasán Luas.

7 Infheistíocht san Iarnród Trom

7.1 Cúlra

Tá an t-iarnród trom ar cheann de na córais iompair phoiblí a iompraíonn an líon is mó daoine. Tá sé i gceist an córas seo a chur ar fáil ar chonairí a bhfuiltear ag tuar go n-iompróidh siad níos mó ná 7,500 paisinéir ag an am is gnóthaí. Cuireann sé príomhghríasán ardacmhainne ar fáil atá ina chuid lárnach de chóras idirthurais phoiblí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Faoi láthair, tá líon áirithe línte iarnróid ag an gcóras iarnróid:

- An líne Thuaidh, a théann ó thuaidh ó Stáisiún Uí Chonghaile, ar a soláthraítear seirbhís DART leictrithe ó Mhullach Íde go Binn Éadair (soláthraíonn craobhlíne ó Ghabhal Bhinn Éadair seirbhís a théann chomh fada le Binn Éadair); seirbhísí comaitéireachta díosail ó Dhroichead Átha/Dún Dealgan agus seirbhís idirchathrach a chruthaíonn nasc le Béal Feirste;
- An líne Thoir Theas, a théann ó dheas ó lár na cathrach, ar a soláthraítear seirbhís DART leictrithe chomh fada ó dheas leis na Clocha Liatha agus seirbhís díosail a ritheann níos faide ó dheas, agus a sholáthraíonn seirbhís do bhailte amhail an tInbhear Mór, Guaire, Inis Córthaidh, Loch Garman agus Ros Láir. Tá an líne seo srianta go mór taobh ó dheas de Bhré, áit a bhfuil teorainn leis an méid traenacha ar féidir leo dul thar bhráid toisc nach bhfuil ach an t-aon ráille amháin ann;
- Líne Chill Dara, ar a soláthraítear seirbhísí comaitéireachta chomh fada ó dheas le Port Laoise agus Ceatharlach chomh maith le seirbhísí Idirchathracha go Port Láirge, Luimneach agus Gaillimh. Cé go stopann formhór na seirbhísí ag Stáisiún Heuston, tá nasc ag na seirbhísí ar an líne seo le stáisiúin eile i lár na cathrach amhail Stáisiún Uí Chonghaile, Stáisiún Shráid na Teamhrach, Stáisiún an Phiarsaigh agus Duga na Canálach Móire trí thollán Pháirc an Fhionnuisce a osclaíodh le déanaí; agus
- Líne Mhaigh Nuad, ar a soláthraítear seirbhísí comaitéireachta díosail ó Mhaigh Nuad, chomh maith le seirbhís le minicíocht níos ísle a théann chomh fada leis an Longfort agus a sholáthraíonn seirbhísí Idirchathracha go Sligeach. Soláthraítear seirbhísí comaitéireachta anois go Páirc Hans, Dún Búinne agus Ollpháirc M3 ar an gcraobhlíne nua a tógadh.

Rinneadh infheistíocht suntasach sa chóras iarnróid le blianta beaga anuas, agus tá an flít iarnróid go háirithe ag baint tairbhe as an nuachóiriú agus athnuachan sin. Rinneadh Tollán Pháirc an Fhionnuisce a athoscailt do sheirbhísí paisinéara; osclaíodh stáisiúin traenach bhreise; feabhsaíodh an acmhainn ráille ar líne Chill Dara; osclaíodh an líne nuathógtha ó Chluain Saileach go hOllpháirc M3; agus rinneadh oibreacha tábhachtacha chun an tsábháilteacht a fheabhsú ar go leor línte.

7.2 Cuspóirí

Is iad cuspóirí na hinfheistíochtaí san iarnród ná:

- Príomhghnéithe den Chlár um Fhorleathnú DART a chur i bhfeidhm;
- Fáil réidh leis na srianta comharthaíochta atá ann faoi láthair i lár na cathrach trí thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach a chur i gcrích;

- Córas iarnróid Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath a chosaint trí infheistíocht a dhéanamh chun rialú traenach agus córais mhonatóireachta a uasghrádú;
- Infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gclár um iamh chroaire comhréidh;
- Feabhas a chur ar chórais faisnéise agus ar chórais ticéadaithe do chustaiméirí; agus
- Uasghrádú agus feabhsúchán leanúnach a dhéanamh ar stáisiúin traenach, bearta rochtana san áireamh, i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

7.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta

Tá baint ag na tograí maidir le hinfheistíocht san iarnród trom le seacht réimse infheistíochta ar leith:

- An Clár um Fhorleathnú DART;
- Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach;
- An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenacha;
- Córais Ticéadaithe / Ioncaim;
- An Clár um Fheabhsúchán Stáisiún / Feabhsúcháin Eile;
- An Flít Neamh-DART; agus
- Forbairt Ghréasáin.

Táthar ag súil leis go n-infheisteofar €1,031.1 milliún san iomlán faoin bhfo-chlár iarnróid throm. Luaitear na méideanna infheistíochta bliantúla a bheidh ag teastáil thar sé bliana an Phlean sa tábla thíos. Tá na méideanna luaite sin faoi réir coigeartuithe i rith thréimhse an Phlean i gcomhréir leis na tosaíochtaí tionscadal, le dul chun cinn na dtionscadal agus le srianta maoinithe an Státchiste.

Cuimsíonn cumas reachtúil an Údaráis maidir le soláthar bonneagair iarnróid Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amháin agus tá an clár infheistíochta don iarnród trom dírithe dá réir sin ar an gceantar sin amháin.

Tábla 5 – Próifíl Mhaoiniúcháin maidir le hInfheistíocht san Iarnród Trom

	2019 (€m)	2020 (€m)	2021 (€m)	2022 (€m)	2023 (€m)	2024 (€m)	Total (€m)
Infheistíocht san Iarnród Trom	67.7	149.6	167.0	166.0	225.8	255.0	1,031.1

Tugtar tuilleadh sonraí faoi na réimsí beartaithe infheistíochta sna codanna seo a leanas.

7.4 Réimsí Infheistíochta

7.4.1 An Clár um Fhorleathnú DART

Cuimsíonn Straitéis Iompair Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035 an Clár um Fhorleathnú DART, a dhéanfaidh forleathnú suntasach ar an gcóras DART, agus a sholáthróidh seirbhísí tapa ardmhinicíochta leictirithe go Droichead Átha ar an Líne Thuaidh, go Collchoill (nó níos faide ó dheas) ar Líne Chill Dara, go Maigh Nuad agus Ollpháirc M3 ar Líne Mhaigh Nuad/Shligigh, agus leanfar de sheirbhísí DART a chur ar fáil ar an Líne Thoir Theas chomh fada ó dheas leis na Clocha Liatha⁵.

Cuimsíonn an Clár um Fhorleathnú DART an Tionscadal DART Faoi Thalamh freisin, ar nasc iarnróid faoi thalamh é trí Lár na Cathrach, a chuirfidh ar chumas na seirbhísí DART feidhmiú ar líne Chill Dara agus taisteal tríd an tollán chun go nascaidh paisinéirí le seirbhísí DART a sholáthraítear ar an trí líne iarnróid eile.

Mar atá daingnithe i bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, díreoidh an t-ord infheistíochta ar dtús ar chur i gcrích na ngnéithe sa chlár a bhaineann leis an gcuid den tollán nach bhfuil faoi thalamh a thógáil, agus úsáid á baint as an nasc iarnróid agus as an tollán nascóra faoi Pháirc an Fhionnuisce, a osclaíodh le déanaí.

Cuirfidh sé sin ar ár gcumas seirbhísí breise a chur i bhfeidhm i bhfad níos luaithe, agus úsáid á baint as an mbonneagar atá ann cheana, ar a ndéanfar roinnt feabhsuithe. Díreofar ar dtús ar cheannach flít nua agus ar na bearta is gá chun seirbhísí a chur i bhfeidhm amhail athchomharthaíochta agus athruithe a dhéanfar ar aomhail agus ar stáisiúin.

Mar chuid den Chlár um Fhorleathnú DART, tá sé i gceist traenacha il-aonaid, dhá fhoinsé cumhachta a cheannach, ar féidir leo feidhmiú mar sheiteanna traenach a ritheann ar chumhacht leictreach nó ar chumhacht díosail/batairí. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas an córas DART a fhorleathnú ar dtús gan leictriúchán, áit a mbeidh na haonaid ag rith ar fhoinsé cumhachta leictreach ar na codanna leictreacha den líne agus ar fhoinsé cumhachta díosail/batairí ar na codanna eile. Cuirfear leictriúchán⁶ i bhfeidhm ina dhiaidh sin chun gréasán iarnróid níos tíosaí ar fhuinneamh, a bhfuil astaíochtaí carbóin níos lú aige, a chur ar fáil. Ceannófar traenacha leictreacha il-aonaid (TLlanna) freisin mar chuid d'fhorleathnú an DART. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas seirbhísí DART a fhorleathnú chomh fada le Droichead Átha ar an Líne Thuaidh, chomh fada le Cill Droichid/Collchoill (níos faide ó dheas) ar Líne Chill Dara, agus chomh fada le Maigh Nuad agus Ollpháirc M3 ar líne Mhaigh Nuad/Shligigh, agus leanfar de sheirbhísí DART a chur ar fáil ar an Líne Thoir Theas chomh fada ó dheas leis na Clocha Liatha. Mar gheall ar an tréimhse feithimh chun an bhflít nua a sheachadadh, leanfar de na seirbhísí DART a mhéadú i ndiaidh thréimhse an Phlean. Cuimseoidh an tionscadal

⁵ Beidh sé seo ar fad faoi réir choinníollacha Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga; féach Cuid 4 den Phlean seo, áit a bhfuil maolú agus an Tuarascáil Tionchair Natura a thagann leis ar fáil.

⁶ Faoi réir choinníollacha Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga; féach Cuid 4 den Phlean seo, áit a bhfuil maolú agus an Tuarascáil Tionchair Natura a thagann leis ar fáil.

stáisiúin nua freisin chun paisinéirí a idirmhalartú leis na gréasáin bus, Luas agus Meitreo, agus iosta nó iostaí nua a chur ar fáil do fhlít méadaithe an DART.

Is é an tairbhe is mó a bhaineann le húsáid an naisc iarnróid a osclaíodh le déanaí agus an tollán nascóra faoi Pháirc an Fhionnuisce, chomh maith leis an ord beartaithe ina ndéanfar an infheistíocht, ná go gcuirfidh sé ar ár gcumas seirbhísí breise do phaisinéirí a chur ar fáil i bhfad níos luaithe agus úsáid á baint as an mbonneagar atá ann cheana, ar a ndéanfar roinnt feabhsuithe. Soláthróidh an gréasán iarnróid comhtháite sin córas iompair ardacmhainne lárnach don réigiún agus cuirfidh sé méadú an-mhór ar fáil maidir le hacmhainn bhuaicuaire ar na línte ar fad ó Dhroichead Átha, Maigh Nuad, Cill Droichid/Collchoill agus na Clocha Liath. Bunófar agus cosnófar an chuid den bhealach atá fágtha den Chlár um Fhorleathnú DART, agus de Thollán Faoi Thalamh an DART, chun go mbeifear in ann í a chur i gcrích sa todhchaí.

Agus an flít nua á shonrú, breithneofar go cúramach saincheist na hinrochtaineachta i gcás na bhfeithiclí nua, lena n-áirítear an acmhainneacht maidir le rochtain fheabhsaithe ó ardán go traein d'úsáideoirí cathaoireacha rotha.

Is é an leithdháileadh tascach don Chlár um Fhorleathnú DART faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 ná €2 bhilliún.

7.4.2 Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach

Ba cheann de na srianta ba mhó a bhí ar an ngréasán iarnróid go dtí seo ná líon teoranta na mbealaí traenach a bhí ag dul trí lár na cathrach idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canálach Móire. Cuireann tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach feabhas mór ar mhéadú acmhainne ar an gcuid sin den ghréasán trí uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras comharthaíochta agus trí áiseanna cúlaitheacha breise a chur ar fáil ag Stáisiún na Canálach Móire, rud a chuirfidh ar ár gcumas timpeall 50% de bhealaí breise traenach sa dá threo a sholáthar sa limistéar an-tábhachtach sin de lár na cathrach. Gheobhaidh sé sin réidh le caolas mór i lár na cathrach, agus beidh tionchar dearfach aige ar phaisinéirí DART, Comaitéireachta agus Idirchathracha.

Ina theannta sin, cuirfidh sé an acmhainn riachtanach ar fáil i lár na cathrach chun freastal ar thionscadail eile laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear seirbhísí breise DART faoin gClár um Fhorleathnú DART go háirithe.

Clúdaíonn an tionscadal Mullach Íde agus Binn Éadair ó thuaidh agus Dumhach Thrá ó dhéas. Cuirfear i gcrích é i sraith 4 chéim nasctha, mar seo a leanas:

- Clúdaíonn Céim 1 limistéir idir Mullach Íde / Binn Éadair agus Cill Easra;
- Clúdaíonn Céim 2 an limistéar ó acomhal an Phoirt Thoir go Cill Easra;
- Clúdaíonn Céim 3 an limistéar comharthaíochta ó Shráid na Teamhrach go Dumhach Thrá, agus na hathruithe sa bhonneagar agus sna hiarnróid ag Stáisiún Dhuga na Canálach Móire; agus
- Clúdaíonn Céim 4 limistéar Uí Chonghaile, a chuimsíonn athsholáthar an chórais rialaithe ar chomharthaíocht, rud a dhéanfaidh oibreacha feabhsúcháin i lár na cathrach a éascú don todhchaí.

Críochnaíodh an chuid idir Mhullach Íde agus Cill Easra (lena n-áirítear Craobh Bhinn Éadar) agus an chuid idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Dumhach Thrá roimh 2019. Tá sé i gceist oibreacha ar limistéar Stáisiún Uí Chonghaile agus ar an gcuid idir Chill Easra agus Acomhal an Phoirt Thoir a choimisiúnú in 2020, agus déanfar aon trealamh nach bhfuil ag teastáil níos mó a chur as feidhm in 2020.

Críochnófar an tionscadal i rith thréimhse an Phlean.

7.4.3 An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach (INRT)

Déantar an chuid is mó de ghréasán iarnróid na hÉireann a rialú agus a bhainistiú ón ionad um 'Rialú Tráchta Lárnach' (CTC) atá lonnaithe i Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath.

Tá acmhainn na háise reatha CTC beagnach sroichte againn, ós rud é go bhfuil a gcórais agus trealamh ag druidim le deireadh a saolré fóintí. Cé go ndearnadh athnuachan ar chodanna éagsúla de na córais CTC in imeacht na mblianta, tá go leor den teicneolaíocht agus de na córais i bhfeidhm le breis is 20 bliain. Dá bhrí sin, cé go bhfeidhmíonn na córais seo go sábháilte, ní bheadh siad a dhath chomh héifeachtach nó chomh héifeachtúil le teicneolaíocht atá níos nua-aimseartha. Mar thoradh air sin, tá níos mó neamhéifeachtúlachtaí oibriúcháin ag tarlú, agus riosca níos mó ann dá bharr nach mbeifear in ann seirbhísí áirithe a chur ar fáil.

Cuirfidh an tionscadal seo Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach (INRT) uasghrádaithe ar fáil chun freastal ar na riachtanais rialaithe traenach atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí. Déanfaidh an INRT nua-aimseartha sin rialú comharthaíochta agus cumarsáide a chomhtháthú ar fud gach cuid de ghréasán Iarnród Éireann, agus dá bharr sin, cuirfear barr feabhais ar bhainistiú tráchta iarnróid, cuirfear faisnéis chuinn taistil fíor-ama ar fáil le haghaidh pleanáil turais, agus laghdófar tionchar aon mhoille nó cur isteach ar an ngréasán. Cuirfidh an INRT nua ar ár gcumas acmhainn an ghréasáin a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do na seirbhísí feabhsaithe atá beartaithe mar chuid den Chlár um Fhorleathnú DART.

Cuirfidh an áis INRT atá beartaithe ar ár gcumas tríú páirtithe a bhaineann leis an gcóras iompair a lonnú san áit chéanna freisin, lena n-áirítear ionad réigiúnach rialaithe tráchta agus ionaid rialaithe iompair eile. Mar thoradh air sin, déanfar bainistiú níos éifeachtaí ar an rialú tráchta sa réigiún agus ar chásanna éigeandála de réir mar a thagann siad aníos.

Moltar áis nua a chur ar fáil ag stáisiún Heuston, chomh maith le háis chúltaca ag stáisiún Uí Chonghaile. Tá an obair phleanála agus forbartha tosaithe, agus cuirfear i gcrích na háiseanna nua le linn thréimhse an Phlean.

7.4.4 Córais Ticéadaithe agus Ioncaim

Is cuid bhunriachtanach d'fheidhmiú réidh iarnróid nua-aimseartha iad Faisnéis do Chustaiméirí agus córais Ticéadaithe agus Ioncaim. Éascaíonn na gnéithe sin síorathrú ar an mbealach a ndéanann custaiméirí caidreamh agus gnó leis an oibreoir seirbhíse traenach. Le blianta beaga anuas, tá infheistíocht shuntasach déanta sna réimsí sin, agus mar sin tá sé níos éasca ar chustaiméirí ticéid a cheannach agus an córas iarnróid a úsáid.

Táthar ag moladh go leanfar ar aghaidh leis an gclár infheistíochta sin, agus tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí atá ann ná an soláthar faisnéise do chustaiméirí a nuachóiriú trí chórais agus

próisis a uasghrádú sna blianta atá le teacht. I ré seo na faisnéise, bíonn custaiméirí ag súil leis go mbeidh rochtain éasca acu ar fhaisnéis faoin tseirbhís agus go bhfaighidh siad fógra tráthúil faoi aon athruithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a dturas. Is gnáthrud anois do dhaoine a bheith ag dúil le rochtain a fháil ar fhaisnéis fíor-ama agus iad ag ‘dul ó áit go háit’.

Faoi láthair, faigheann custaiméirí faisnéis trí na meáin amhairc, ghlóir agus soghluaiste agus iad i stáisiúin nó ar bord seirbhísí. Bíonn córais chun faisnéis a sholáthar do na meáin sin á bhforbairt céim ar chéim. Mar gheall air sin, bíonn soláthar neamhleanúnach faisnéise ann agus níl córais bhunúsacha faisnéise i gcuid den ghréasán dá bharr.

Tá droch-chaighdeán ag baint le formhór na gcóras agus, má tá siad ar fáil ar chor ar bith, tá siad as dáta. Glactar faisnéis fíor-ama do phaisinéirí ón gcóras comharthaíochta, ach bíonn bearnaí móra sa chlúdach agus i gcruinneas na faisnéise. Is don chumarsáid áitiúil formhór na gcóras fógartha poiblí agus níl ach líon beag díobh ar féidir iad a rialú go lárnach. Níl ach faisnéis treo-aimsithe agus faisnéis idirmhalartaithe ag aomhail an-teoranta ar fáil do phaisinéirí. Ní chuireann na córais atá ann féinseirbhís éasca ar fáil agus bíonn gá le go leor idirghabháil foirne, go mór mór nuair a tharlaíonn cur isteach ar an tseirbhís.

Is é an cuspóir don todhchaí faisnéis ábhartha, chruinn, chomhréireach, inrochtana (i.e. oiriúnach dóibh siúd a bhfuil lagú radhairc orthu nó atá faoi mhíchumas eile) a chur ar fáil do chustaiméirí nuair atá sí riachtanach agus trí na meáin a dteastaíonn uathu. Is í an straitéis uileghabhálach ná córais agus soláthar faisnéise a chomhtháthú faoin Ionad Cumarsáide Custaiméirí (ICC) a bhunófar agus a chomhordófar laistigh den Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach (INRT). Tabharfaidh uathchórais deis do chustaiméirí féinseirbhís a dhéanamh le haghaidh na gnáthfhaisnéise atá uathu agus mar sin, beidh an fhoireann ábalta díriú ar ghníomhaíochtaí a chothaíonn breislúach agus déileáil le riachtanais neamhchaighdeánacha faisnéise.

Is príomhchuspóir eile é leanúint de na cumais a úsáidtear mar chuid den Chlár Tús Áite do Chustaiméirí in 2017 agus 2018 a fhorbairt, is iad sin cumais a chuimsíonn córas chun suíochán a chur in áirithe ar líne, córais oifigi áirithe agus ticéadaithe ar bord, córais bainistíochta ioncaim, córais bainistíochta caidrimh le custaiméirí agus uirlisí bainistíochta d'fheachtais mhargaíochta. Tá sé rithabhachtach go mbeadh treochlár forbartha leanúnach i bhfeidhm a fheabhsóidh na cumais atá ann faoi láthair chun nach bhfillfí amach anseo ar chórais oidhreacht sheanchaite.

7.4.5 Feabhsúchán ar Stáisiúin agus Feabhsúcháin Eile

Bíonn tionchar ag cuma, cáilíocht, inrochtaineacht agus slándáil stáisiún iarnróid ar úsáid an ghréasáin iarnróid agus ar shásamh paisinéirí i leith an chórais iompair iarnróid. Cé go ndearnadh go leor oibre le blianta beaga anuas ó thaobh stáisiúin nua a fhorbairt de agus ó thaobh stáisiúin atá ann cheana a athchóiriú de, tá tuilleadh oibre fós le déanamh sa réimse sin.

Bhí móroibreacha athnuachana ag teastáil ó dhíon Stáisiún an Phiarsaigh, ceann de na stáisiúin is tábhachtaí sa ghréasán. Bhí deireadh a ré sroichte ag an díon agus bhí obair ag teastáil chun an drochbhail a bhí air a dheisiú. Cuireadh tús le hoibreacha chun díon nua, a dearadh le teacht le stíl an stáisiúin ó thaobh na hailtíreacht de, a chur in ionad an dín a bhí ann in 2018, agus táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal in 2020.

Laistigh den chlúdach maoinithe atá ar fáil, déanfar oibreacha feabhsúcháin ar scála níos lú ar stáisiúin éagsúla eile ar an ngréasán iarnróid, agus beidh sé mar chuspóir cuma ghinearálta an ghréasáin iarnróid a fheabhsú. Mar chuid de na hoibreacha athchóirithe agus athnuachana sin,

cuirfear soláthar feabhsaithe faisnéise ar fáil do phaisinéirí, mar aon le seirbhísí eile atá dírithe ar phaisinéirí agus a fheabhsaíonn mealltacht agus áisiúlacht an chórais iarnróid.

Moltar freisin infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa chlár inrochtaineachta chun rochtain ar an ngréasán iarnróid throm a fheabhsú.

7.4.6 An Flít neamh-DART

Cé go ndéanfar go leor infheistíocht sa bhflít DART, beidh gá leanúnach ann feabhas a chur ar an bhflít neamh-DART.

Tugadh isteach an flít carranna iarnróid idirchathracha Class 22000 idir 2007 agus 2012, agus feidhmíonn siad i seiteanna traenach 3, 4 agus 5 charr, nó i méideanna iolraithe de sin. Feidhmíonn na traenacha sin ar na bealaí idirchathracha ar fad a ghathaíonn amach agus isteach ó Bhaile Átha Cliath, agus iompraíonn go leor de na seirbhísí sin comaitéirí Idirchathracha ar thurais 1 uaire nó níos mó isteach go Baile Átha Cliath.

Chun déileáil leis na héilimh ghearrthéarmacha ar sheirbhísí a bheidh ann i mblianta tosaigh an Phlean, moltar carráistí cairr iarnróid idirchathracha nua a chur leis an bhflít atá ann faoi láthair nó flít dara láimhe a úsáid nó, más gá, an dá rud. Tugtar faoi deara gur dócha go mbeadh modhnú ag teastáil i gcás aon fhlít dara láimhe a cheannófaí nó a thógfaí ar léas de bharr leithead speisialta ghréasán iarnróid na hÉireann. Déanfar fiosruithe ag tús thréimhse an Phlean maidir leis an gcumas atá ann flít breise a thabhairt isteach sa ghearrthearma.

Cuirfidh dearadh agus feistiú flít nua / athchóirithe traenacha riachtanais gach úsáideora traenach, lena n-áirítear daoine maol-luaineachta agus daoine faoi mhíchumas, chomh maith leis an ngá le háiteanna cuí stórála bagáiste agus rothar, san áireamh.

Beidh flít nua ag teastáil in 2025-2027 chun an tseirbhís thrasteorann Idirchathrach Enterprise a fhorbairt mar sheirbhís ardmhínicíochta ar ardchaighdeán a bheidh ag rith gach uair an chloig, agus a bheidh á feidhmiú i gcomhar le Translink NIR. I rith thréimhse an Phlean, táthar ag súil leis go gcuirfear tús leis an bpróiseas soláthair don fhlít seo in 2023.

7.4.7 Forbairt Ghréasáin

Cé gurb é an phríomhfhorbairt ghréasáin a dhéanfar thar thréimhse an Phlean ná an Clár um Fhorleathnú DART, cuirfear forbairtí gréasáin eile ar bun freisin. Táthar ag súil leis go n-osclofar roinnt stáisiún breise nó go gcuirfear iad leis an ngréasán i limistéir atá i mbéal forbartha agus a bhfuil leibhéal dóthanach éilimh iontu chun go mbeadh stáisiún traenach ag teastáil uathu. Déanfar na háiteanna áirithe a dheimhniú ag an am ábhartha, ach cuimsíonn na háiteanna is dealraithí a roghnófar an Chiseog ar líne Chill Dara, Baile Pheiléid ar Líne Mhaigh Nuad agus, ag brath ar fhorbairt leordhóthanach in aice láimhe, Sruthán na Coille ar an Líne Thoir Theas.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí oibreacha a dhéanamh ar an gcuid den ghréasán idir Bré agus na Clocha Liatha chun acmhainn na seirbhíse ar an gcuid sin a fheabhsú. Déanfar mionsonraí na n-oibreacha a shainiú agus a mheasúnú i rith thréimhse an Phlean. Táthar ag súil go ndéanfar oibreacha eile ag stáisiúin éagsúla, áit a ndéanfar feabhsúcháin ar inrochtaineacht, athruithe ar ardáin, socruithe rochtana do phaisinéirí, chomh maith le córais faisnéise agus athchóirithe eile a thógáil.

Moltar freisin clár forleathnaithe carrchlóis a chur i gcrích, lena n-áirítear roinnt mhaith áiseanna straitéiseacha Páirceála agus Taistil ag suíomhanna tábhachtacha.

8 Bearta Comhtháthaithe agus Infheistíocht san Iompar Inbhuanaithe

8.1 Cúlra

Clúdaíonn an fo-chlár infheistíochta seo soláthar bonneagair siúil, bus agus rothaíochta chomh maith le feabhsúcháin ar shábháilteacht, agus córais rialaithe tráchta soifisticiúla a thabhairt isteach. Cuimsíonn sé freisin tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhíríonn ar chustaiméirí iompair phoiblí amhail soláthar faisnéise taistil.

Trína chuid gnéithe ar fad, tacaíonn an fo-chlár le húsáid an chórais iompair phoiblí ghinearálta agus feabhsaíonn sé inrochtaineacht, áisiúlacht, agus meallacht an chórais iompair phoiblí atá ar fáil, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chóracha iompair na siúlóide agus na rothaíochta. Beidh rochtain ina cuid lárnach de gach fo-réimse den chatagóir infheistíochta seo, agus cuirfear riachtanais gach úsáideora san áireamh i ngach tionscadal agus gné.

Ar deireadh, tá sé de chuspóir ag an bhfo-chlár bóithre agus sráideanna an réigiúin a bhainistiú i gcomhthéacs chur i gcrích an chlár seo agus i bhfianaise riachtanais athraitheacha réigiún na cathrach.

8.2 Cuspóirí

Is é an príomhchuspóir ná an t-aistriú chuig rothaíocht, siúlóid agus iompar poiblí a spreagadh i bhfianaise an éilimh mhéadaithe ar thaisteal réigiúnach. Laistigh den chuspóir ginearálta sin, cuimsítear na heochairthosaíochtaí seo a leanas:

- Rothaíocht/Siúil, lena n-áirítear:
 - Cur i gcrích Phlean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear bealaí comaitéireachta agus áineasa araon;
 - Sainathint agus feabhsúchán gréasáin straitéisigh coisithe i gceantair uirbeacha;
 - Cur i gcrích scéimeanna “tréscailteachta”, a chuirfidh aicearraí mealltacha agus bealaí díreacha ar fáil do choisithe agus do rothaithe;
 - Soláthar áiseanna páirceála rothar, lena n-áirítear pointí idirmhalartaithe le hiompar poiblí agus suíomhanna Páirceála agus Taistil;
 - Forleathnú scéimeanna roinnte rothar;
 - Áirithiú do choisithe agus scéimeanna feabhsúcháin do choisithe; agus
 - Comharthaíocht do choisithe / rothaithe / turasóirí.
- Bainistíocht Tráchta, lena n-áirítear:
 - Scéimeanna bainistíochta tráchta, i Lár Chathair Bháile Átha Cliath san áireamh;
 - Forbairt conairí comhtháite iompair bus/rothaíochta/siúil;
 - Tionscadail atreoraithe tráchta i gceantair uirbeacha, chun áiseanna do shiopadóirí, coisithe agus rothaithe a fheabhsú;
 - Scéimeanna rialaithe agus faisnéise tráchta, lena n-áirítear córais a thugann tosaíocht d'iompar poiblí; agus

- Forbairt áiseanna pairceála, lena n-áirítear suíomhanna áitiúla Páirceála & Taistil, agus suíomhanna straitéiseacha Páirceála & Taistil i gcomhar le BIÉ agus leis an Údarás Áitiúil ábhartha.
- Sábháilteacht, lena n-áirítear;
 - Deireadh a chur le baill dhubha timpistí, go háirithe leo siúd a bhaineann le húsáideoirí leochaileacha;
 - Cur i bhfeidhm luasteorainneacha níos ísle nuair is cuí;
 - Soláthar trasrianta coisithe / rothar; agus
 - Scéimeanna chun feabhas a chur ar shábháilteacht aomhal.
- Tionscadail Chomhtháthaithe, lena n-áirítear:
 - Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí;
 - Ticéadú Comhtháite;
 - Suíomh Pleanála Turais Comhtháite; agus
 - Córais Faisnéise Iompair Eile.

8.3 Réimsí Infheistíochta atá Molta

Déanfar an infheistíocht i gceithre phríomhréimse:

- Rothaíocht / Siúl;
- Bainistíocht Tráchtá;
- Sábháilteacht; agus
- Comhtháthú.

I bhfianaise nádúr an chláir seo, ina bhfuil go leor tionscadal ar chostas caipitil íseal, níltear ag moladh liosta iomlán a chur ar fáil de na tionscadail ar fad a shamhlaítear a gheobhaidh infheistíocht. Mar sin, leagtar amach sna codanna seo a leanas roinnt de na príomhthionscadail nó grúpaí tionscadal a bhfuil sé i gceist againn a chur i gcrích.

I bhfianaise chúram reachtúil an Údaráis, baineann na moltaí faoin bPlean seo i dtaca leis na chéad trí réimse – Rothaíocht/Siúl, Bainistíocht Tráchtá agus Sábháilteacht – le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amháin, taobh amuigh de na scéimeanna roinnte rothar poiblí, a bhaineann leis an Stát ar fad. Ina theannta sin, baineann na moltaí sa réimse infheistíochta comhtháthaithe leis an Stát ar fad.

Tá sé i gceist €526.3 milliún san iomlán a infheistiú faoin bhfo-chlár um Bearta Comhtháthaithe agus Iompar Inbhuanaithe. Luaitear na méideanna infheistíochta bliantúla a bheidh ag teastáil thar sé bliana an Phlean sa tábla thíos. Tá na méideanna luaite seo faoi réir coigeartuithe i rith thréimhse an Phlean i gcomhréir leis na tosaíochtaí tionscadal, le dul chun cinn na dtionscadal agus le srianta maoinithe an Stáitchiste.

Tábla 6 – Próifil Mhaoiniúcháin do Bhearta Comhtháthaithe agus Infheistíocht san Iompar Inbhuanaithe

	2019 (€m)	2020 (€m)	2021 (€m)	2022 (€m)	2023 (€m)	2024 (€m)	Total (€m)
Bearta Comhtháthaithe agus Infheistíocht san Iompar Inbhuanaithe	52.3	89.0	110.0	95.0	95.0	85.0	526.3

Tugtar tuilleadh sonraí faoi na réimsí beartaithe infheistíochta sna codanna seo a leanas.

8.4 Rothaíocht / Siúl

Gréasán Rothaíochta

Chun na spriocanna maidir le deighilt leordhóthanach de réir modh iompair ar mhaithe leis an rothaíocht a bhaint amach, de réir mar atá leagtha amach i gCreat an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta/Taisteal níos Cliste, beidh gréasán comhtháite rothaíochta ag teastáil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Chun go n-éireoidh le gréasán rothaíochta, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh naisc ann idir príomhnóid, amhail limistéir chónaithe, fostaíochta, oideachais agus mhiondiola. Cuimsíonn Plean Gréasáin Rothaíochta Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, a forbraíodh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, bealaí níos sábháilte agus níos oiriúnaí do rothaithe i gceantair uirbeacha chomh maith le sraith bealaí rothaíochta idiruirbeacha d'ardchaighdeán a thacóidh le rothaíocht fóillíochta agus áineasa.

Cuimsíonn an gréasán sin éagsúlacht bealaí, lena n-áirítear raonta rothar leithscartha dá threo, bealaí glasa easbhóthair, lánaí in aghaidh an tsrutha agus suíomhanna ina roinnfidh rothaithe an bóthar leis an trácht ginearálta. Beidh athruithe sa bhainistíocht tráchta ag teastáil freisin, feabhsúcháin ar acomhail atá neamhoiriúnach don rothaíocht ach go háirithe, agus d'fhéadfadh go mbeidh gá le roinnt spás bóithre a ath-leithdháileadh ar an rothaíocht freisin, go háirithe i dtaca le páirceáil sráide i suíomhanna ar leith. Faoin dtionscadal BusConnects, tá sé i gceist áiseanna rothaíochta leithscartha a chur ar fáil ar na Conairí Bus Lárnacha i ngach limistéar uirbeach.

Cé go gcuirfear an gréasán i gcrích thar tréimhse roinnt blianta, tá sé i gceist codanna suntasacha den ghréasán a fhorbairt i rith thréimhse an Phlean. Cuimsítear i bplean BusConnects Bhaile Átha Cliath, go háirithe, forbairt timpeall 200km de raonta / lánaí rothar roimh 2027. Táthar ag súil go gcuirfear 50% - 100 km – de na bealaí sin i gcrích roimh dheireadh thréimhse an phlean.

Chun cabhrú le soláthar leathnaithe áiseanna feabhsaithe rothaíochta, tá sé i gceist go mbunófaí Oifig Tionscadail Rothaíochta laistigh den Údarás. Tagann sé sin le Gníomh 91 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, ina sonraítear 'go dtabharfaidh an Rialtas faoin mbonneagar rothaíochta a leathnú trí "Oifig Tionscadail Rothaíochta" a bhunú laistigh den Údarás Náisiúnta Iompair agus déanfaidh sé plean forfheidhmithe a fhorbairt.' Bunóidh an tÚdarás an Oifig sin in 2019 agus forbróidh sé straitéis 5 bliana agus plean forfheidhmithe chun áiseanna éagsúla rothaíochta a chur ar fáil.

Páirceáil Rothar Phoiblí

Tá méadú mór ar líon na ndaoine a úsáideann rothar chun turais éagsúla a dhéanamh sa réigiún le blianta beaga anuas, go mór mór i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá easpa spásanna páirceála rothar i go leor áiteanna ar fud an réigiúin ag na huaireanta is gnóthaí dá bharr. Déanfaidh an tÚdarás measúnú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara ábhartha ar an ngá atá ann le níos mó páirceála rothar poiblí a chur ar fáil. Beidh sé mar phríomhchuspóir den mheasúnú sin, páirceáil rothar d'ardchaighdeán a chur ar fáil chomh gar agus is féidir do na príomhchinn scríbe sa limistéar ábhartha, agus leanúint de ghluaiseachtaí coisithe agus rochtain dóibh siúd atá faoi mhíchumas luaineachta a éascú. I gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe sin, déanfar infheistíochtaí oiriúnacha chun páirceáil rothar bhreise a chur ar fáil. Sula ndéanfar an measúnú, leagtar sprioc shealadach amach go gcuirfear 1,000 spás breise páirceála rothar ar fáil, chomh maith le soláthar suntasach páirceála rothar eas-sráide.

Anuas air sin, oibreoidh an tÚdarás leis na húdaráis Áitiúla chun caighdeáin chomhordaithe páirceála rothar a fhorbairt d'fhorbairtí nua ar fud MCBÁC.

Áiseanna Siúil

Bíonn an siúl ina ghné de gach turas, agus i gceantair uirbeacha lárnacha, is í an siúl an modh iompair is suntasaí go ginearálta. Chun tacaíocht a thabhairt do thurais siúil agus a sciar den deighilt de réir modh iompair a mhéadú, ní mór díriú ar fheabhas a chur ar áiseanna siúil san fho-chlár seo. Cuimsíonn na feabhsuithe sin tuilleadh nasc díreach a chur ar fáil, lena n-áirítear naisc agus cosáin nua do choisithe áit nach bhfuil siad ann cheana, cáilíocht an dromchla a fheabhsú, tréimhsí feithimh ag trasrianta bóthair a laghdú, bealaí níos sábháilte a chur ar fáil do gach cineál coisí, páistí agus daoine maol-luaineachta san áireamh, cosáin a leathnú, tréimhsí do choisithe a thrasnaíonn ag soilse tráchta a shíneadh, spás a roinnt nuair is féidir agus timpeallacht fheabhsaithe a chur ar fáil do choisithe go ginearálta.

Mar chuid den phróiseas sin, déanfar plan le haghaidh gréasán straitéiseach coisithe a fhorbairt, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, a chuimseoidh na príomhionaid uirbeacha sa réigiún, a shainathneoidh na príomhnaisc do choisithe sna limistéir sin agus a mholfaidh bearta chun na príomhbhealaí sainaitheanta a fheabhsú. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin cosáin a leathnú nuair is féidir, dromhcla níos fearr a chur a fáil agus cuailí, comharthaí, caibinéid sráide, fógraíocht agus tranglam sráide eile neamhriachtanach a bhaint amach.

Scéimeanna Roinnte Rothar Poiblí

Tá an-rath go deo ar scéim roinnte rothar Bhaile Átha Cliath ó seoladh í i Meán Fómhair 2009. Mar gheall ar cé chomh maith is ar éirigh leis an scéim, tá éileamh mór ann chun é a shíneadh chuig limistéir eile den chathair agus é a thabhairt isteach i gceantair uirbeacha eile sa réigiún. Le linn thréimhse an Phlean, tá sé i gceist limistéir níos fairsinge roinnte rothar a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath, agus scéimeanna poiblí roinnte rothar a thabhairt isteach i gceantair oiriúnacha eile de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tugadh scéimeanna rothar isteach i gcathair Chorcaí, i gcathair na Gaillimhe agus i gcathair Luimnigh freisin ag deireadh 2014. Déanfar síneadh breise na scéimeanna sin agus tabhairt isteach scéimeanna breise a mheasúnú agus a chur chun cinn a thuilleadh i rith an Phlean.

8.5 Bainistíocht Tráchta

Scéimeanna Atreoraithe Tráchta

Tá roinnt limistéar i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus i limistéir uirbeacha mhóra áirithe ina soláthródh athruithe ar threorú tráchta an spás is gá chun iompar poiblí a thabhairt isteach, nó a fheabhsú, lena n-áirítear iarnród éadrom i mBaile Átha Cliath agus Conairí Bus Lárnacha agus scéimeanna rothaíochta i ngach áit. Beidh comhairliúchán agus idirbheartaíocht chuimsitheach ag teastáil i gcás gach ceann de na scéimeanna sin chun freastal ar éilimh iomaíocha ar an spás bóthair atá ar fáil.

Tá sé de chuspóir againn na scéimeanna sin a chur i bhfeidhm chun acmhainn agus feidhmíocht an chóras iompair phoiblí a mhéadú, rochtain do choisithe agus do rothaithe a fheabhsú agus an timpeallacht uirbeach ghinearálta a fheabhsú do shiopadóirí, cuairteoirí agus cónaitheoirí, ach acmhainn chuí d'iompar carrbhunaithe a chur ar fáil ag an am céanna.

Forbairt Áiseanna Páirceála

Tá áiseanna Páirceála agus Taistil ag feidhmiú go rathúil ag roinnt suíomhanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus iad nasctha den chuid is mó le stáisiún iarnróid nó Luas. Mar thoradh air sin, tá gréasán áiseanna straitéiseacha páirceála agus taistil sainaitheanta sa Straitéis Iompair ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt de na háiseanna sin ag brath ar fhorbairt bonneagair iarnróid ar feadh na conaire lena mbaineann siad.

I gcomhar le forbairt BusConnects Bhaile Átha Cliath agus na hacmhainne méadaithe iarnróid, tá sé i gceist cur i gcrích roinnt de na suíomhanna sin a chur chun cinn mar chuid den Phlean. Déanfar measúnú freisin le deimhniú cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí an suíomh straitéiseach Páirceála agus Taistil atá molta ag Gleann na Life a fheidhmiú ar dtús mar shuíomh busbhunaithe, sula gcuirfear córas Luas Leamhcáin i bhfeidhm. Má bhíonn freagra dearfach ar an gceist thuas, moltar an fhorbairt sin a chur i bhfeidhm i rith an Phlean.

Le taobh na conaire thoir theas, a chuimsíonn an bóthar náisiúnta M11 / N11, tá sé i gceist áis bhreise pháirceála agus taistil a chur ar fáil, lena n-áirítear forleathnú a d'fhéadfadh a chur ar na háiseanna páirceála atá ann cheana ag na Clocha Liatha. Soláthrófar é seo i gcomhar le méadú ar mhinicíocht na seirbhíse ar an líne iarnróid.

Ina theannta sin, tá sé i gceist leathnú breise a dhéanamh ar na háiseanna páirceála agus taistil i suíomhanna oiriúnacha, áit a bhfuil éileamh leordhóthanach ann, agus áiseanna breise páirceála agus taistil a thabhairt isteach.

I gceantair uirbeacha, cé go bhféachfaidh na bearta páirceála le teorainn a chur le líon na spásanna páirceála a bheidh ar fáil do charranna príobháideacha, is dócha go gcuirfidh an riachtanas chun spás bóthair a sholáthar do rudaí amhail raonta rothar, lánaí bus, stadanna tacsáí agus araile brú breise ar sholáthar páirceála sráide. I bpáirt leis an soláthar páirceála agus taistil a fheabhsú, déanfar measúnú ar an ngá atá ann le páirceáil phoiblí bhreise eas-sráide a chur ar fáil. I gcás go mbeadh údar maith leis an méid sin, déanfar machnamh ar fhorbairt na n-áiseanna sin a chur chun cinn le haghaidh turais mhiondíola agus turais neamhchomaitéireachta eile.

Chun cabhrú le háiseanna páirceála agus taistil a fhorbairt agus a chur ar fáil, tá sé i gceist go mbunófaí Oifig Páirceála & Taistil laistigh den Údarás. Tagann sé sin le Gníomh 89 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ina leagfar amach an cuspóir go “mbunófaí ‘Oifig Páirceála agus Taistil’ laistigh den NTA agus go bhforbrófaí Plean Cur i bhFeidhm Páirceála agus Taistil foriomlán, lena n-áirítear áiseanna ilmhódacha a chur ar fáil (e.g. pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha/páirceáil rothar)”.

Feithiclí Leictreacha

Tacaíonn an tÚdarás le rolladh amach feithiclí leictreacha mar mhodh iompair níos inbhuanaithe. Tacóidh an tÚdarás go háirithe le pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil, ag áiseanna Straitéiseacha Páirceála agus Taistil agus ag áiseanna eile san áireamh.

Scéimeanna Bainistíochta Tráchta Ginearálta

Tá go leor cineálacha scéimeanna bainistíochta tráchta ann, ina measc uasghráduithe ar aomhail chun an sruth tráchta a fheabhsú, chomh maith le tionscadail chomharthaíochta tráchta agus tabhairt isteach srianta ar luas, lena n-áirítear criosanna 30 km san uair. Cruthaíonn na tionscadail seo buntáistí suntasacha, ar bhonn áitiúil go príomha, ag costas atá íseal go leor. Tá sé i gceist clár tionscadal den chineál sin a chur i gcrích gach bliain le linn an Phlean, agus deimhneofar mionsonraí na dtionscadal aonair gach bliain i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a shaináithneofar.

Scéimeanna Rialaithe agus Faisnéise Tráchta

Tagraíonn scéimeanna rialaithe agus faisnéise tráchta, a bhaineann leis na scéimeanna bainistíochta tráchta, do chórais mhonatóireachta agus rialaithe tráchta agus do chórais hliste iompair. Bíonn limistéir ard-dlúis daonra ag brath ar chórais chasta rialaithe tráchta chun barrfheabhas a chur ar ghluaiseacht iompair. Tá borradh suntasach tagtha ar réimse na gcórais cliste iompair le blianta beaga anuas, rud a bhfuil an-bhaint aige le réimse an rialaithe tráchta, agus léiríonn sé sin go bhfuil cumas agus úsáid na teicneolaíochta ag dul i méid in earnáil an iompair.

Le linn thréimhse an Phlean, tá se beartaithe réitigh teicneolaíochta a úsáid nuair is iomchuí, agus leanúint den infheistíocht i gcórais rialaithe tráchta a fhorbairt go háirithe. Áirítear leis sin síneadh breise a chur le rialú comhordaithe soilse tráchta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha eile, chomh maith le díriú ar ghnéithe de chórais chliste iompair, rud a chruthóidh buntáistí follasacha d'údáideoirí an chórais iompair.

Is cuid lárnach den infheistíocht sin é tús áite a thabhairt do bhusanna ag aomhail oiriúnacha atá faoi rialú soilse tráchta.

Bainistíocht Éilimh

De bhun alt 71 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, tá sé i gceist ag an Údarás “scéim bainistíochta éilimh” a fhorbairt do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i rith thréimhse an Phlean, ina leagfar amach bearta maidir le héileamh iompair a bhainistiú ar fud an réigiúin. Déanfar comhairliúchán poiblí maidir leis na tograí sin, a d'fhéadfadh bearta den chineál thíos a chuimsiú:

- a) riachtanais taistil a laghdú,
- b) úsáid feithiclí inneall-ghluaiste a laghdú, carranna príobháideacha go háirithe,
- c) taisteal ar iompar poiblí, rothair agus de chos a mhéadú in ionad taisteal i gcarranna príobháideacha,
- d) taisteal a spreagadh ag amanna ina mbíonn leibhéal níos lú plódaithe, agus /nó amanna turais a laghdú; agus
- e) oibriú leis na hÚdaráis Áitiúla chun caighdeáin pháirceála a chomhordú d'fhorbairtí nua ar feadh MCBÁC.

Bainistíocht Tráchta Straitéiseach

I rith thréimhse an Phlean, tá sé i gceist ag an Údarás plean straitéiseach bainistíochta tráchta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm do MCBÁC, plean a shainaithníonn na bearta is gá a ghlacadh chun an ghluaiseacht is éifeachtúla do dhaoine, d'earraí agus d'fheithiclí a bhaint amach, de réir dhearcadh an Údaráis.

Beidh an plean straitéiseach bainistíochta tráchta sin faoi réir comhairliúchán poiblí le linn a fhorbartha, agus déanfar plé ar an aiseolas a gheofar ina leith ag an tráth ag a mbeidh na tograí á gcur i gcrích.

Pleananna Iompair Áitiúla (PIÁ)

Moltar sna dréacht-Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha go bhforbrófaí Pleananna Iompair Áitiúla (PIÁ). Is iad na PIÁanna an leibhéal is ísle de chreat an CNP maidir le talamhúsáid agus pleanáil iompair a chomhtháthú agus an cuspóir sa CNP a bhaineann le 'dlúthfhás cliste' a bhaint amach. Beidh tosaíochtaí iompair do gach lonnaíocht leagtha amach i PIÁanna, ó thaobh bonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí de; infheistíocht sa rothaíocht; feabhsuithe ar an timpeallacht coisithe; agus feabhsuithe bóthair. Cuirfear na polasaí, na cuspóirí agus na bearta a thiocfaidh as na PIÁanna san áireamh leis na pleananna reachtúla ábhartha talamhúsáide a bhaineann le gach lonnaíocht.

Cuirfidh an tÚdarás maoiniú nó tacaíocht eile ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha eile, chun PIÁanna a ullmhú do lonnaíochtaí áirithe nuair a mheasann sé é a bheith cuí.

8.6 Sábháilteacht

Rinneadh go leor dul chun cinn i dtaca le gortuithe agus básanna ó thimpistí bóithre a laghdú le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil go leor cúiseanna éagsúla leis an laghdú seo, is í ceann de na príomhchúiseanna an infheistíocht a rinneadh i mbóithre agus sráideanna níos sábháilte agus an bhéim a cuireadh ar aomhail níos sábháilte a chur ar fáil.

Tá sé i gceist an bhéim seo a choinneáil ar fheabhsuithe a bhaineann le sábháilteacht ar fud an ghréasáin iompair náisiúnta. Is éard atá i gceist anseo ná déileáil le fadhbanna ag suíomhanna ina dtarlaíonn timpistí go minic, agus ina bhfuil réitigh bhonneagair indéanta ar fáil ina leith.

Ina theannta sin, déanfar infheistíocht chun sábháilteacht coisithe agus rothaithe a mhéadú ag aomhail nach bhfuil socruithe curtha ar fáil iontu faoi láthair chun freastal ar na modhanna iompair sin. Ar deireadh, cuirfear infheistíocht ar fáil d'áiseanna trasriain coisithe agus rothaithe, áit nach bhfuil siad ann cheana.

Tá sé i gceist clár tionscadal den chineál sin a chur i gcrích gach bliain le linn thréimhse an Phlean. Deimhneofar mionsonraí na dtionscadal aonair gach bliain i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla, An Garda Síochána agus comhlachtaí ábhartha eile, de réir riachtanas agus tosaíochtaí a shainaithneofar.

8.7 Beartha Comhtháthaithe

Tabharfar tacaíocht do bhearta éagsúla comhtháthaithe trí infheistíocht chaipitil a dhéanamh. Tá bearta den chineál sin dírithe go háirithe ar eispéireas an chustaiméara, lena n-áirítear faisnéis taistil ar líne, ticéadú comhtháite, agus faisnéis ag stadanna agus ag stáisiúin iompair phoiblí.

Déantar tuilleadh cur síos ar na bearta sin i gCaibidil 10, áit a mínítear iad i gcomhthéacs soláthar seirbhísí do chustaiméirí iompair phoiblí.

8.8 Beartha Inrochtaineachta

Bainistíonn an tÚdarás Clár Rochtana ar leith thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tugtar aghaidh ar easnaimh ar leith sa Chlár seo, amhail ardaitheoirí/rampaí a sholáthar ag stáisiúin traenach, stadanna bus inrochtana, fógraí faoin gcéad stad eile agus a leithéid. Tuigtear go leanfar ar aghaidh leis an gClár seo le linn thréimhse an Phlean, go mbeidh leibhéal níos mó cistithe ar fáil dó, agus go mbainisteadh agus go soláthróidh an tÚdarás na feabhsuithe seo.

In éineacht leis an gClár Rochtana ar leith sin, tabharfaidh an tÚdarás faoi fheabhsuithe eile a bhaineann le hinrochtaineacht, mar shampla:

- Fógraí níos fearr inchloiste agus amhairc ar ghréasáin bhus agus iarnróid in áit roinnt córas atá ag deireadh a saolré úsáidigh;
- Flít nua busanna réigiúnacha a chuireann leibhéal níos mó rochtana ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rotha; agus
- Aip inrochtana a fhorbairt d'fhón cliste a thugann treoracha inchloiste, faisnéis suíomh agus nuashonruithe feithicle/seirbhíse i bhfíor-am.

Anuas air sin, agus tionscadail á bhforbairt agus seirbhísí á soláthar ag an Údarás, déanfaidh sé cinnte go mbreithneofar riachtanais gach úsáideora go cúramach, beag beann ar a aois, méid, cumas nó míchumas.

9 Plean Seirbhíse Comhtháite

9.1 Réamhrá

Le himeacht ama, agus de réir mar a rachaidh tionchar na hinfheistíochta sa chóras iompair i bhfeidhm, breathnóidh líon níos mó daoine ar an gcóras iompair phoiblí (rothaíocht agus siúl san áireamh) mar an bealach is fearr chun dul go dtí an obair nó ar scoil, chun dul ag siopadóireacht nó chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áineasa, agus úsáidfídh níos lú daoine carranna príobháideacha chun na rudaí thuas a dhéanamh nó chun críocha eile taistil. Tá plean seirbhíse comhtháite, ina sainaithnítear na príomhchuspóirí agus na príomhthorthaí atá le baint amach ag an Údarás i dtaca le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí, ríthábhachtach chun an iompraíocht taistil a athrú agus chun an t-aistriú modha iompair seo a bhaint amach.

Ní mór do phlean seirbhíse comhtháite na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- Gréasán iompair phoiblí dea-dheartha a chlúdaíonn an réigiún, ionas nach gcónaíonn sciar méadaitheach den daonra ach achar gearr siúil ón gcóras iompair phoiblí;
- Seirbhísí iontaofa agus intuatha leis an mhinicíocht chuí do na háiteanna a bhfreastalaítear orthu;
- Gréasán a nascann na háiteanna ina gcónaíonn daoine le hionaid fostaíochta, ionaid siopadóireachta, scoileanna agus coláistí, ospidéal agus áiseanna leighis, agus áiseanna fóillíochta;
- Seirbhísí poncúla a chloíonn le hamchláir a dtacaíonn Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí leo, a bhíonn “ar fáil an t-am ar fad” agus cruinn, go háirithe má chuirtear isteach ar an tseirbhís gan neart againn ar an míchaoithiúlacht sin;
- Gréasán sothuigte le huimhriú loighciúil bealaigh atá iomasach agus comhsheasmhach ar fud an réigiúin; agus
- Struchtúr simplí agus inacmhainne táillí a dtacaíonn córas áisiúil íocaíochta leis agus atá éasca le húsáid.

D'fhonn é sin a bhaint amach, déanfaidh an tÚdarás a dhícheall chun gréasán cuimsitheach seirbhísí bus a chur ar fáil, gréasán atá comhordaithe le seirbhísí traenach agus tram agus a dtacaíonn córais nua-aimseartha faisnéise agus ticéadaithe leis. Beidh siad go léir comhtháite laistigh de na modhanna iompair uile agus idir na modhanna sin. Go luath sa Phlean, cuirfidh an tÚdarás critéir phleanála iompair ar bun le treoir a thabhairt d'fhorbairt an ghréasáin bus, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí chun riachtanais shóisialta a chomhlíonadh, luach ar airgead a bhaint amach agus na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú.

Déantar cur síos ar na torthaí a bheidh á lorg agus á gcomhtháthú ag an Údarás thar thréimhse an Phlean sa Chaibidil seo faoi na catagóirí seo a leanas:

- BusConnects – Athbhreithnithe ar an nGréasán Uirbeach;

- Iompar Poiblí Ardacmhainne;
- Tacsaithe; agus
- Iompar Áitiúil agus Tuaithe.

Leagan Caibidil 10 amach clár thacaíochta maidir le Comhtháthú agus Inrochtaineacht a fheabhsóidh soláthar seirbhísí ar fud na modhanna iompair phoiblí ar fad.

9.2 BusConnects – Athbhreithnithe ar an nGréasán Uirbeach

9.2.1 Réamhrá

Forbraíonn agus athraíonn gréasáin bus de réir athruithe ar phatrúin daonra agus fostaíochta. Chun freagairt do na hathruithe sin agus chun barrfheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus mealltacht an chórais iompair phoiblí go ginearálta, déanfar atheagrú freisin ar an ngréasán bus de bharr forbairtí san iarnród, san iarnród éadrom, agus sna Gréasáin Lárnacha Bus thar thréimhse an Phlean seo. Soláthróidh an clár BusConnects gréasán bealaí agus seirbhísí atá athdheartha go hiomlán chun dul i ngleic le heasnamh sa ghréasán atá ann faoi láthair. Seo a leanas cuid de na príomhathruithe a bheidh ann:

- Cruthóidh acmhainn mhéadaithe na ngréasán iarnróid throm agus éadroim i MCBÁC an deis do bhusanna ról feabhsaithe friothálach a bheith acu, agus tiocfaidh méadú ar idirmhalartú paisinéirí idir na modhanna iompair ar fad dá bharr sin;
- I limistéir arb é an bus an t-aon mhodh iompair atá ar fáil iontu, déanfar tuilleadh forbartha ar an ngréasán chun critéir phleanála iompair a bhaint amach ó thaobh deighilt de réir modh iompair, an chlúdaigh agus na hinbhuanaitheachta de;
- Le linn don ghréasán iomlán iompair phoiblí a bheith á fhorbairt, beidh tuilleadh gá le háiseanna saoráideacha agus mealltacha idirmhalartaithe a chur ar fáil ag príomhphointí idirmhalartaithe idir modhanna éagsúla iompair; agus
- Áireofar le forbairt an Ghréasáin Lárnaigh Bus athruithe suntasacha ar phatrún na seirbhísí.

9.2.2 Príomhchuspóirí

Le linn thréimhse an Phlean, leanfaidh an bus d'fhreastal ar fhormhór na dturas ar an gcóras iompair phoiblí. Tá sé tábhachtach go gcuirfí feabhas leanúnach ar sheirbhísí bus agus go gcomhlíonfaí an t-éileamh atá ann faoi láthair agus an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí ar bhealach éifeachtúil.

Déanfar tuilleadh forbartha ar na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas, a bhfuil sé mar aidhm acu eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, agus cuimseofar iad mar chritéir phleanála iompair don ghréasán bus:

- Gréasán bus atá éifeachtach agus dea-dheartha agus a chuireann barr feabhais ar bhealaí agus ar sheirbhísí chun freastal ar éileamh na bpaisinéirí;

- A chinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtúil chun seirbhísí bus a chur ar fáil;
- Iarracht a dhéanamh chun amanna ginearálta turais a laghdú agus iontaofacht na seirbhísí bus a fheabhsú;
- Na patrúin seirbhíse a fheabhsú trí sheirbhísí a fheabhsú i dtréimhsí seachbhuaice, um thráthnóna, agus ag an deireadh seachtaine. Beidh seirbhísí bus 24 uair ar fáil do chonairí traschathracha ríthábhachacha i mBaile Átha Cliath;
- Idirmhalartú paisinéirí níos minice le modhanna iompair eile a fhorbairt;
- Modhanna íocaíochta níos simplí a sholáthar maidir le turais iompair phoiblí ar bhonn leanúnach;
- Flít busanna atá mealltach, compordach, glan, inrochtana agus nua-aimseartha a chur ar fáil;
- Luach a gcuid airgid a chinntiú do phaisinéirí;
- Feidhmíocht chomhshaoil an fhlít busanna a fheabhsú; agus
- An tsamhail soláthair do sheirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) a mheas agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne.

9.2.3 Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Bus

Chun na cuspóirí ardleibhéil thuas a chur i bhfeidhm, déanfar athbhreithniú ar an ngréasán bus ar bhonn leanúnach le linn thréimhse an Phlean. Beidh na hábhair seo a leanas mar dhlúthchuid de na hathbhreithnithe seirbhíse a dhéantar ar sheirbhísí bus atá ar conradh go poiblí i ngach ceann de na cathracha:

- Díreofar athruithe ar sheirbhísí bus ar riachtanais paisinéirí;
- Leasú ar mhinicíocht busanna agus ar amanna oibriúcháin chun freastal níos fearr ar an éileamh;
- Feabhsúcháin ar an gclúdach seirbhísí bus i gceantair ina bhfuil mórchuid foirgneamh nach bhfuil seirbhís mhaith iarnróid acu agus i limistéir faoi mhíbhuntáiste;
- Rochtain níos fearr ar cheannphointí suntasacha lena n-áirítear lár bailte áitiúla, ionaid oibre, áiseanna sláinte, áiseanna oideachais, áiseanna fóillíochta agus limistéir mhiondíola;
- Seirbhísí a dhéanann freastal ar fhás daonra agus fostaíochta; agus
- Comhtháthú níos fearr sa chóras iompair phoiblí, trí dheiseanna maithe idirmhalartaithe a chur ar fáil le linn don ghréasán iompair phoiblí a bheith á fhorbairt.

Díreoidh an tÚdarás ar na bearta seirbhíse seo a leanas ina leithéid d'athbhreithnithe:

- Athruithe a thabhairt isteach ar gá iad a dhéanamh mar gheall ar athruithe bainistíochta tráchta/tionscnaimh réimse phoiblí i lárionaid uirbeacha;

- Scrúdú ar an bpoitéinseal atá ann bealaí trascathracha breise a chur ar fáil;
- Measúnú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann maidir le líon na gcríochfort bus a laghdú i lár na cathrach;
- Cur ar fáil bealaí bus malartacha trí lár na cathrach;
- Cuíchóiriú a dhéanamh ar bhealaí nach bhfuil ag déanamh chomh maith agus ba cheart dóibh a bheith, agus cónascadh seirbhísí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuarbhealaí bus chun seirbhísí níos iontaofa agus níos fearr a bhaint amach; agus
- Forleathnú a dhéanamh ar bhealaí bus chuig limistéir ina bhfuil éileamh paisinéirí nua iontu.

9.2.4 Ceadúnú Bus

Ceadúnaíonn an tÚdarás na seirbhísí tráchtála bus poiblí do phaisinéirí ar fad a fheidhmíonn laistigh den Stát. Tugtar “Iomaíocht Rialaithe” ar an gcur chuige seo, agus cinntíonn sé go gcomhlíontar an t-éileamh foriomlán trí mheascán seirbhísí tráchtála (i.e. gan maoiniú ón Stát) agus seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (a fhaigheann maoiniú ón Stát). In 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás *“Treoirlínte um Cheadúnú Seirbhísí Bus Poiblí do Phaisinéirí”*, a thugann comhairle agus treoir d'iarratasóirí féideartha ar cheadúnais maidir le próisis agus prionsabail an chórais ceadúnaithe do bhusanna tráchtála poiblí.

I rith thréimhse an Phlean, déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na dTreoirlínte reachtúla agus, mar chuid den athbhreithniú sin, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le hoibreoirí bus agus le páirtithe leasmhara eile chun a gcuid tuairimí a fháil. Agus an córas ceadúnaithe á fhéidhmiú aige, leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag glacadh cinntí tráthúla maidir le ceadúnais bus, rud a rinne sé i gcónaí.

Leanfar d'iarracht a dhéanamh seirbhísí príobháideacha agus seirbhísí oibleagáide poiblí comhtháthú níos fearr, bealaí bus náisiúnta a uimhriú san áireamh, feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise taistil, lena n-áirítear faisnéis fíor-ama agus cur ar fáil sonraí agus staidrimh níos leithne maidir le seirbhísí bus don phobal, rud a chuimsíonn seirbhísí atá fóirdheonaithe go poiblí agus seirbhísí atá ceadúnaithe ar bhonn tráchtála. Chomh maith leis sin, forbróidh an tÚdarás caighdeán cháilíochta a mbeidh sé de dhualgas ar sheirbhísí ceadúnaithe iad a bhaint amach, i ndiaidh comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara.

Chun an córas iarratais agus próiseála maidir le ceadúnais bus a dhéanamh níos éifeachtaí, déanfaidh an tÚdarás forbairt ar a gcórais Teicneolaíochta Faisnéise chun go mbeifear in ann anailís níos fearr a dhéanamh ar bhealaí, agus chun go mbeifear in ann measúnacht a dhéanamh ar an éileamh le linn na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a thagann chun cinn a dheimhniú nuair a bhíonn iarratais ar cheadúnais bhus tráchtála á meas.

9.2.5 Samhail Seachadta Chuí

Is iad Conarthaí Iompair Phoiblí idir an tÚdarás agus na hoibreoirí ábhartha a rialaíonn maoiniú fóirdheonaithe na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. I gcás seirbhísí bus fóirdheonaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, feidhmíonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Go-Ahead Ireland na seirbhísí sin, agus déanann an tÚdarás íocaíochtaí le haghaidh sholáthar na seirbhísí faoi chonradh.

Bhí an chéad sciar de chonarthaí le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann i bhfeidhm ó 2009 go 2014, agus cuireadh conarthaí breise le critéir níos láidre feidhmíochta ar bun don tréimhse 2014 go dtí 2019 (Nollaig). Comhlíonann na conarthaí na critéir atá leagtha síos faoi láthair i ndlí an AE, agus sonraíonn siad caighdeáin maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhís do chustaiméirí agus tá pionóis as neamhfheidhmíocht iontu.

Tugann an reachtaíocht infheidhme cumhacht don Údarás conarthaí dírdhámhachtana a dhéanamh le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann, sin nó is féidir leis an Údarás tairiscintí a lorg le haghaidh roinnt nó gach ceann de na seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Chinn an tÚdarás in 2013 go dtabharfar faoi phróiseas iomaíoch tairisceana le haghaidh sciar (timpeall 10%) de na seirbhísí fóirdheonaithe. Ina dhiaidh sin, tionscnaíodh trí chomórtas tairisceana in 2015 i dtaca le:

1. Bealaí uirbeacha i mBaile Átha Cliath (10% de sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí Bhaile Átha Cliath);
2. Bealaí comaitéireachta Bhaile Átha Cliath (conair Chill Dara) agus
3. Seirbhísí Chathair Phort Láirge.

(Is ionann comórtais 2 agus 3 le chéile agus timpeall 10% de sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí Bhus Éireann)

Bronnadh an conradh le haghaidh bealaí uirbeacha Bhaile Átha Cliath ar Go Ahead Ireland, agus bhí tús curtha le thart ar leath de na seirbhísí ag an gcuideachta faoi Nollaig 2018; cuireadh tús leis an gcuid eile de na seirbhísí in 2019.

Ba é Bus Éireann an táirgeoir ar éirigh leis maidir le comórtas 2 agus ba é Go Ahead Ireland an táirgeoir ar éirigh leis maidir le comórtas 3. Cuireadh tús leis na seirbhísí sin in 2019.

Socróidh an tÚdarás an modh cuí soláthair do sheirbhísí bus OSP ón mbliain 2019 go 2024 i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an AE.

9.2.6 Iompar Áitiúil agus Tuaithe

Ghlac an tÚdarás freagracht as bainistíocht an Chláir um Iompar Tuaithe (RTP) thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2012. Is é cuspóir an Chláir um Iompar Tuaithe córas iompair phoiblí náisiúnta d'ardchaighdeán atá pobalbhunaithe a chur ar fáil i gceantair tuaithe na hÉireann, córas a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla. Cuireadh clár athchóirithe i bhfeidhm sa tréimhse 2014 / 2015.

Ba iad seo a leanas cuid de chuspóirí an chlár athchóirithe:

- An clár nua RTP a bhainistiú ar bhonn iomlán inmheánach;
- Struchtúr níos éifeachtúla maidir le seachadadh a chinntiú;
- Cinntiú go bhfuil an córas Iompair Tuaithe comhtháite leis na gnáthseirbhísí iompair;
- Soláthraithe Seirbhíse a fháil atá sásta conarthaí a dhéanamh leis an Údarás (modh na gcreataí agus an conarthaí dírdhámhachtana);
- Aitheantas soiléir a thabhairt don chlár trí bhrandáil;
- Sciar méadaithe de sheirbhísí atá iomlán oiriúnach do chathaoireacha rothaí a chur ar fáil;
- Bonn daingean a chur ar fáil chun seirbhísí a leathnú / a choigeartú ar mhaithe le riachtanais reatha agus riachtanais an todhchaí a chomhlíonadh; agus
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh an Rialtais amhail iad siúd atá á gcur chun cinn ag an gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe – CEDRA.

Tá ainm branda amháin do sheirbhísí iompair tuaithe forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an Údarás – “Local Link” – agus is dlúthchuid é den bhranda iompair phoiblí uileghabhálach Transport for Ireland. Tacaíodh leis sin trí ghníomhaíochtaí náisiúnta agus áitiúla margaíochta.

Bunaíodh seacht nAonad Comhórdaithe Iompair (ACIanna) déag go náisiúnta faoin gclár athchóirithe chun dul in áit ná gcúig Ghrúpa Iompair Tuaithe is tríocha a bhí ann cheana. Freastalaíonn trí cinn de na ACIanna sin ar mhórchéantar Bhaile Átha Cliath:

- ACI Lú/na Mí/Chill Dara;
- ACI Chill Dara/Bhaile Átha Cliath Theas; agus
- ACI Cheatharlach/Chill Chainnigh/Chill Mhantáin.

Tá sé i gceist tuilleadh forbartha a dhéanamh ar iompar tuaithe agus áitiúil le linn thréimhse an Phlean, forbairt a chuirfidh seirbhísí breise ar fáil chun naisc a dhéanamh idir daoine agus poist, oideachas, agus ionaid mhiondíola agus, go háirithe, aonrú seandaoine a chónaíonn faoin tuath, cónaitheoirí tuaithe eile agus daoine maol-luaineachta, a laghdú.

Ó glacadh freagracht as an gclár seo, tugadh isteach bealaí nua, lena n-áirítear bealaí sceidealaithe do chomaitéirí, agus athraíodh bealaí atá ann cheana chun barrfheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí, agus tá sé i gceist go leanfaí ar aghaidh leis an bpróiseas sin i rith an Phlean seo. Táthar ag breathnú ar na critéir seo a leanas, agus leanfar de mhachnamh a dhéanamh orthu mar chuid den phróiseas athbhreithnithe:

- Naisc níos fearr a chruthú idir na seirbhísí tuaithe áitiúla agus seirbhísí bus agus iarnróid sceidealaithe thar achar níos faide;
- Leanúint de bhéim a leagan ar ionchuimsiú sóisialta;
- Scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna chun riachtanais iompair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nach mbaineann le héigeandálaí a chomhtháthú sa ghréasán seirbhísí Local Link; agus

- Leas a bhaint as deiseanna do sheirbhísí nua nuálacha chun tacú le tionscnaimh fiontair agus turasóireachta ar bhonn áitiúil agus pobail araon.

Is í fíís an Údaráis ná, laistigh de na teorainneacha buiséid, go bhfásfaidh seirbhísí iompair tuaithe a thuilleadh agus go gcuirfear ar fáil iad go seasmhach ar fud na tíre. Is é an cuspóir uileghabhálach go mbeidh an deis ag gach pobal tuaithe rochtain a fháil ar shráidbhailte agus ar bhailte ina bhfuil seirbhísí poiblí lonnaithe (e.g. An Post, clinicí dochtúra, clubanna na bhfear, áiseanna pobail etc.) trí úsáid a bhaint as iompar poiblí atá ar fáil go réasúnta minic, agus chun ceangal a dhéanamh le seirbhísí eile iompair phoiblí le haghaidh turais as sin ar aghaidh.

9.3 Seirbhísí Iarnróid

Is éard atá sa ghréasán iarnróid ná an t-iarnród trom, atá á oibriú ar bhonn náisiúnta ag Iarnród Éireann, lena n-áirítear an DART, agus seirbhísí comaitéireachta agus Traschathracha, agus an t-iarnród éadrom, atá á oibriú ag oibreoir faoi chonradh, Transdev, ar Líne Ghlas agus Líne Dhearg an Luas i mBaile Átha Cliath.

Is é ról an ghréasáin iarnróid ná bealaí iompair phoiblí ardluais agus ardacmhainne a chur ar fáil. Cuireann na stáisiúin agus na stadanna moil áitiúla ar fáil le haghaidh siúil, rothaíochta, busanna friotálacha agus páirceála agus taistil, agus tá ról acu i bhforbairt thalamhúsáide. Tá sé i gceist ag an Údarás, le linn shaolré an Phlean seo, an gréasán iarnróid a fheabhsú chun go leanfaidh sé de ról lárnach a bheith aige i ngluaiseacht daoine agus i ngníomhaíocht eacnamaíochta sa réigiún a chur chun cinn.

Is seirbhís Oibleagáide Seirbhíse Poiblí í gach seirbhís iarnróid agus tá siad uile rialaithe ag Conarthaí Iompair Phoiblí. I gcás iarnród trom, tá an conradh ag Iarnród Éireann faoi láthair. I gcás iarnród éadrom, i.e. Luas, is iad an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) na comhpháirtithe conartha, i gcomhar le Transdev, a fheidhmíonn na seirbhísí Luas. Tugann an tÚdarás feidhmeanna bainistíochta laethúla an chonartha do Bhonneagar Iompair Éireann.

Le linn thréimhse an Phlean, agus mar an gcéanna leis na socruithe sin atá leagtha síos don chóras bus thuas, is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an Údaráis don tseirbhís iarnróid:

- Barrfheabhas a chur ar sheirbhísí chun freastal ar éileamh paisinéirí;
- Nascacht iarnróid idir na príomhionaid ghníomhaíochta eacnamaíochta agus Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a uasmhéadú;
- Amana turais agus iontaofacht ghinearálta seirbhísí traenach agus tram a fheabhsú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- An conradh oibriúcháin do sheirbhísí Luas a bhainistiú go héifeachtach;
- Iarracht leanúnach a dhéanamh feabhas a chur ar cháilíocht eispéireas custaiméirí, agus
- Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú.

9.3.1 Iarnród Trom

Mar chuid den chonradh idir Iarnród Éireann agus an tÚdarás, déanann an tÚdarás íocaíochtaí le go soláthrófaí na seirbhísí ar conradh ar an ngréasán iarnróid throm. Síníodh an comhaontú reatha le hIarnród Éireann i mí na Nollag 2009 ar feadh tréimhse 10 mbliana go Nollaig 2019, agus cuirfear conradh Dírdhámhachtana eile 10 mbliana i bhfeidhm do na seirbhísí ó 2019 ar aghaidh.

Cosúil leis na comhaontuithe do sheirbhísí bus, baineann an conradh leis na critéir reatha atá leagtha amach sa reachtaíocht, a éilíonn go leagfaí amach caighdeáin maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhísí do chustaiméirí, chomh maith le córas chun réimsí neamhfheidhmíochta a bhainistiú. Déanann an tÚdarás feidhmíocht ar chonradh Iarnróid Éireann a mhonatóiriú ar bhonn ráithiúil agus foilsíonn sé na torthaí ar an láithreán gréasáin www.nationaltransport.ie.

Ó síníodh an conradh ar an 3 Nollaig 2009, tá feabhas curtha ag an Údarás ar na forálacha feidhmíochta agus rinne sé na táscairí feidhmíochta a imdhealú chun go mbeifear in ann díriú ar bhealach i bhfad níos cuimsithí ar an bhfeidhmíocht seirbhíse. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh leis an bpróiseas sin i rith thréimhse an Phlean tríd an gcéad chonradh eile a neartú tuilleadh.

Cosúil leis na seirbhísí bus, déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí iarnróid ar bhonn leanúnach le linn thréimhse an Phlean. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpatrún seirbhísí i bhfianaise an éilimh le déanaí agus aiseolais ó phaisinéirí.

Nuair a chuirfear Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach i gcrích, beidh deiseanna ann bealaí breise traenach a sheoladh trí Stáisiún Uí Chonghaile. Cuirfidh sé seo cumraíochtaí feabhsaithe ar fáil do sheirbhísí Idirchathracha agus comaitéireachta.

Tugadh isteach amchlár feabhsaithe, lena n-airítear seirbhís DART a chur ar fáil gach deich nóiméad i rith na tréimhse is gnóthaí den phríomhlá oibrithe, go déanach in 2018. Déanfar feabhsúcháin eile seirbhíse a fhorbairt i rith shaolré an Phlean seo agus cuirfear i bhfeidhm iad faoi réir fóirdheontas breise a bheith ar fáil lena n-oibriú, más gá sin. Cuirfidh rothstoc breise, nuair a sheachadfar é, deiseanna breise ar fáil chun seirbhísí iarnróid throm a mhéadú agus a fheabhsú.

9.3.2 Iarnród Éadrom

I Nollaig 2018, chuir an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) tús le tairiscintí a lorg le haghaidh oibreoir nua chun an córas Luas a oibriú agus a chothabháil. Chuaigh na conarthaí reatha aonair chun na seirbhísí Luas a oibriú agus an ráille agus flít a chothabháil in éag i Ráithe 3 2019. Rinne BIÉ agus an tÚdarás comhaontú go gcuirfí oibriú na seirbhísí Luas agus cothabháil bhonneagar agus fhlít an Luas in aon chonradh soláthair amháin. Roimhe sin, bhí conradh soláthair ar leith ag baint leis an dá ghné sin, d'ainneoin go ndearnadh na conarthaí cothabhála a nuachan sa chonradh oibriúcháin.

Cuireann an córas Luas seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil iompair phoiblí ar fáil i mBaile Átha Cliath, agus faoi láthair níl fóirdheontas oibriúcháin ag teastáil ina leith. Ní thabharfar aon líne nua Luas isteach le linn shaolré an Phlean seo. Chun cur leis an mórinfheistíocht capitil san iarnród éadrom, áfach, moltar na bearta seo a leanas a ghlacadh:

- Chun freastal ar an éileamh réamh-mheasta, méadófar an acmhainn ar Líne Ghlas an Luas trí na tramanna atá ann cheana a mhéadú;

- Nuair a bhíonn an Luas ag idirghníomhú le trácht sráide, tabharfar tuilleadh tosaíochta don Luas trí na soilse glasa tráchta ag aomhail a fhágáil lasta tamall níos faide i gcomhair tramanna nuair is cuí sin; agus
- Déanfar athbhreithniú leanúnach ar phatrúin seirbhísí le linn thréimhse an Phlean.

9.3.3 Stadanna tram agus stáisiúin traenach

Cuirfear feabhas ar eispéireas paisinéirí ag stadanna tram agus stáisiúin traenach chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Beidh ardáin, stáisiúin agus traenacha go hiomlán inrochtana do dhaoine maol-luaineachta agus do dhaoine faoi mhíchumas;
- Feabhas a chur ar an rochtain do choisithe agus rothaithe ón limistéar máguaird;
- Spás a sholáthar, nuair is cuí, do stadanna bus, stadanna tacsáí agus áiseanna leagan síos do phaisinéirí;
- Scáthláin a bhfuil bail mhaith orthu, atá dea-shoilsithe agus a bhfuil suíocháin iontu, nuair is cuí sin agus nuair atá a ndóthain spáis ann, a chur ar fáil;
- Gnéithe feabhsaithe slándála do phaisinéirí feithimh, i gcás go meastar go bhfuil gá leo;
- Scáileáin a thaispeánann amchláir shainiúla stadanna/stáisiún agus faisnéis fíor-ama faoi theacht agus imeacht traenacha agus tramanna;
- Eolas maidir le táillí a thaispeáint;
- Faisnéis eile taistil, lena n-áirítear léarscáileanna de limistéir áitiúla agus léarscáileanna ar a bhfuil na naisc idir seirbhísí bus agus traenach á dtaispeáint;
- Páirceáil leordhóthanach slán do rothair;
- Páirceáil stáisiúin i limistéir lasmuigh den chathair, nuair is cuí sin agus mura bhfuil siad ann cheana;
- Áiseanna tánaisteacha (leithris, sólaistí, etc.) sna stáisiúin mhóra traenach; agus
- Léitheoirí breise Cárta Leap ag stadanna gnóthacha.

9.4 Córais do Chustaiméirí Iarnróid

Faoi gClár “Tús Áite do Chustaiméirí”, tá an tÚdarás ag obair i ndlúthchomhar le hIarnród Éireann chun cumas feabhsaithe a chur i gcrích chun freastal ar éilimh custaiméirí:

- Acmhainní nua agus feabhsaithe ar an gcaoi a ndéantar áirithintí ar líne;
- Córais agus trealamh nua d'oifigí áirithinte;

- Uirlisí feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le Bainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí chun tacú le gníomhaíochtaí margaíochta, taisteal gnó, turais agus grúpaí, dílseacht agus déileáil le gearáin;
- Córais feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le tacaíocht ioncaim agus bainistíochta táillí; agus
- Trealamh nua ticéadaithe ar líne (gar don am) chun déileáil le custaiméirí inseirbhíse.

Oibreoidh an tÚdarás i gcomhar le hIarnród Éireann chun na riachtanais a fhorbairt agus soláthraí/soláthraithe a lorg i dtaca le córais faisnéise custaiméara atá feabhsaithe go suntasach, go háirithe córais chun na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Faisnéis amhairc agus inchloiste i bhfad níos fearr ar ardáin agus i dtraenacha;
- Scáileáin níos fearr ar a dtaispeántar faisnéis “comhaireamh síos” Fíor-ama ar gach ardán;
- Tuartha níos fearr Fíor-ama maidir le teacht/imeacht traenacha le haghaidh an ardáin idirlín agus aipeanna ar fhóin phóca;
- Áiseanna níos fearr le haon chur isteach ar sheirbhísí traenach a bhainistiú; agus
- Córas fógartha poiblí ardchaighdeán a chlúdaíonn gach stáisiún agus ardán.

9.5 Tacsaithe agus Hacnaithe

Is iad seo a leanas cuspóirí an Údaráis maidir le beagfheithiclí seirbhíse poiblí (BSPanna), a chuimsíonn tacsaithe, hacnaithe agus limisíní, le linn thréimhse an Phlean:

- Líon na bhfeithiclí sa bhflít BSP atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a mhéadú;
- Soláthar agus cothabháil seirbhísí BSP d'ardchaighdeán, atá dírithe ar chustaiméirí agus atá rialáilte go hiomchuí chun leasa soláthraithe seirbhíse agus úsáideoirí poiblí a chur chun cinn;
- Comhlíonadh na gceanglas rialála a mhéadú trí chumarsáid agus forfheidhmiú;
- Seirbhís atá proifisiúnta, sábháilte, éifeachtúil agus tarraingteach do chustaiméirí a fhorbairt i gcás beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus seirbhísí áirithe, agus a chinntiú gur tosaíocht ag na seirbhísí sin é cosaint na n-úsáideoirí seirbhíse agus na soláthraithe seirbhíse araon; agus
- Tacaíocht a thabhairt do sholáthar stadanna breise tacsáí in áiteanna iomchuí.

Chun déileáil leis na cuspóirí thuas, cuirfidh an tÚdarás na bearta straitéiseacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Déanfaidh an tÚdarás iarracht inrochtaineacht ar an bhflít náisiúnta feithiclí a fheabhsú, agus sprioc á leagan amach aige go mbeidh 15% den fhlít oiriúnach do chathaoireacha rothaí roimh dheireadh 2021, agus go n-ardóidh an sprioc sin go 100% in 2035;

- Tháinig na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí) 2015 i bhfeidhm ar an 31 Eanáir 2015. In éineacht le hAchtanna um Rialáil Tacsaithe 2013 agus 2016, is ionann iad seo agus creat reachtach na hearnála. Déanfar an creat reachtach a athbhreithniú de réir mar is gá i rith thréimhse an Phlean chun a chinntiú go bhfuil caighdeáin chuí ann don tionscal;
- Leanfaidh an tÚdarás d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar chaighdeán na bhfeithicilí san fhlít trí chaighdeáin a rialú agus trí chigireachtaí a dhéanamh, ar a laghad uair sa bhliain, ar gach feithicil chun a hoiriúnacht lena húsáid mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí a dheimhniú;
- Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an tionscal agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an fhlít BSP, ach go háirithe maidir le feithicilí leictreacha;
- Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar an bpoitéinseal atá ann córas grádaithe cáilíochta a thabhairt isteach do thionscal na mbeagfheithicilí seirbhíse poiblí, chun feabhsú an tsoláthair seirbhíse do chustaiméirí a chur chun cinn agus, ag brath ar thorthaí an mheasúnaithe agus an chomhairliúcháin sin, cuirfear a leithéid de chóras i bhfeidhm;
- I gcomhairle leis an nGarda Síochána, déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar na riachtanais atá ann maidir le tosú mar oibreoir sa tionscal, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-oibreoirí atá sa tionscal cheana;
- Cuirfear leis an monatóireacht agus an forfheidhmiú dlíthiúil a dhéanfar ar na caighdeáin cuí feithicle agus tiománaí agus déanfar athbhreithniú orthu chun feabhas leanúnach a chinntiú le linn thréimhse an Phlean. Spreagfaidh an tÚdarás tuilleadh oibríochtaí comhpháirteacha i gcomhar le gníomhaireachtaí éagsúla forfheidhmithe, agus cuirfidh sé chun cinn iad, d'fhonn úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse a chosaint;
- Déanfar athbhreithniú ar tháillí tacsáí agus ar an timpeallacht reatha eacnamaíoch gach dara bliain nó ag cibé tréimhse eile a mheasann an tÚdarás a bheith oiriúnach;
- Cuirfidh an tÚdarás úsáid phoiblí an fheidhmchláir Driver Check chun cinn; is feidhmchlár sábháilteachta poiblí é seo a thugann deis do dhaoine stádas cláraithe tiománaí nó feithicil a sheiceáil; agus
- Tacóidh an tÚdarás le soláthar stadanna tacsáí ag suíomhanna cuí i gCathair Bhaile Átha Cliath agus in ionaid eile ghníomhaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil éileamh ann, agus cuirfidh sé comhtháthú seirbhísí BSP le modhanna eile iompair phoiblí chun cinn freisin. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis an údarás áitiúil maidir le soláthar stadanna tacsáí ag suíomhanna malartacha, i gcomhairle leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara, nuair a bheidh gá leis de bharr gníomhaíochtaí tógála, agus cuirfidh sé maoiniú ar fáil dóibh.

10 Comhtháthú agus Inrochtaineacht

10.1 An Cárta Leap

Rinneadh scéim an Chárta Leap a sheoladh go poiblí i mí na Nollag 2011.

I dtosach báire, seoladh Leap mar sparán leictreonach “Íoc Mar a Úsáidtear” inar baineadh úsáid as slischarta gan tadhall ath-inlódáilte. Nuair a cuireadh an scéim seo i bhfeidhm ar bhonn níos leithne, tugadh isteach an Cárta Taistil do Mhic Léinn, cártaí taistil do chuairoteoirí (ar fáil mar charta 1, 3, 7, 14, 21 agus 28 lá), cártaí teaghlaigh agus Cártaí pearsantaithe Tax saver Leap. Ag tús 2018, bhí os cionn 3 mhilliún cárta díolta, a úsáidtear le haghaidh os cionn 10 milliún turas in aghaidh na míosa. Baintear úsáid as Cárta Leap do thart ar 80% de na turais ar fad.

In 2015, sheol an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), ag obair i gcomhar leis an Údarás, leagan saorthaistil den Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP), lena gcuimsítear leagan den fheidhmchlár Chárta Leap atá taifeadta go leictreonach ar an CSP. Ní gá do chustaiméirí a bhfuil cearta saorthaistil acu ach an cárta a thadhall agus iad ag dul ar nó ag tuirlingt den fheithicil díreach mar an gcéanna leis na paisinéirí a íocann táille. Ag tús 2018, bhí os cionn 800,000 CSP ann a fuair cearta saorthaistil ón RCS.

Cuireann an Cárta Leap deiseanna ticéadaithe cliste ar leith ar fáil, lena n-áirítear caidhpeáil táillí (go laethúil agus go seachtanúil), lascaíní do thréthurais le cárta, agus uathbhreiseiú creidmheasa ar an toirt den luach sparáin atá ar an gcárta. Tugann an caidhpeáil táillí deis do chustaiméir a Chárta Leap a úsáid ar a mhéad seirbhísí is mian leo go laethúil nó go seachtanúil agus féadann siad a bheith cinnte go socrófar nó 'go gcaidhpeálfar' a gcostais ag ráta maith.

Tá tóir ar an mbreiseiú móibíleach creidmheasa a tugadh isteach in 2016 agus déantar os cionn 20% de gach breiseiú creidmheasa ar ghléasanna móibíleacha.

I rith thréimhse an Phlean, déanfaidh an tÚdarás measúnú ar fheabhsuithe eile, agus cuirfear i bhfeidhm iad más cuí sin, lena n-áirítear:

- Scéim an Chárta Leap a leathnú chuig na réigiúin chomharsanachta uile, go háirithe na limistéir chomaitéireachta ar feadh conairí iompair phoiblí, lena n-áirítear an trealamh atá riachtanach a chur isteach chun an córas Leap a fheidhmiú;
- Úsáid an Fheidhmchláir Cumarsáide Neasréimse (NFC) a leathnú, feidhmchlár a seoladh in 2016 chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna eile Leap, lena n-áirítear faisnéis stádas an chárta a chur in iúl do chustaiméirí; agus
- Úsáid scéim an Chárta Leap chun íoc as páirceáil ag suíomhanna páirceála agus taistil.

10.2 Ticéadú den Chéad Ghliúin eile

Tá an tÚdarás ag súil go dtiocfaidh sáithiú ar an éileamh don scéim Leap i rith thréimhse an Phlean seo agus go dtiocfaidh laghdú seasmhach ar úsáid airgid thirim chun íoc as turais. I gcás seirbhísí sa chathair, d'fhéadfadh nach ligfí do dhaoine íoc le hairgead tirim ar an mbus ar chor ar bith.

Tá sé sin an-tábhachtach maidir le seirbhísí á úsáidtear go minic, mar go mbíonn tionchar suntasach ag an luas bordála ar an am iomlán turais.

I réigiúin agus i gcathracha eile ar fud an domhain, tá íocaíochtaí as iompar poiblí agus as seirbhísí gaolmhara ag aistriú ó scéimeanna seanbhunaithe amhail Leap, nó Oyster i Londain, chuig samhla eile oibriúcháin. Tá údarais iompair ag baint leasa ach go háirithe as athruithe teicneolaíochta chun eispéireas i bhfad níos fearr a thabhairt do chustaiméirí. Tá na feabhsuithe as cuimse atá tagtha ar luas, méid agus costas na cumarsáide sonraí “tríd an aer” tar éis réimse deiseanna a chur ar fáil don earnáil a bheadh dochreidte roimhe seo.

In 2012, thug Transport for London úsáid cártaí bainc gan tadhall isteach mar rogha ar chártaí cliste Oyster. Cuireadh scéimeanna den chineál céanna i bhfeidhm i roinnt cathracha san Ísiltír agus tá go leor cathracha san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe ag aistriú chuig réitigh Chuntasbhunaithe lena dtugtar rogha do phaisinéirí cuntas a réamhlódáil, nó íocaíocht a sheoladh ó chuntas bainc nó cuntas eile le trí ID uathúil leictreonach (Fón póca, cárta cliste, cárta aitheantais, cárta bainc gan tadhall, etc.) a úsáid chun tadhall air/as agus iad ag taisteal. Brostaíonn na réitigh nua sin bordáil agus tuirlingt, cuireann siad roghanna íocaíochta taistil níos fearr ar fáil do chustaiméirí, agus soláthraíonn siad ticéadú simplí sothuigte ar dhóigh shlán áisiúil. Tá an tÚdarás ag forbairt an sonrúcháin maidir le teicneolaíochtaí ticéadaithe nua, ticéadú móibíleach, ticéadú barrachóid agus ticéadú le cártaí bainc gan tadhall.

I rith thréimhse an Phlean, tosóidh an tÚdarás ag cur réiteach cuntasbhunaithe i bhfeidhm a ghlacfaidh le cártaí bainc gan tadhall, le barrachóid agus le ticéid mhóibíleacha. Déanfar an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí a bhainistiú go cúramach agus ní mór go ndéanfar cinnte go gcoimeádfar buntáistí agus buanna na scéime Leap i rith na thréimhse aistrithe.

Ós rud é go bhfuil an trealamh ticéadaithe ar na busanna a úsáidtear faoi láthair ag druidim le “deireadh a shaolré”, oibreoidh an tÚdarás leis na soláthraithe seirbhíse chun pleananna cuí a fhorbairt chun an trealamh seo a athnuachan. Tacófar leis na soláthairtí sin tríd an bplean aistrithe chuig réiteach Cuntasbhunaithe, agus tacóidh an Fhaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí leis an gCárta Leap reatha.

Tá svuít córas Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) curtha i bhfeidhm ag an Údarás, bunaithe ar shonraí an Uathchórais Aimsithe Feithiclí (AVL), a chuireann oibreoirí iompair ar fáil do chórais a rialaítear go lárnach.

Faigheann na córais lárnacha sonraí ó gach seirbhís de chuid Bhus Átha Cliath, Go Ahead agus Bhus Éireann, agus ó na seirbhísí Iarnróid agus Luas, agus déantar na sonraí sin a phróiseáil chun tuartha rialta cruinne a chur ar fáil go díreach do chustaiméirí ar chúig bhealach dhifriúla:

- Os cionn 700 comhartha sráide ag stadanna bus agus ag príomhshuíomhanna;
- Trí Aip mhóibíleach atá ar fáil ar bheagnach gach ardán fóin chliste
- Ar líne trí láithreán gréasáin an Údarais atá dírithe ar chustaiméirí: www.transportforireland.ie;

- Ag na príomh-mhoil iompair, lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath, ar scáileáin chomhréidh nua-aimseartha, in éineacht le faisnéis ábhartha eile faoi iompar poiblí; agus
- Trí theachtaireacht SMS mhóibíleach a úsáid.

Is ionann cruinneas an chórais agus breis is 96% le haghaidh sheirbhísí bus Chathair Bhaile Átha Cliath i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, cruinneas atá i bhfad os cionn ghnáthchaighdeán an tionscail. Tá Bus Éireann ag obair leis an Údarás chun leibhéal cruinnis den chineál céanna a bhaint amach.

Tá an tÚdarás ag obair le hearnáil na mbusanna príobháideacha chun go bhféadfar sonraí óna gcuid seirbhísí a thaispeáint ar an gcóras RTPI freisin, agus tá sé de chuspóir acu ar dtús amanna sceidealaithe na n-oibreoirí príobháideacha a thaispeáint i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá sonraí sceidealaithe ar taispeáint faoi láthair i gcás roinnt oibreoirí príobháideacha.

Tá sé i gceist leanúint de scáileáin RTPI a chur i bhfeidhm i suíomhanna eile agus measúnú a dhéanamh ar shocruithe eile chun soláthar níos leithne faisnéise maidir le hamanna sroichte a chur ar fáil.

10.3 Pleanáil Turais

Tá an tÚdarás tar éis Pleanálaí Turais Náisiúnta d'iompar poiblí a fhorbairt ar an ngréasán chun go mbeifear in ann aon turas iompair ar oileán na hÉireann a réamhphleanáil, lena n-áirítear turais i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ó dhoras go doras, agus an siúl san áireamh. Taispeánann an Pleanálaí Turais roghanna maidir le táillí agus faisnéis fíor-ama d'úsáideoirí gréasáin agus feidhmchláir. Rinneadh Feidhmchlár ar leith a fhorbairt le haghaidh turais rothaíochta a phleanáil. Tá na Pleanálaithe ar fáil ach na modhanna seo a leanas a úsáid:

- Feidhmchlár móibíleach – Real Time Ireland (Apple iPhones agus gléasanna Google Android);
- Ar líne trí láithreán gréasáin an Údaráis atá dírithe ar chustaiméirí, www.transportforireland.ie.

Thar tréimhse an Phlean, cuirfidh an tÚdarás tuilleadh feabhais ar fheidhmíocht agus soláthar faisnéise an Phleanálaí agus déanfaidh siad athbhreithniú orthu ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis suas chun dáta maidir leis na seirbhísí iompair phoiblí ar fad atá ar fáil acu i gcónaí.

Féachfaidh an tÚdarás le leagan den Aip mhóibíleach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le daoine atá faoi mhíchumais éagsúla. Úsáidfí an Aip faisnéis shuíomhbhunaithe chun comhairle a thabhairt d'úsáideoirí maidir le suíomh stadanna agus tuartha fíor-ama do na seirbhísí atá ar tí teacht. Is dócha chomh maith go gcuirfidh an Aip comhairle ar fáil maidir le stadanna atá le teacht le linn an turais.

10.4 BusConnects – Athbhreithniú ar Tháillí

Is gné ríthábhachtach de mheallacht an iompair phoiblí iad táillí atá sothuigte agus iomaíoch. Gach bliain, cuireann oibreoirí iarratais isteach chuig an Údarás ar athruithe ar tháillí agus cead i dtaca le lascaí margáochta a chur i bhfeidhm. I ndiaidh anailís mhionsonraithe a dhéanamh, foilsíonn an tÚdarás cinntí foirmeálta a leagann amach na leibhéil fhaofa táillí agus na cúiseanna le haon ardú nó laghdú a dhéantar ar tháillí. Chomh maith le harduithe táillí a fhaomhadh atá riachtanach chun seirbhísí a chosaint, tá iarracht déanta ag an Údarás, i gcás gach cinneadh faoi tháillí, na táillí casta a shimpliú agus comhsheasmhacht a bhaint amach ar fud na seirbhísí ar fad.

Le linn thréimhse an Phlean, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:

- Tuilleadh dul chun cinn ar tháillí iompair phoiblí a chomhtháthú do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus do na cathracha réigiúnacha;
- Táillí Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas a shimpliú níos mó trí éagsúlacht na dtáirgí atá ar fáil a laghdú;
- Tacaíocht leanúnach a thabhairt don difríocht idir na táillí Leap agus na táillí airgid chun úsáid Leap a spreagadh, agus an difríocht sin a mhéadú de réir mar is cuí;
- An bealach is fearr a lorg chun táillí a shocrú ag an teorainn idir Chrios Turas Gairid Iarnróid Éireann, an crios comaitéireachta lasmuigh agus táillí idirchathracha;
- An struchtúr táillí a fhorbairt chun turais idirmhódúla a spreagadh;
- Dreasachtaí do tháillí ilturais agus táillí idirmhalartacha a fhorbairt tríd an gCárta Leap;
- Fáil réidh le neamhréireachtaí i gcóras cianphraghsála Bhus Éireann de réir a chéile; agus
- Leanúint de chomhsheasmhacht níos fearr a fhorbairt ar fud na n-oibreoirí maidir le cianphraghsáil/criosphraghsáil, praghsáil lascaine, agus praghsáil do leanaí/daoine óga agus mic léinn.

10.5 Branda Iompair Phoiblí

Tá cumas an Údarais maidir le forbairt branda iompair phoiblí leagtha amach in Alt 57(2) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, ina sonraítear an méid seo: *“Déanfaidh an tÚdarás, d’fhonn iompar poiblí a chur chun cinn, branda aonair iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus cur i ngníomh branda aonair a áirithiú, ar branda é a bheidh le húsáid ag na hoibritheoirí iompair phoiblí go léir a sholáthraíonn seirbhísí de réir conradh seirbhísí iompair phoiblí leis an Údarás i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath”*.

Nuair a bunaíodh é, shainaithin an tÚdarás an gá a bhí le cuíchóiriú a dhéanamh ar an sreabhadh faisnéise do chustaiméirí iompair phoiblí. Ní raibh pointe nó tairseach aonair ann a d’fhéadfadh daoine a úsáid chun turas a phleanáil idir aon dhá phointe in Éirinn trí bhithin na rudaí seo a leanas:

- Pleanáil Turais;
- Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí;

- Léarscáileanna; agus
- Amchláir.

Cruthaíodh branda comhaontaithe, Transport for Ireland, chun go gcuirfí réiteach 'eintiteas aonair – ionad ilfhreastail' ar fáil, a chuimseodh na soláthraithe éagsúla iompair.

Is é cuspóir an bhranda ná go ndéanfaí níos éasca do chustaiméirí agus do chuairoteoirí ar Éirinn é an córas iompair a shainaithint agus a úsáid go héifeachtach agus go mbeadh rochtain éasca acu ar fhaisnéis faoi gach gné den taisteal, amhail amchláir, etc. Feabhsaíonn agus tacaíonn an branda le soláthar seirbhísí na gcuideachtaí príobháideacha agus poiblí bus, agus cuireann sé in iúl don phobal go bhfuil siad ag taisteal laistigh de chreat iompair náisiúnta atá rialáilte go poiblí.

Tá a láithreán gréasáin féin ag an mbranda, a chuireann tairseach ar fáil inar féidir teacht ar sheirbhísí amhail an Pleanálaí Turais Náisiúnta, Faisnéis Fíor-Ama, Leap, faisnéis do thomhaltóirí tacsáí, agus faisnéis faoi chearta paisinéirí. Úsáidtear é ar na haipeanna éagsúla atá seolta ag an Údarás agus feidhmíonn sé mar chomhbhranda in éineacht le brandaí na n-oibreoirí ar conradh atá le feiceáil ar fhlíteanna, ar a láithreáin ghréasáin, agus ar bhileoga eolais.

Tá brandaí láidre ag na hoibreoirí aonair agus cuireann siad go mór le cur chun cinn iompair phoiblí in Éirinn, ach ní chuireann siad ach cuid bheag den tairscint atá ann don phobal in iúl. Le linn thréimhse an Phlean, ní mór a chur ina luí ar an bpobal go bhfuil ann do chóras comhtháite agus deiseanna ilchóracha chun turais a dhéanamh, agus go bhfuil faisnéis ar fáil go héasca.

Le linn thréimhse an Phlean, déanfaidh an tÚdarás na rudaí seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh branda iompair phoiblí chomhaontaithe amháin chur chun cinn do gach feithicil iompair phoiblí sceidealaithe a fhreastalaíonn ar Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath chun cabhrú le daoine an gréasán iompair phoiblí a thuiscint mar eintiteas amháin. Beidh branda Transport for Ireland ar taispeáint go soiléir ar na meáin faisnéise iompair ar fad, ar thicéid agus ag na stadanna agus na stáisiúin uile agus, le himeacht ama, ar gach feithicil iompair phoiblí sceidealaithe.
- An bhrandáil a léiriú ar threochoimharthaí a thaispeánann an bealach go dtí agus ó stadanna agus stáisiún iompair phoiblí i lár gach baile, agus cuirfear leis sin, nuair is cuí, le léarscáileanna áitiúla a léiríonn stadanna bus agus stáisiúin iarnróid, lonnaithe go feiceálach i lár bailte;
- An bhrandáil a úsáid ar léarscáileanna seirbhísí ar leith, agus cuirfear léarscáileanna den ghréasán iompair phoiblí in éineacht leo, nuair is cuí, ag stadanna bus, stáisiúin iarnróid agus i bhfeithiclí iompair phoiblí;
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí lárionad amháin glaonna ar bun le haghaidh faisnéis iompair phoiblí;
- I gcomhréir leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, cuirfear brandáil bus nua i bhfeidhm, rud a chomhtháthóidh feithiclí bus de chuid oibreoirí éagsúla agus de chineálacha éagsúla; agus

- An láithreán gréasáin www.transportforireland.ie a fheabhsú agus a fhorbairt chun go mbeidh sé ar aon chaighdeán leis na samplaí idirnáisiúnta is fearr dá bhfuil ann.

10.6 Inrochtaineacht

Tá feabhsuithe rochtana ar sheirbhísí iompair phoiblí ar fud na tíre á gcur chun cinn i gcomhthéacs Phlean Earnála na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, *Inrochtaineacht Iompair do Chách*, an Achta um Míchumas, 2005, agus na straitéisí Rialtais lena mbaineann, go háirithe an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine faoi Mhíchumais a Ionchuimsiú 2017-2021. Leagtar amach i bplean na Roinne sraith cuspóirí agus spriocanna beartais chun iompar poiblí inrochtana a bhaint amach do gach modh iompar agus tá dul chun cinn suntasach déanta air sin le blianta beaga anuas.

Cuirfear gnéithe rochtana, amhail rochtain do chathaoireacha rotha agus cúnamh fuaime/amhairc, san áireamh leis an mbonneagar nua ar fad agus na feithiclí iompair phoiblí ar fad ón chéim dearaidh, agus beidh córais nua amhail an Luas iomlán inrochtana.

Tá feabhsuithe rochtana ar an gcóras iompair phoiblí níos sine atá ann á gcur i bhfeidhm a oiread agus is féidir ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

Le roinnt blianta anuas, tá méadú mór ar líon na bhfeithiclí inrochtana iompair phoiblí, chomh maith le rochtain níos fearr ar go leor den bhonneagar iompair phoiblí. Rinneadh athruithe ar an mbealach a soláthraítear seirbhísí iompair agus freisin ar an mbealach a ndéantar an taighde agus an comhairliúchán riachtanach chun an bealach a réiteach le tuilleadh bearta inrochtana a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Baineadh go leor spriocanna amach cheana agus tá dul chun cinn suntasach déanta i dtreo spriocanna éagsúla eile a bhaint amach. Tá obair ar siúl go fóill maidir leis na spriocanna atá fágtha, lena n-áirítear trí na deontais feabhsaithe inrochtaineachta faoin gClár Inrochtaineachta chun stadanna inrochtana bus a shuiteáil, stáisiúin traenach a uasghrádú ionas go mbeidh siad oiriúnach do chathaoireacha rotha, agus níos mó feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rotha a thabhairt isteach san fhlít tacsaithe.

Déanfaidh an tÚdarás cinnte de go leanfaidh an clár infheistíochta agus a bpleananna seirbhíse de spriocanna náisiúnta na Roinne maidir leis an inrochtaineacht a bhaint amach.

10.6.1 Inrochtaineacht do Bhusanna

Tá sé de chuspóir ag an Údarás go mbeadh seirbhísí bus ar fáil do gach úsáideoir agus go gcinnteofaí i bpleananna infheistíochta agus i gcleachtais seirbhíse go dtabharfar aird ar riachtanais ar leith na ndaoine siúd atá faoi mhíchumas.

Tá 100% de fhlít Bhus Átha Cliath feistithe le húrláir ísle atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus déanfar é sin a choinneáil amhlaidh sa chlár infheistíochta i mbonneagar. Cinnteoidh sé sin go mbeidh gach bus sceidealaithe atá mar chuid de sheirbhísí bus Chathair Bhaile Átha Cliath atá fóirdheonaithe ag an Údarás i gcónaí oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus beidh socruithe bordála, suíocháin agus leagan amach taobh istigh atá oiriúnach do riachtanais na bpaisinéirí ar fad iontu.

Tá flít iomlán bus Chathair Bhaile Átha Cliath feistithe anois le fógraí fuaime faoin gcéad stad eile, agus tá beagnach 90% de feistithe le fógraí físe maidir leis an gcéad stop eile. Is cuid den seanfhlít iad na feithiclí nach bhfuil na háiseanna fuaime agus físe sin acu agus cuirfear feithiclí nua ina n-áit i mblianta tosaigh an Phlean. Déanfar gach bus nua a cheannaítear don fhlít faoin bplean a fheistiú leis na háiseanna seo.

Beidh an flít ar fad a fheidhmítear faoi na seirbhísí conraithe nua i limistéar Bhaile Átha Cliath feistithe le húrláir ísil atá oiriúnach do chathaoireacha rotha agus le haonaid fuaime agus amhairc a fhógraíonn an chéad stad eile.

Feidhmíonn Bus Éireann flít meascthe bus agus cóiste le haghaidh seirbhísí comaitéireachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. San iomlán, tá áiseanna de shaghas éigin atá oiriúnach do chathaoireacha rotha ar timpeall 85% dá fhlít cóistí. Beidh méadú go dtí 100% air seo le linn thréimhse an Phlean.

Tá spás amháin do chathaoireacha rotha ar na cóistí inrochtana, agus éilítear ar úsáideoirí cathaoireacha rothaí suíochán a chur in áirithe 24 uair roimh ré. Ag tús thréimhse an Phlean, reáchtálfar scéim phíolótach maidir leis an bhféidearthacht, flít bus le húrláir ísle atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a chur i bhfeidhm, nach gá suíocháin a chur in áirithe orthu roimh ré, ar bhealaí cuí laistigh den ghréasán comaitéireachta.

Chun cur le húsáid busanna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí ar bhealach áirithe, ní mór suíomhanna stad bus atá suite agus deartha go hiomchuí a chur ar fáil. Cuirfear ar fáil iad seo bunaithe ar an mbealach, agus beidh siad ag teacht leis an bhflít cóistí atá go hiomlán inrochtana. Ina theannta sin, feistítear gach bus agus cóiste nua le córais fógartha poiblí, chomh maith le córais fuaime agus amhairc faoin gcéad stad eile.

Tá uasghráduithe inrochtaineachta déanta i roinnt stáisiún de chuid Bhus Éireann ar fud na tíre le blianta beaga anuas. É sin ráite, tá gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ag stáisiún éagsúla bhus agus déanfar an obair sin a chur i gcrích trí Chlár Inrochtaineachta ar leith de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Úsáideann roinnt oibreoirí príobháideacha feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Cuirfear bearta i bhfeidhm tríd an gcóras ceadúnaithe chun méadú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhísí inrochtana atá ar fáil mar chuid de sheirbhísí a bhfuil ceadúnas tráchtála acu do phaisinéirí bus.

10.6.2 Inrochtaineacht don iarnród

Tá an rothstoc feidhmiúil ar fad (DART, comaitéireacht & Idirchathrach) inrochtana go himmheánach dóibh siúd atá faoi mhíchumas luaineachta. Agus an flít nua á shonrú, breithneofar saincheist na rochtana go cúramach i gcás na bhfeithiclí nua, lena n-áirítear an acmhainn maidir le rochtain feabhsaithe ó ardán go traen d'úsáideoirí cathaoireacha rotha.

Ó 2000 ar aghaidh, dearadh agus tógadh gach stáisiún traenach nua de réir na gcaighdeán inrochtaineachta/an deachleachtais idirnáisiúnta maidir le hinrochtaineacht. Maidir leis na stáisiúin atá ann, tá clár a bhainistíonn an tÚdarás thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta

agus Spóirt á chur i bhfeidhm faoi láthair chun inrochtaineacht stáisiún éagsúil de chuid Iarnróid Éireann a fheabhsú ar fud an Stáit.

Dearadh an córas Luas ón tús le go mbeadh rochtain ag gach duine air. Cuimsíonn na gnéithe inrochtana ar thramanna bratú úrláir frithshleamhnánach, dorais leathana, lámhráilí ard-infheictheachta, dhá limistéar tiomnaithe do chathaoirí rothaí, ceithre shuíochán tosaíochta dóibh siúd atá faoi mhíchumas luaineachta, aonaid taispeána dhigiteacha d'ainmneacha stadanna agus d'fhaisnéis eile, fógraí fuaime uathoibríocha ar bord agus lúbanna ionductaithe do phaisinéirí a úsáideann áiseanna éisteachta. Féadtar rochtain a fháil ar stadanna ar ardaitheoirí nuair is gá, agus bíonn rampaí ar thaobh amháin nó ar dhá thaobh na n-árdán chun go mbeidh paisinéirí ábalta na ráilí a thrasnú ar leibhéal na ráilí. Rinneadh na gnéithe seo a chóipeáil nuair a tógadh an Luas Traschathrach.

10.6.3 Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

I Meitheamh 2018, ba é líon na bhfeithiclí a bhí oiriúnach do chathaoirí rothaí i bhflít na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) ná timpeall 9.3% den fhlít iomlán. San iomlán, bhí 1,899 feithicil oiriúnacha do chathaoirí rothaí san fhlít amháin Meitheamh 2018 i gcomparáid le 850 in 2014. Faoi Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, tá sé mar chuspóir go mbeadh 10% den fhlít oiriúnach do chathaoirí rothaí roimh 2020 agus 100% den fhlít oiriúnach do chathaoirí rothaí roimh 2035.

10.6.4 Cearta Paisinéirí agus Inrochtaineacht

Iarnród

Tá forálacha sainiúla i Rialacháin an AE 1371/2007 um chearta agus oibleagáidí paisinéirí a bhaineann le cearta dhaoine faoi mhíchumas agus cearta daoine faoi mhíchumas luaineachta. Ainmníodh an tÚdarás mar an comhlacht naisiúnta forfheidhmithe i mí na Nollag 2010.

Feidhmíonn reachtaíocht an AE maidir le cearta paisinéirí iarnróid chun a chinntiú gur féidir le paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta taisteal ar dhóigh atá incomparáide le saoránaigh eile. Ní mór do chuideachtaí iarnróid agus do bhainisteoirí stáisiún rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha a bhunú d'iompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil deacrachtaí luaineachta acu, lena n-áirítear seandaoine mar shampla.

Ní foláir do chuideachtaí iarnróid cúnamh saor in aisce a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil deacrachtaí luaineachta acu ar bord traenach agus le linn dóibh bordáil nó tuirlingt de thraein. Cuirtear cúnamh ar fáil ar choinníoll go ndéanfaí riachtanas cúnamh an duine a chur in úil don chuideachta iarnróid, don bhainisteoir stáisiún, don díoltóir ticéad nó don tionscnóir turas ar a laghad 48 uair sula mbeidh an cúnamh ag teastáil.

Báid Farantóireachta

Chruthaigh Rialachán 1177/2010 an AE cearta do phaisinéirí a thaistealaíonn ar muir agus ar uiscí intíre. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm ón 18 Nollaig 2012 agus ainmníodh an tÚdarás mar an gcomhlacht forfheidhmithe náisiúnta freagrach chun críocha an Rialacháin in Éirinn. Tá an Rialachán cosúil leo siúd sna hearnálacha eitlíochta agus iarnróid. Cuimsíonn na cearta neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta.

Bus/Cóiste

Ar deireadh, clúdaíonn Rialachán ón AE 181/2011 cearta paisinéirí a thaistealaíonn ar bhusanna/cóistí fadraoin agus ghlac an tÚdarás an ról mar an gcomhlacht náisiúnta forfheidhmithe dó sin i mBealtaine 2013.

Faoi réir eisceachtaí áirithe, baineann an rialachán seo le paisinéirí a thaistealaíonn ar ghnáthsheirbhísí áit a bhfuil an pointe bordála nó tuirlingthe laistigh den Aontas Eorpach agus áit a bhfuil achar sceidealaithe na seirbhíse 250 km nó níos mó. Baineann cuid dá fhorálacha le gach seirbhís, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil fad gearr ag baint leo.

Tá na cearta nua a bhaineann le seirbhísí fadraoin (i.e. atá níos mó ná 250 km) infheidhme sna cásanna seo a leanas:

- cúnamh speisialta saor in aisce do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil deacrachtaí luaineachta acu ag críochfoirt agus ar bord agus, nuair is gá, iompar saor in aisce do dhaoine atá in éindí leo.

Ina theannta sin, tá cearta ann a bhaineann le gach seirbhís (lena n-áirítear iad siúd atá faoi 250km), lena n-áirítear:

- déileáil le daoine faoi mhíchumas nó le daoine faoi mhíchumas luaineachta ar dhóigh neamh-idirdhealraitheach chomh maith le cúiteamh airgid do chaillteanas nó damáiste a dhéantar do threalamh luaineachta i gcás timpiste; agus
- bunrialacha maidir le faisnéis taistil do gach paisinéir roimh agus i rith a dturais, chomh maith le faisnéis ghinearálta faoina gcearta ag críochfoirt agus ar líne; i gcás arb indéanta, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirmeacha inrochtana nuair a iarrtar é.

Déileálfaidh an tÚdarás go pras le gach gearán a fhaightear maidir le cearta paisinéirí ar thraenacha, busanna, cóistí, agus báid farantóireachta agus ordóidh sé go ndéanfar athruithe ar chleachtais oibriúcháin, nuair is gá, chun tacaíocht a thabhairt do chearta inrochtaineachta.

10.7 Sábháilteacht agus Slándáil Phearsanta

Is é ceann de phríomhchuspóirí an phlean seo úsáid iompair phoiblí a mhéadú. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór do thraenacha, tramanna agus busanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bheith sábháilte agus go gceapadh an pobal go bhfuil siad sábháilte an t-am ar fad, i ngach áit. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle leis na hoibreoirí iompair agus na húdaráis áitiúla agus leis an nGarda Síochána chun leas, sábháilteacht agus slándáil phearsanta an phobail taistil a chosaint, agus déanfaidh sé infheistíocht i mbonneagar feabhsaithe nuair a mheastar gur gá sin.

11 Rioscaí agus Sriantha

11.1 Achoimre

Cosúil le gach clár, ní mór aird a thabhairt ar na príomhshriantha agus na príomhrioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chur i gcrích na mbeart éagsúil atá leagtha amach sa Phlean. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag tosca seachtracha éagsúla ar dhul chun cinn scéimeanna agus tograí áirithe. I gcásanna áirithe, is féidir bearta maolaithe a chur i bhfeidhm chun drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú ach i go leor cásanna, níl bearta feabhsaithe de shainchúram an Údaráis.

In ainneoin an mhéid sin, tá an tÚdarás tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn agus cibé bearta is gá a mheastar a bheith indéanta agus faoi rialú an Údaráis a ghlacadh chun rioscaí a mhaolú agus dul i ngleic le sriantha.

Déanann na codanna seo a leanas mionsonrú ar na príomhshriantha agus na príomhrioscaí a bhaineann leis an bPlean agus ar gá aird a thabhairt orthu.

11.2 Sriantha

Tá líon suntasach sriantha ann a d'fhéadfadh dul i dtionchar ar chur i gcrích an Phlean. San áireamh leo siúd tá:

- a) **Acmhainní an Údaráis:** is iad acmhainní pearsanra an Údaráis ceann de na príomhshriantha a d'fhéadfadh dul i gcion ar chur i gcrích an chláir. De réir thograí an Phlean, beidh tuilleadh acmhainní pearsanra ag teastáil ón Údarás chun an leibhéal infheistíochta caipitil agus forbartha seirbhíse a bhaint amach le linn thréimhse an Phlean. Táthar ag plé na ceiste sin ag leibhéal an Rialtais lárnaigh faoi láthair;
- b) **Acmhainní na gníomhaireachta:** laistigh de ghníomhaireachtaí áirithe, go háirithe údaráis áitiúla, beidh acmhainní breise ag teastáil chun na cláir rothaíochta agus siúil a chur i gcrích agus chun forbairt an ghréasáin bus agus na bearta bainistíochta tráchta éagsúla ar gá leo faoin bPlean a bhaint amach. Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht do na gníomhaireachtaí ábhartha ar fad chun an pearsanra breise is gá a fháil;
- c) **Maoiniú:** ceann de na príomhshriantha is mó ná an méid maoinithe a bheidh ar fáil chun na tograí atá riachtanach chun ár gcóras iompair a uasghrádú a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil próifíl tháscach mhaoiniúcháin tugtha ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, beidh leithdháileadh an mhaoinithe sin ina dhiaidh sin gach bliain rithábhachtach chun go bhféadfaí tograí an Phlean a bhaint amach. Maidir leis an maoiniú atá ar fáil faoin mbuiséad reatha a thugann tacaíocht d'íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus do chostais riaracháin an Údaráis, beidh cur ar fáil maoinithe leordhóthanaigh rithábhachtach chun tacú le cur i bhfeidhm na bhfeabhsuithe ábhartha; agus

- d) **Acmhainní tionscail:** beidh na mílte daoine speisialaithe, idir dhaoine proifisiúnta sa dearadh innealtóireachta, bhainisteoirí tionscadail agus cheardaithe, ag teastáil chun an Plean seo a chur i gcrích. aistigh den tionscal innealtóireachta sibhialta, tá fianaise ann go bhfuil easpa acmhainní speisialaithe i réimsí áirithe, amhail daoine proifisiúnta sa dearadh innealtóireachta. D'fhéadfaí an easpa sin a mhaolú trí acmhainní idirnáisiúnta a úsáid agus cuideachtaí a úsáid a bhfuil rochtain acu ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta.

11.3 Rioscaí

Amhail gach mórfhlean infheistíochta, tá rioscaí éagsúla ann a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chur i gcrích na dtograí beartaithe. I gcás an Phlean seo, is iad seo a leanas cuid de na príomhrioscaí a aithníodh:

- a) **Ceadanna pleanála:** tá cur i gcrích an chláir ag brath ar cheadanna pleanála a fháil gan mhoill. Mura bhfaighfí na ceadanna riachtanacha pleanála laistigh d'achar ama réasúnta, beidh tionchar aige sin ar thosú agus chur i gcrích na dtionscadal ábhartha;
- b) **Agóidí dlíthiúla:** tá sé de cheart ag daoine agus ag eagraíochtaí agóidí dlíthiúla in aghaidh cinntí agus pleananna a thabhairt trí chóras na gcúirteanna, agus cintíonn sé sin go gcosnófaí cearta an duine agus go gcloífí leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm. Má chloítear go docht le deachleachtas agus le riachtanais reachtúla, maolófaí an fhéidearthacht go n-éireoidh le hagóidí;
- c) **Boilsciú tógála:** tá na costais tógála in Éirinn agus ar fud iarthar na hEorpa ag méadú, rud ar gá aird a thabhairt air i gcás mórtionscadail bhonneagair, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar na costais a bhaineann le cur i gcrích tionscadal;
- d) **Arduithe costais:** baineann an poitéinseal atá ann go n-ardófaí costais le go leor cúinsí éagsúla, lena n-áirítear méadú ar scóp an tionscadail, fadhbanna maidir le meastachán costas, boilsciú costais agus bainistíocht uireasach tionscadal. D'fhéadfadh bearta amhail rialaithe dochta ar scóip agus ar bhuiséid, chomh maith le bainistíocht phroifisiúnta tionscadail, an riosca sin a mhaolú;
- e) **Caidreamh tionsclaíoch:** d'fhéadfadh cur i bhfeidhm cuid de bhearta an Phlean fadhbanna caidrimh thionsclaíoch a chruthú. Tá creat cuimsitheach i bhfeidhm ag an Stát chun díospóidí tionsclaíocha a réiteach; agus
- f) **Moilleanna ama:** tá cur i gcrích tráthúil na mbearta atá leagtha amach sa Phlean riachtanach le go mbainfí amach na torthaí beartaithe. Lagaíonn agus cuireann siar moilleanna ama na tairbhí atá le fáil ó thionscadal nó feabhsúchán seirbhíse áirithe. Cuirfear bearta cúramacha bainistíochta tionscadail i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar thráthúlacht chur i gcrích na dtionscadal.